The North/South Language Body
Annual Report and Accounts
for the year ended
31 December 2002

An Foras Teanga
Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais
don bhliain dár chríoch
31 Nollaig 2002

Tha Boord o Leid
An Acoont o tha Darg
for the year hinmaist
31 Decemmer 2002

Tha Boord o Ulstèr-Scotch
Ulster-Scots Agency

Foras na Gaeilge

Foras na Gaeilge

www.gaeilge.ie

Foras na Gaeilge
7 Cearnóg Mhuirfean
Baile Átha Cliath 2.
T: 1850 325 325 / 0845 3098142 (TÉ)
R: eolas@forasnagaeilge.ie

Foras na Gaeilge
Teach an Gheata Thiar,
2-4 Sráid na Banríona
Béal Feirste
BT1 6ED
T: 028 (048) 9089 0970
R: eolas@forasnagaeilge.ie

Tha Boord o Ulstèr-Scotch

www.ulsterscotsagency.com

Tha Boord o Ulstèr-Scotch
Franklin Haw
5t Flare
10-12 Brunswick Raa
Bilfawst
BT2 7GE
T: 028 9023 1113
F: 028 90231898
E:info@ulsterscotsagency.org.uk

Foras na Gaeilge
7 Merrion Square
Dublin 2
T: 1850 325 325 / 0845 3098142 (NI)
E: eolas@forasnagaeilge.ie

Foras na Gaeilge
Westgate House
2-4 Queen Street
Belfast
BT1 6ED
T: 028 (048) 9089 0970
E: eolas@forasnagaeilge.ie

The Ulster-Scots Agency
Franklin House
5th Floor
10-12 Brunswick Street
Belfast
BT2 7GE
T: 028 9023 1113
F: 028 90231898
E: info@ulsterscotsagency.org.uk

The North / South Language Body

Annual Report and Accounts

for the year ended 31 December 2002

Laid before each House of Parliament
in accordance with the North/South Co-operation
(Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order 1999 Schedule 1, Annex 2, Part 7,
paragraphs 1.3 and 2.6

---

2 May 2007

Ordered by The House of Commons to be printed
2 May 2007

HC 461 LONDON: The Stationery Office £24.00

Contents

Board Members of The Language Body *2*

Joint Introduction *3*

Report of Foras na Gaeilge *4*

Report of Tha Boord o Ulstèr-Scotch *29*

Financial Statements *50*

Clár

Comhaltaí Boird an Fhorais Teanga *2*

Comhréamhrá *3*

Tuairisc Fhoras na Gaeilge *4*

Tuairisc Tha Boord o Ulstèr-Scotch *29*

Ráitis Airgeadais *50*

Board Members of The Language Body

Lord Laird of Artigarvan (Tha Boord o Ulstèr-Scotch Chairman)

Maighréad Uí Mháirtín (Foras na Gaeilge Chairperson)

Liam Corey*
Anne Craig*
Jim Devenney**
John Erskine** (Completed term 12 December 2002)
Dr Linde Lunney**
Gordon McCoy*
Patrick Mc Glone*
John McIntyre** (Completed term 12 December 2002)
Aodán Mac Póilin*
Gearóid Mac Siacais*
Treasa Ní Ailpín*
Caitríona Ní Cheallaigh* (Appointed 13 December 2002)
Jacqueline Ní Fhearghusa*
Mairéad Nic Seaghain* (Appointed 15 April 2002)
Maolsheachlainn Ó Caollaí*
Leachlain Ó Catháin*
Liam Ó Cuinneagáin*
Eddie O' Donnell**
Pádraig Ó Duibhir*
Gearóid Ó hEara*
Diarmuid Ó Murchú* (Appointed 13 December 2002)
Séamus Ó Tonnaigh* (RIP January 16 2002)
Dr Philip Robinson** (resigned 22 July 2002)
Alastair Simpson** (Appointed 13 December 2002)
Robert Stoker** (Appointed 13 December 2002)
Bríd Uí Néill*
Pat Wall**

* Foras na Gaeilge
** Tha Boord o Ulstèr Scotch

Comhaltaí Boird an Fhorais Teanga

An Tiarna Laird Ard Tí Garbháin (Cathaoirleach Tha Boord o Ulstèr-Scotch)

Maighréad Uí Mháirtín (Cathaoirleach Foras na Gaeilge)

Liam Corey*
Anne Craig*
Jim Devenney**
John Erskine** (Chríochnaigh a théarma 12 Nollaig 2002)
Dr Linde Lunney**
Gordon McCoy*
Patrick Mc Glone*
John McIntyre** (Chríochnaigh a théarma 12 Nollaig 2002)
Aodán Mac Póilin*
Gearóid Mac Siacais*
Treasa Ní Ailpín*
Jacqueline Ní Fhearghusa*
Caitríona Ní Cheallaigh* (Ó 13 Nollaig 2002)
Mairéad Nic Seaghain* (Ó 15 Aibreán 2002)
Maolsheachlainn Ó Caollaí*
Leachlain Ó Catháin*
Liam Ó Cuinneagáin*
Eddie O'Donnell**
Pádraig Ó Duibhir*
Gearóid Ó hEara*
Diarmuid Ó Murchú* (Ó 13 Nollaig 2002)
Séamus Ó Tonnaigh* (RIP Eanáir 16 2002)
Dr Philip Robinson** (Éirithe as 22 Iúil 2002)
Alastair Simpson** (Ó 13 Nollaig 2002)
Robert Stoker** (Ó 13 Nollaig 2002)
Bríd Uí Néill*
Pat Wall**

* Foras na Gaeilge
** Tha Boord o Ulstèr Scotch

Joint Introduction

The North/South Language Body is pleased to present its Annual Report and Accounts for the year 2002. While the two Agencies which form the Language Body continued to face different challenges to their service delivery and linguistic development, the continuing development of joint working initiatives assisted the development of a positive working relationship which continues to flourish to this day.

During the year Foras na Gaeilge commenced a recruitment campaign to enhance the capacity and capability of the organisation. This will be continued in the future to enable us to address the challenges and opportunities which face the language. As a result of recruitment Foras na Gaeilge announced the appointment of two new Directors, Corporate Services and Development Services. Foras na Gaeilge also opened its Belfast Office. Staff for this office will be recruited in the New Year.

One of the major initiatives The Ulster Scots Agency established was the Education project at Stranmillis University College. This was a highly significant step towards the production of materials suitable for use in the classroom.
The Agency decided to publish a pilot edition of a newspaper dedicated to the promotion of the Ulster-Scots language and culture, in the autumn of 2002.
While the newspaper was intended to serve as a useful tool for communicating important Agency news to Ulster-Scots communities, it would also be an invaluable way of communicating to non Ulster-Scots about the language and culture.

As the Language Body and its two Agencies have evolved the benefits of their development have become apparent to all communities on the island of Ireland and we look forward to gathering and presenting evidence of our individual or joint working successes in future years.

Maighréad Uí Mháirtín
CHAIRPERSON
FORAS NA GAEILGE

Mark Thompson
CHAIRMAN
THA BOORD O ULSTÈR-SCOTCH

Comhréamhrá

Tá lúcháir ar an Fhoras Teanga a Thuarascáil Bhliantúil agus Chuntais don bhliain 2002 a chur i láthair. In ainneoin nárbh ionann na dúshláin ar leith a bhí roimh an dá Ghníomhaireacht ar comhchodanna den Fhoras Teanga iad, ó thaobh seachadta seirbhísí agus forbartha teanga de, cuireadh roinnt comhthionscnamh oibre ar bun a leag síos dúshraith mhaith don chomhoibriú dearfach a leanann i gcónaí.

Le linn na bliana chuir Foras na Gaeilge tús le feachtas earcaíochta leis an eagraíocht a chumasú. Leanfar den obair seo sa todhchaí le go mbeidh an eagraíocht in inmhe tabhairt faoi na dúshláin agus na deiseanna atá roimh an teanga. Mar thoradh ar an phróiseas seo ceapadh Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha agus Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha. Chomh maith leis seo osclaíodh oifig Fhoras na Gaeilge i mBéal Feirste. Earcófar foireann don oifig seo san athbhliain.

Chuir Bord na hUltaise tús le tionscadal oideachais ag Coláiste Ollscoile an tSrutháin Mhilis. Céim mhór chun tosaigh a bhí sa tionscadal seo a chuirfidh áiseanna oiriúnacha teagaisc ar fáil. Le linn fómhar 2002 foilsíodh eagrán píolótach de nuachtán a bhfuil sé mar aidhm aige teanga agus cultúr na hUltaise a chur chun cinn. Cé gurbh é aidhm an nuachtáin pobal na hUltaise a chur ar an eolas faoi mhórimeachtaí Bhord na hUltaise bheadh sé, leis, mar áis poiblíochta don teanga agus don chultúr.

De réir agus atá An Foras Teanga agus a dhá Ghníomhaireacht tar éis teacht chun cinn, tá na buntáistí a bhaineann lena bhforbairt soiléir don phobal uile ar fud oileán na hÉireann agus táimid ag dúil go mór le tuilleadh eolais a chur ar fáil faoin dul chun cinn a dhéanfaimid inár gcuid oibre ar leith agus i bpáirt lena chéile sna blianta atá romhainn.

Maighréad Uí Mháirtín
CATHAOIRLEACH
FORAS NA GAEILGE

Mark Thompson
CATHAOIRLEACH
THA BOORD O ULSTÈR-SCOTCH



Tuairisc Fhoras na Gaeilge 2002

Report of Foras na Gaeilge 2002

Contents

Chairperson's Introduction *6*

Communications, Community and Business Section *7*

Education Section *10*

Arts, Culture and Heritage Section *13*

State and Planning Section *18*

The Terminology Committee *19*

An Gúm *22*

ÁIS *27*

Strategic Priorities *28*

Clár

Réamhrá an Chathaoirligh *6*

An Rannóg Cumarsáide, Pobail agus Gnó *7*

An Rannóg Oideachais *10*

Réimse na nEalaíon, an Chultúir & na hOidhreachta *13*

An Rannóg Stáit agus Pleanála *18*

An Coiste Téarmaíochta *19*

An Gúm *22*

ÁIS *27*

Tosaíochtaí Straitéise *28*

Chairperson's Introduction

It gives me great pleasure to present our Annual Report for 2002 to the public.

Foras na Gaeilge's main objectives are – raising the status of the language, improving ability in the language and increasing the use of the language in both public and private life. A brief perusal of this Annual Report shows that much was done during the year to advance those aims with the stakeholders who are working in partnership with us to promote the Irish language and its attendant culture.

We must build on the progress made over the last few years. The close communication with our stakeholders continued and was further strengthened. Especially with the Sponsor Departments – The Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs and The Department of Culture, Arts and Leisure – with our colleagues in The Ulster-Scots Agency, with the Joint Secretariat of the North / South Ministerial Council and with the other North / South implementation bodies.

We commenced a recruitment campaign to enhance the capacity and capability of the organisation. We will continue to increase the capacity in the future to enable us to address the challenges and opportunities which face the language. We had two major developments during the year: The appointment of two new Directors, Corporate Services and Development Services and the opening of our Belfast Office. We will recruit staff for this office in the New Year.

Maighréad Uí Mháirtín
Chairperson
Foras na Gaeilge

Réamhrá an Chathaoirligh

Tá an-áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2002 Fhoras na Gaeilge a chur faoi bhráid an phobail.

Is iad na príomhaidhmeanna atá againn - íomha na Gaeilge a ardú, cumas an duine aonair sa Ghaeilge a ardú agus cur le húsáid na Gaeilge sa saol poiblí agus príobháideach. Léiríonn spléachadh trí an Tuarascáil seo go ndearnadh obair mhór le linn na bliana leis na haidhmeanna againn a chur chun cinn i gcomhpháirt leis na páirtithe leasmhara atá ag saothrú ar son na Gaeilge agus an chultúir Ghaelaigh.

Is gá tógáil ar an dul chun cinn a rinneadh le cúpla bliain. Leanadh de agus tógadh ar an dlúth-chumarsáid lenár bpáirtithe leasmhara uile. Ach go háirithe leis na Ranna Urraíochta – An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, lenár gcomhghleacaithe i mBord na hUltaise agus le Comhrúnaíocht na Comhairle Aireachta Thuaidh / Theas agus leis na comhlachtaí forfheidhmithe Thuaid / Theas eile.

Chomh maith cuireadh tús le feachtas earcaíochta leis an eagraíocht a chumasú. Leanfar den obair seo sa todhchaí le go mbeidh an eagraíocht in inmhe tabhairt faoi na dúshláin agus na deiseanna atá roimh an teanga. Bhí dhá mhórócáid ann le linn na bliana: Ceapadh Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha agus Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha agus osclaíodh oifig Fhoras na Gaeilge i mBéal Feirste. Earcófar foireann don oifig seo san athbhliain.

Maighréad Uí Mháirtín
Cathaoirleach
Foras na Gaeilge

Communications, Community and Business Section

In the areas of Communications, Community and Business, the objectives for the year 2002 were:

- to promote the image of the Irish language and the image of An Foras throughout the island of Ireland
- to develop and promote new rationales in order to raise the status of the Irish language throughout the island of Ireland
- to ensure the promotion and effective marketing of Irish
- to increase the number of Irish speakers on this island
- to create opportunities for the people of Ireland to use Irish

Communications

www.beo.ie
Foras na Gaeilge signed a new contract with Oideas Gael to publish the Internet magazine, *Beo*, during 2002/2003. *Beo* has contributed greatly to the reading of Irish and is available all day, everyday, throughout the world. The Web site looks modern, with aspects of the latest technology employed to advantage.

Saol
Saol, the Irish-language community newsletter, is published monthly. 15,000 copies are printed and distributed in Ireland, on the continent and worldwide.

Irish Broadcasting Commission
In partnership with The Irish Broadcasting Commission, Lisa Ní Choisdealbha was appointed Irish-language Coordinator to the Commission, and *Nathanna Cainte don Raidió* – a booklet of terms for radio presenters – was published and launched.

Programme of Sponsorships by Foras na Gaeilge
Foras na Gaeilge sponsored the programme *Ros na Rún* on TG4 and the Special Olympics World Summer Games, which take place in Ireland in 2003. Sponsorship of the All-Ireland Camogie Final was continued. In addition to some smaller sponsorships, An Foras also sponsored the St. Patrick's Day Festival and *Féile an Phobail* in Belfast.

An Foclóir Parlaiminte / Dictionary of Parliamentary Terms
An Ceann Comhairle, Séamus Pattison, T.D., launched *An Foclóir Parlaiminte / Dictionary of Parliamentary Terms* in the Foras na Gaeilge head office in Dublin, while Lord Alderdice, MLA, launched it at an event in Stormont Castle. The purpose of the dictionary is to comprise in one source the vocabulary, terminology and phrases most commonly used in parliamentary business, north and south, and available in Acts of the Oireachtas, documents of the European Union, legal and administrative affairs, the media and ordinary conversation. It also provides modern terms and phrases which have come to the fore due to their general usage in Irish and English.

An Rannóg Cumarsáide, Pobail agus Gnó

Is iad na haidhmeanna a bhí ag an Rannóg Cumarsáide, Pobail agus Gnó don bhliain 2002 ná

- íomhá na Gaeilge agus íomhá an Fhorais a chur chun cinn ar fud oileán na hÉireann;
- réasúnaíochtaí nua a fhorbairt agus a chothú d'fhonn stádas na Gaeilge a fheabhsú ar fud oileán na hÉireann;
- cúram a dhéanamh de chur chun cinn agus margaíocht éifeachtach na Gaeilge;
- líon lucht labhartha na Gaeilge ar an oileán seo a mhéadú;
- deiseanna a chruthú do phobal na hÉireann chun an Ghaeilge a úsáid.

An Réimse Cumarsáide

www.beo.ie
Rinne Foras na Gaeilge conradh nua le hOideas Gael chun an iris *Beo* a fhoilsiú le linn 2002/2003. Tá *Beo* tar éis cur go mór le léitheoireacht na Gaeilge agus tá sé ar fáil ceithre huaire is fiche sa lá, gach lá, ar fud an domhain. Tá cuma nua-aimseartha ar an suíomh agus baintear leas as gnéithe éagsúla den teicneolaíocht is úire ann.

Saol
Foilsítear *Saol*, nuachtlitir phobal na Gaeilge, uair sa mhí. Cuirtear 15,000 cóip i gcló agus scaiptear iad in Éirinn, ar an Mór-Roinn agus ar fud an domhain.

Coimisiún Craolacháin na hÉireann
I gcomhpháirt le Coimisiún Craolacháin na hÉireann ceapadh Lisa Ní Choisdealbha ina Comhordaitheoir Gaeilge leis an gCoimisiún, agus foilsíodh agus seoladh an leabhrán *Nathanna Cainte don Raidió* – leabhrán téarmaíochta le haghaidh láithreoirí raidió.

Clár Urraíochtaí an Fhorais
Rinne Foras na Gaeilge urraíocht ar an gclár *Ros na Rún* ar TG4, agus ar Chomórtas Domhanda Samhraidh na gCluichí Oilimpeacha a bheidh ar siúl in Éirinn i 2003. Leanamar lenár n-urraíocht ar Chraobh Camógaíochta na hÉireann. Chomh maith le roinnt mionurraíochtaí, rinne an Foras urraíocht ar Fhéile Lá 'le Pádraig agus ar Fhéile an Phobail i mBéal Feirste.

An Foclóir Parlaiminte
Sheol an Ceann Comhairle, Séamus Pattison, T.D., *An Foclóir Parlaiminte* i gceannáras an Fhorais i mBaile Átha Cliath agus sheol an Tiarna Alderdice, MLA, é ag ócáid i gCaisleán Stormont. Is é is cuspóir don fhoclóir an chuid is coitianta den stór focal, den téarmaíocht agus de na frásaí a úsáidtear i ngnóthaí parlaiminte thuaidh is theas agus a bhfuil teacht orthu in achtanna den Oireachtas, i ndoiciméid de chuid an Aontais Eorpaigh, i ngnóthaí dlí is riaracháin, sna meáin chumarsáide agus sa ghnáthchaint a thabhairt le chéile in aon fhoinse amháin. Gheobhfar ann freisin téarmaí nua-aoiseacha agus frásaí atá tagtha chun cinn de thoradh a ngnáthúsáide i nGaeilge agus i mBéarla.

Advertising by Foras na Gaeilge
A new series of press advertisements were designed, outlining three specific areas - reading of Irish, use of Irish and learning of Irish - which appeared in a wide range of publications, from sports' magazines to educational magazines, and from local to national newspapers.

A special advertising campaign was run in the period prior to Christmas in order to publicise the wide range of high-quality books available. In addition to the advertisements, Hector Ó hEochagáin, from the programme *Amú i Meiriceá*, was asked to write a brief critique of the books he enjoyed most and this was published with the advertisements in local and national newspapers and in various journals.

Press Relations
An Foras kept regular contact with Irish- and English-language media at national and local levels. This is a key aspect of the work of An Foras, by which information concerning the work of An Foras and of other Irish-language activities is disseminated. Contact was made with the press in the North and South regarding a wide range of areas and subjects, including book launches by An Gúm, The Young Scientists'Exhibition, and the launching of *An Foclóir Parlaiminte*.

Foras na Gaeilge Information Stands
An Foras hosted information stands at many events during the year, including: Scoil Gheimhridh Merriman; Open Day at Coláiste Phádraig, Drumcondra; Tóstal na Gaeilge in Galway; the Fianna Fáil Ard-Fheis; INTO and ASTI conferences; the Fleadh Nua in Ennis; the Milwaukee Irish Festival; and the Gaelscoileanna Annual Conference.

Community affairs

The Irish-Language organisations and other Initiatives
During 2002, discussions were held on an ongoing basis with Irish-language organizations, north and south, and, on the basis of an agreed agenda, An Foras provided funding for over twenty different organizations. Among the organizations with which An Foras held discussions were Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, Conradh na Gaeilge, Glór na nGael, Gael-Linn, Comhluadar, An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta, Cumann na bhFiann, An tOireachtas, Iontaobhas Ultach, Pobal and Forbairt Feirste.

Schemes and Projects
As well as funding Irish-language organizations, north and south, An Foras made grants available to more than 40 other groups and organizations throughout the island in respect of projects being undertaken by them at national and local level. These included Áras Chrónáin in Dublin, An Gaeláras in Derry, Ciarraí Beo Teo. in Kerry, Gael-Fhorbairt na Gaillimhe in Galway and Cultúrlann MacAdam Ó Fiaich in Belfast.

Information Service to the Public
During the year, more than 5,000 queries from the public and from groups and organizations were dealt with. Amongst the most common requests for information in 2002 was information on Irish classes and courses, on summer colleges, about translation services and about the services that are available to the Irish speaking public.

The Tidy Towns' Competition
Arising from the partnership between An Foras and the Department of the Environment and Local Government, An Foras sponsored two prizes again this year. Listowel, Co. Kerry, won first prize for the town that did most to

Fógraíocht Fhoras na Gaeilge
Cuireadh sraith preasfhógraí nua ar fáil, le trí réimse ar leith á bhfógairt iontu: léamh na Gaeilge, úsáid na Gaeilge agus foghlaim na Gaeilge. Bhí siad le feiceál i raon leathan foilseachán, ó irisí spóirt go hirisí oideachasúla, agus ó nuachtáin áitiúla go nuachtáin náisiúnta.

Ritheadh feachtas fógraíochta ar leith sa tréimhse roimh Nollaig chun bolscaireacht a dhéanamh ar an réimse leathan de leabhair ardchaighdeáin atá ar fáil. Chomh maith leis sin iarradh ar Hector Ó hEochagáin, ón gclár *Amú i Meiriceá*, léirmheas gairid a dhéanamh ar na leabhair is mó a thaitin leis féin, agus foilsíodh é in éineacht leis an bhfógra sna meáin áitiúla agus náisiúnta, agus in irisí éagsúla eile.

Caidreamh leis an bPreas
Bhí teagmháil rialta ag an bhForas leis na meáin Ghaeilge agus Bhéarla ag an léibhéal náisiúnta agus go háitiúl. Is gné fhíorthábhachtach í seo d'obair an Fhorais, mar is tríd a scaiptear eolas faoina chuid oibre agus faoi ghníomhaíochtaí eile na Gaeilge. Déileáladh leis an bpreas i mBaile Átha Cliath agus i Stormont maidir le raon leathan réimsí agus ábhar, lena n-áirítear seoltaí leabhar an Ghúim, Comórtas na nEolaithe Óga, agus seoladh *An Foclóir Parlaiminte*.

Seastáin Eolais an Fhorais
Bhí seastán eolais ag an bhForas ag an-chuid ócáidí i mbliana, ina measc: Scoil Gheimhridh Merriman, Lá Oscailte Choláiste Phádraig, Droim Conrach, Tóstal na Gaeilge i nGaillimh, Ard-Fheis Fhianna Fáil, comhdhálacha Chumann Múinteoirí Éireann agus Chumann na Meánmhúinteoirí, An Fleá Nua in Inis, Féile Ghaelach Milwaukee agus Comhdháil Bhliantúil Ghaelscoileanna.

An Réimse Pobail

Na heagrais Ghaeilge agus Tionscnaimh eile
Le linn 2002 bhí plé leanúnach leis na heagrais Ghaeilge, thuaidh agus theas, agus, ar bhonn clár oibre comhaontaithe, chuir an Foras maoiniú ar fáil do bhreis is 20 eagras éagsúil. I measc na n-eagras ar bhuaileamar leo bhí Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, Conradh na Gaeilge, Glór na nGael, Gael-Linn, Comhluadar, An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta, Cumann na bhFiann, An tOireachtas, Iontaobhas Ultach, Pobal agus Forbairt Feirste.

Scéimeanna agus Tionscadail
Chomh maith le maoiniú na n-eagras Gaeilge, thuaidh agus theas, chuir an Foras deontais ar fáil do bhreis is 40 grúpa agus eagraíocht eile ar fud an oileáin, i leith na dtionscadal éagsúla a bhí ar siúl acu ar bhonn náisiúnta agus áitiúil. Ina measc bhí, Áras Chrónáin i mBaile Átha Cliath, An Gaeláras i nDoire, Ciarraí Beo Teo., Gael-Fhorbairt na Gaillimhe agus Cultúrlann MacAdam Ó Fiaich i mBéal Feirste.

Eolas don Phobal
Déileáladh le breis is 5,000 fiosrú ón bpobal, ó ghrúpaí agus ó eagrais i rith na bliana. I measc na bpríomhfhiosruithe a bhí ag an bpobal i 2002 bhí eolas á lorg maidir le ranganna/cúrsaí Gaeilge, faoi choláistí samhraidh, maidir le seirbhísí aistriúcháin, agus maidir leis na seirbhísí éagsúla a chuirtear ar fáil do phobal na Gaeilge.

Comórtas na mBailte Slachtmhara
Ag éirí as a chomhpháirtíocht leis An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil, rinne an Foras urraíocht ar dhá dhuais arís i mbliana. Bhuaigh Lios Tuathail, Co.Chiarraí, an duais don bhaile is mó a chuir an dátheangachas

promote bilingualism, while another prize was presented for the best shopfront in Irish or bilingually to the Bia Blasta restaurant in Co. Wicklow.

CLÁR

In partnership with the Department of Agriculture and Rural Development (which has since transformed into the Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs), a new Irish-language signage scheme was initiated under the aegis of CLÁR. This scheme is directed towards high-requirement districts and includes three different aspects: Public Signage, Private Signage and Signage in Townlands. Under this scheme, Foras na Gaeilge pays up to half the cost of producing and erecting new signs, on condition that they are entirely bilingual.

Ré Nua Don Teanga

The booklet, *Ré Nua don Teanga*, which describes the best ways for learning, using and practising Irish, was reprinted. Among the wide range of material contained in this booklet is a list of the main providers of classes, Irish-language cafés and restaurants, and the self-teaching aids available for Irish.

The Business Support Unit

Aid & Assistance

Applications for Aid and Assistance were processed from organizations engaged in a wide range of activities, from corner shop or public house to the largest supermarkets in the land. Most of the contact made with the unit concerned accuracy of signage, but applications were also received regarding matters such as branding and packaging.

During the year, *An Pacáiste Comharthaíochta*, which contains 14 temporary signs for use in shops, restaurants, offices etc, was reprinted for the third time.

chun cinn, agus bronnadh duais don Éadan Siopa is Fearr, i nGaeilge nó go dátheangach, ar an mbialann Bia Blasta i gContae Chill Mhantáin.

CLÁR
Cuireadh tús le scéim nua comharthaíochta don Ghaeilge i gcomhpháirt leis an Roinn Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe (atá anois ina Roinn Forbartha Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta) faoi choimirce na scéime CLÁR. Is ar na ceantair ardriachtanais atá an scéim seo dírithe. Tá trí ghné dhifriúla den scéim ann: Comharthaíocht Phoiblí, Comharthaíocht Phríobháideach agus Comharthaíocht sna Bailte Fearainn. Faoin scéim seo íocann Foras na Gaeilge suas le leath an chostais a bhaineann le comharthaí nua a dhéanamh agus a chrochadh, ar choinníoll go mbíonn na comharthaí go hiomlán dátheangach. Mairfidh an scéim ar feadh dhá bhliain.

An tAire Éamon Ó Cuív TD ag seoladh CLÁR
Minister Éamon Ó Cuív TD at the launch of CLÁR

Ré Nua Don Teanga
Cuireadh athchló ar an leabhrán *Ré Nua don Teanga,* a dhéanann cur síos ar na bealaí is fearr chun an Ghaeilge a fhoghlaim, a úsáid agus a chleachtadh. I measc an raoin leathain ábhar sa leabhrán tá cur síos ar na príomhsholáthróirí ranganna, na caiféanna/ bialanna Gaeilge agus na háiseanna féinteagaisc atá ar fáil don Ghaeilge.

An tAonad Tacaíochta Gnó

Cabhair agus Cúnamh
Déileáladh le hiarratais ar chabhair agus chúnamh ó chomhlachtaí atá ag gabháil do réimse leathan gníomhaíochtaí, ón siopa beag ar an gcúinne nó teach tábhairne áitiúil go dtí na hollmhargaí is mó sa tír. Is i dtaobh cruinneas comharthaíochta is mó a rinneadh teagmháil leis an aonad, ach fuarthas iarratais faoi ábhair eile, freisin, mar shampla, brandáil agus pacáistiú.

Le linn na bliana cuireadh an tríú hathcló ar *An Pacáiste Comharthaíochta*, a chuimsíonn 14 comhartha sealadach a bheadh úsáideach i siopaí, i mbialanna, in oifigí etc.

The Education Section

The objective of the Education Section is to support education through the medium of Irish as well as the effective teaching and learning of Irish, in order to extend its use as a medium of communication.

To this end, the Education Section encourages initiatives in a wide range of educational activities and provides funding for them sometimes in partnership with other organizations.

During 2002, emphasis was maintained on:

- provision of teaching resources for Irish-medium education
- teaching of other subjects through Irish
- effective teaching and learning of Irish as a subject

Support for the Irish-Language Educational Organizations
As an intrinsic part of its work, the Education Section provides funding for Irish-language educational organizations. Accordingly, funding was provided for the following organizations during 2002: Gaelscoileanna, Comhairle na Gaelscolaíochta, Gaeloiliúint and Comhar na Múinteoirí Gaeilge. In addition, aid was continued to Forbairt Naíonraí Teo., in association with Údaras na Gaeltachta, Government Departments and other state bodies, North and South.

Irish-Language Resources

An tÁisaonad Lán-Ghaeilge, Coláiste Mhuire, Belfast
With the help of funding from Foras na Gaeilge, Irish-language resources are being provided by An tÁisaonad Lán-Ghaeilge, for the teaching of Irish and of subjects through the medium of Irish.

An Léitheoir Éasca/Easy Reader
During 2002, Foras na Gaeilge gave a grant to Pat McCormack to help develop *Easy Reader,* a digital course for the teaching of Irish to adults. It will be piloted in schools and classes for adults in 2003.

Among the resources associated with this course are:

- a sound system for the various dialects
- an accompanying comprehensive Irish/English vocabulary
- a facility for listening to material in the various dialects
- a facility for teachers or pupils to record material
- a spellcheck facility for use on any document, including documents on the Internet
- a connection to the Internet, e.g. Irish-language sites

Gael-Linn
Foras na Gaeilge provided assistance for Gael-Linn to commission research from Lansdowne Market Research on an e-learning system for Irish, the results of which will be made available to An Foras in 2003.

***Speakwrite* in Ulster Irish**
Assistance was approved for NUIG (National University of Ireland, Galway) to provide an Ulster version of the *Speakwrite* software. 'Speakwrite' is a CD Rom designed to help both learners and improvers to develop their Irish.

An Rannóg Oideachais

Tá sé mar aidhm ag an Rannóg Oideachais tacaíocht a thabhairt don oideachas trí mheán na Gaeilge agus do mhúineadh agus d'fhoghlaim éifeachtach na Gaeilge, d'fhonn a húsáid mar mheán cumarsáide a mhéadú.

Chuige seo spreagann an Rannóg Oideachais tionscnaimh i réimse leathan imeachtaí oideachasúla agus cuireann sí maoiniú ar fáil dóibh i gcomhpháirt le heagraíochtaí eile.

Sa bhliain 2002 coinníodh béim ar na gnéithe seo:

- soláthar acmhainní teagaisc d'oideachas trí mheán na Gaeilge
- múineadh ábhar eile trí Gaeilge
- múineadh agus foghlaim éifeachtach na Gaeilge mar ábhar

Tacaíocht do na hEagraíochtaí Oideachasúla Gaeilge
Mar ghné dhílis dá cuid oibre, cuireann an rannóg oideachais maoiniú ar fáil d'eagrais oideachasúla áirithe Gaeilge. Dá réir sin, cuireadh maoiniú ar fáil le linn 2002 do na heagrais seo a leanas: Gaelscoileanna, Comhairle na Gaelscolaíochta, Gaeloiliúint agus Comhar na Múinteoirí Gaeilge. Chomh maith leis sin, leanadh leis an gcúnamh d'Fhorbairt Naíonraí Teo, i gcomhar le hÚdaras na Gaeltachta, Ranna Rialtais agus eagrais eile stáit, thuaidh agus theas.

Acmhainní Gaeilge

An tÁisaonad Lán-Ghaeilge, Coláiste Mhuire, Béal Feirste
Tá acmhainní Gaeilge á gcur ar fáil ag an Áisaonad Lán-Ghaeilge, le cúnamh ó Fhoras na Gaeilge, do mhúineadh na Gaeilge agus do mhúineadh ábhar trí mheán na Gaeilge.

An Léitheoir Éasca/Easy Reader
I mbliana thug Foras na Gaeilge deontas do Pat Mc Cormack chun cuidiú leis *Easy Reader,* cúrsa digiteach i múineadh na Gaeilge, a fhorbairt do dhaoine fásta. Beidh an cúrsa á thriail ar bhonn píolóta i scoileanna agus i ranganna d'aosaigh le linn 2003.

I measc na n-acmhainní a bhaineann leis an gcúrsa seo tá

- cóiríocht fuaime do na canúintí éagsúla
- foclóir cuimsitheach Gaeilge/Béarla
- áis chun éisteacht le hábhar sna canúintí éagsúla
- áis do mhúinteoirí agus do dhaltaí le hábhar a thaifeadadh
- seiceálaí litrithe ar féidir é a úsáid ar aon doiciméad, lena n-áirítear doiciméid ar an Idirlíon
- ceangal leis an Idirlíon, m.sh., le suíomhanna Gaeilge

Gael-Linn
Thug Foras na Gaeilge cúnamh do Ghael-Linn chun taighde a choimisiúnú ó **Lansdowne Research** ar ríomhfhoghlaim na Gaeilge, agus beidh torthaí an taighde á gcur ar fáil don Fhoras i 2003.

***Speakwrite* Ultach**
Ceadaíodh cúnamh d'Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, chun leagan Ultach den bhogearra *Speakwrite* a chur ar fáil. Is éard atá sa phacáiste '*Speakwrite'* ná CD-Rom a chabhraíonn le foghlaimeoirí agus feabhsaitheoirí a gcuid Gaeilge a fheabhsú.

Applications for Funding of Books
A revised Irish-language curriculum is being implemented in primary schools in the South, but there are not enough textbooks or teaching aids available to meet the requirements. In order to alleviate the shortage, Foras na Gaeilge has provided assistance for companies and individuals to produce suitable textbooks and reading material for children. Among those funded were Clólann Bheann Madagáin, Spraoi, Nóirín Ní Nuadhain and Anraí Maynes.

Language Centre, National University of Ireland, Maynooth
Because of its value as a learning resource for Irish, funding was given to Vifax again this year to help them provide comprehension, vocabulary and grammar exercises based on the TG4 news free-of-charge to schools.

Oideas Gael Uladh
Aid was provided for Oideas Gael to run a scholarship scheme designed to give adults the opportunity of attending their summer courses.

Development of Irish-Language Digital Resources
Cooperation with the National Centre for Technology in Education [NCTE] was continued. During the DigiScoil Conference, organized in association with NCTE, the lack of high-quality digital resources was identified, and both organizations are now endeavouring to promote appropriate resources for the teaching of Irish and of other subjects through the medium of Irish. Fiontar has completed broad-based research on the availability of digital resources and the results are now being used to guide and strengthen activity in this area. Large suppliers believe that the market for Irish-languages digital resources is limited and they are not prepared to invest a large amount of money in them. Discussions are taking place with smaller suppliers of digital resources, and with teachers, etc., to advance the recommendations of DigiScoil, and in particular:

- to encourage the development of new digital materials
- to make existing resources suitable for Irish-language use, with an input from the wide range of participants in this sphere of activity

The emphasis is now on enabling teachers to create their own resources by providing necessary training for them. Foras na Gaeilge had an input into OILTE, a pilot training initiative for teachers coordinated by Institiúid Teangeolaíochta Éireann [ITÉ – The Irish Linguistics Institute], to train teachers in the use of digital technology as a language-teaching aid. A valuable exchange of information took place between teachers and experts in languages taught in Irish schools. The Irish-language teachers involved were employed to train other teachers, and also serve as a source of expertise in the area.

Scéilín ó Bhéilín
Funding was given to Oidhreacht Chorca Dhuibhne to produce *Scéilín ó Bhéilín*, a compilation of children's stories on compact disc. This collection serves as a useful resource for teaching/learning and serves to provide insight into the rich heritage of the Corca Dhuibhne district. The collection has two main objectives: to keep the lore of the district alive, and add to the stock of material in Irish suitable for young children.

Corbis
This Web site provides valuable resources for both pupils and teachers. The *Corbis* site was given assistance to help Leaving Certificate pupils gain access to helpful resources such as notes, advice and past examination paper

Iarratais ar Mhaoiniú do Leabhair
Tá curaclam athbhreithnithe don Ghaeilge á chur i bhfeidhm i mbunscoileanna sa Deisceart, ach níl dóthain téacsleabhar ná áiseanna teagaisc agus foghlama ar fáil chuige seo. Chun maolú ar an nganntanas, thug an Rannóg Oideachais cúnamh do chomhlachtaí agus do dhaoine aonair chun téacsleabhair agus leabhair léitheoireachta do pháistí a tháirgeadh. Ina measc siúd a fuair tacaíocht bhí Clólann Bheann Madagáin, Spraoi, Nóirín Ní Nuadhain agus Anraí Maynes.

Ionad na dTeangacha, Ollscoil na hÉireann, Má Nuad
Mar gheall ar a luach mar acmhainn foghlama don Ghaeilge tugadh cúnamh arís i mbliana do Vifax chun ceachtanna bunaithe ar nuacht Gaeilge TG4 a sholáthar saor in aisce do scoileanna.

Oideas Gael Uladh
Tugadh cúnamh d'Oideas Gael chun scéim scoláireachta a reáchtáil a thugann deis do dhaoine fásta freastal ar a gcúrsaí samhraidh.

Forbairt acmhainní digiteacha don Ghaeilge
Leanadh fosta den chomhoibriú leis an Ionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas [NCTE]. Le linn Comhdháil DigiScoil, a eagraíodh i gcomhar leis an NCTE, aithníodh go bhfuil easpa acmhainní digiteacha ar ardchaighdeán ann, agus tá an dá eagraíocht anois ag saothrú chun acmhainní cuí a fhorbairt do mhúineadh na Gaeilge agus do mhúineadh ábhar eile trí Ghaeilge. Chríochnaigh *FIONTAR* taighde leathan ar na hacmhainní digiteacha atá ar fáil agus tá leas á baint as torthaí an taighde seo chun gníomhaíocht sa réimse seo a threorú agus a threisiú. Feictear do sholáthróirí móra nach bhfuil margadh mór ann d'acmhainní digiteacha Gaeilge agus níl siad sásta infheistíocht mhór a dhéanamh iontu. Tá plé á dhéanamh le mionsoláthróirí na n-acmhainní digiteacha agus le múinteoirí etc. chun moltaí DigiScoil a chur chun cinn, go háirithe:

- spreagadh a thabhairt d'fhorbairt ábhar nua digiteach
- acmhainní atá ann cheana féin a chur in oiriúint don Ghaeilge, le hionchur ón raon leathan rannpháirtithe atá ag gníomhú sa réimse seo

Tá an bhéim anois ar mhúinteoirí a chumasú lena n-acmhainní féin a chruthú, trí oiliúint a chur ar fáil dóibh. Bhí ionchur ag Foras na Gaeilge in OILTE, tionscnamh píolótach oiliúna do mhúinteoirí, a bhí á chomhordú ag Institiúid Teangeolaíochta Éireann (ITÉ), chun múinteoirí a oiliúint in úsáid na teicneolaíochta digití mar áis múinte teanga. Tharla malartú luachmhar eolais idir oiliúnóirí/ saineolaithe na dteangacha a mhúintear i scoileanna na hÉireann. Baineadh feidhm as na múinteoirí Gaeilge a bhí páirteach chun múinteoirí eile a oiliúint, agus mar fhoinse saineolais don réimse.

Scéilín ó Bhéilín
Tugadh maoiniú d'Oidhreacht Chorca Dhuibhne i leith cnuasaigh scéalta do pháistí ar dhlúthdhiosca, *Scéilín ó Bhéilín*. Tá an cnuasach seo úsáideach mar acmhainn teagaisc/foghlama agus tugann sé léargas, ag an am céanna, ar oidhreacht shaibhir cheantar Chorca Dhuibhne. Tá dhá móraidhm ag an gcnuasach: scéalaíocht an cheantair a choinneáil beo agus cur le líon na n-ábhar Gaeilge atá oiriúnach do pháistí óga.

Corbis
Tá acmhainní luachmhara á soláthar ag an suíomh Idirlín seo do dhaltaí agus do mhúinteoirí araon. Tugadh cúnamh do *Corbis* chun acmhainní cúnta, idir nótaí, comhairle agus iarpháipéir scrúdaithe, a chur ar fáil do dhaltaí na hArdteistiméireachta.

The Capall
Aid was given to Imperium Teo., which is based in the Invent Centre, DCU (Dublin City University), for the provision of this exuberant Internet magazine for teenagers.

Primary Level

Irish National Teachers Association [INTO]
Foras na Gaeilge provided funding to assist in the provision of summer courses run by the INTO in the Kerry, Galway, Mayo and Ráth Cairn, Co. Meath Gaeltacht areas.

Post-Primary Level

Link between Primary and Post-Primary Levels
Some schools are experiencing difficulties as a result of changes in the primary school system, which now requires schools to recruit pupils from their own catchment areas. We were pleased to facilitate a pilot initiative for pupils transferring from primary to post-primary schools. The activity is built on the experience of schools participating in *Carabhat* last year. The emphasis will be on facilitating pupils who wish to transfer from ordinary primary schools to Irish-medium post-primary schools.

Coláiste UISCE
In order for adventure and sports' centres to offer courses through Irish, a supply of good coaches with Irish-language competence is required. Funding was given during the year to Coláiste UISCE to provide training for coaches so that adventure centres will be able to find coaches fluent in Irish. Funding was also provided for a dictionary/handbook of Irish-language terminology for water sports, which will further enhance the initiative.

Third Level

The Central Applications Office
Aid was provided to the Central Applications Office in order to create the infrastructure that will enable pupils proceeding to third level and who wish to avail of service through Irish, to do so without difficulty.

Centre for Spoken Irish, National University of Ireland, Cork
The Centre for Spoken Irish in UCC has decided to introduce a Diploma course in the computer-aided learning and teaching of Irish next year. Foras na Gaeilge provided aid for the purchase of an Apple mobile classroom, which will enable the centre to run computer-aided classes in any room – whether in the Centre for Spoken Irish or elsewhere.

FIONTAR
The pioneering third-level course in Finance, Computing and Enterprise through the medium of Irish offered by Fiontar, Dublin City University, is still prospering, and skills are being developed among the young entrepreneurs to set up their own businesses. In the current year, they are undertaking a marketing programme for the course, with assistance from Foras na Gaeilge. The purpose is to set the course on a firm footing in the future.

The Capall
Cuireadh cúnamh ar fáil d'Imperium Teo, comhlacht atá lonnaithe in Ionad Invent, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, chun an iris spleodrach Idirlín seo do dhéagóirí a sholáthar.

Bunleibhéal

Cumann Múinteoirí Éireann [INTO]
Chuir Foras na Gaeilge maoiniú ar fáil chun cabhrú le cúrsaí samhraidh i gceantair Ghaeltachta Chiarraí, na Gaillimhe, Mhaigh Eo agus Ráth Cairn na Mí, a bhí á reáchtáil ag Cumann Múinteoirí Éireann [INTO].

Iar-bhunleibhéal

Nasc idir bunleibhéal agus iar-bhunleibhéal
Tá deacrachtaí á gcruthú do roinnt scoileanna de bharr athruithe sa chóras bunscolaíochta, a thugann ar scoileanna daltaí a earcú óna n-abhantracha féin. Bhí áthas orainn cuidiú le tionscnamh píolótach chun tacú le daltaí atá ag aistriú ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil, agus beidh imeachtaí chuige seo á reáchtáil i scoileanna i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath. Cuireadh bonn faoin ngníomhaíocht seo le cabhair ó thaithí na scoileanna a ghlac páirt in *Carabhat* anuraidh. Beidh an bhéim ar shocruithe chun aistriú na ndaltaí ó ghnáth-bhunscoileanna go hiar-bhunscoileanna Gaeilge a éascú.

Coláiste UISCE
Chun go mbeidh ar chumas na n-ionad eachtraíochta agus spóirt cúrsaí trí Ghaeilge a thairiscint, tá gá le soláthar oiliúnóirí maithe le Gaeilge. Tá maoiniú curtha ar fáil do Choláiste UISCE le hoiliúnóirí a oiliúint i rith na bliana, i dtreo is mbeidh teacht ag na hionaid eachtraíochta ar oiliúnóirí le Gaeilge. Cuireadh maoiniú ar fáil, freisin, chun foclóir/lámhleabhar téarmaíochta a sholáthar le haghaidh spóirt uisce, rud a chuirfidh go mór leis an tionscnamh seo.

Tríú Leibhéal

An LárOifig Iontrála
Tugadh cúnamh don LárOifig Iontrála chun bonneagar a chruthú a chuirfidh ar chumas na ndaltaí a rachaidh ar aghaidh go dtí an tríú leibhéal agus atá ag iarraidh seirbhís a fháil trí mheán na Gaeilge, an tseirbhís sin a fháil gan dua.

Ionad na Gaeilge Labhartha in Ollscoil na hÉireann, Corcaigh
Tá beartaithe ag Ionad na Gaeilge Labhartha in Ollscoil na hÉireann, Corcaigh, cúrsa Dioplóma a thionscnamh i bhfoghlaim agus múineadh ríomhchuidithe na Gaeilge an bhliain seo chugainn. Tá cúnamh curtha ar fáil ag Foras na Gaeilge i leith seomra ranga gluaisteach Apple, a chuirfidh ar a gcumas ranganna ríomhchuidithe a reáchtáil i seomra ar bith – bíodh sin in Ionad na Gaeilge Labhartha nó in aon ionad eile.

FIONTAR
Tá an cúrsa ceannródaíoch tríú leibhéal san Airgeadas, Ríomhaireacht agus Fiontraíocht trí mheán na Gaeilge de chuid Fiontar, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, faoi bhláth i gcónaí agus tá na scileanna á gcothú i bhfiontraithe óga, freisin, chun tabhairt faoi bhunú a ngnóthas féin. I mbliana tá clár margaíochta á thionscnamh don chúrsa le cúnamh ó Fhoras na Gaeilge. Tá sé seo á dhéanamh chun go mbeidh bonn níos daingne faoin gcúrsa feasta.

Spoken Irish
An increasing number of universities have set up Committees for Spoken Irish, along with an Officer for Spoken Irish, the purpose of which is to facilitate the use of Irish in these institutions.

FIONTAR, and Coláiste Mhuire, Marino, and other third-level institutions participated in a Foras na Gaeilge scheme designed to encourage the use of Irish, by which prizes are presented to students who promote Irish. Aid is also available in respect of events and activities which seek to raise the profile of Irish in universities, training colleges, technology institutions, etc.

Ráth Cairn Cooperative
Aid was provided for Comharchumann Ráth Cairn to run third-level courses through Irish locally, in cooperation with the National University of Ireland, Maynooth.

Adult Education
Foras na Gaeilge is active in the development of courses for adults and promoting ways of teaching Irish to adults. Some positions as Development Officers for Irish have been grant-aided, e.g., in Gairm Doire and Pobal Fhear Manach.

An Chrannóg
Aid was provided to *An Chrannóg,* Derrybeg, Co. Donegal, this year to run a Diploma course in Irish. This language-teaching centre operates under the aegis of the National University of Ireland, Galway.

Ogmios
Ogmios received assistance from Foras na Gaeilge to produce *Tús Maith*, a self-teaching course in Irish. There is a dearth of quality Irish-language resources available in this area and *Tús Maith* is welcomed as a valuable resource for those wishing to learn Irish, especially those wishing to acquire Ulster Irish.

Arts, Culture and Heritage Section

Irish-Language Drama

During 2002, financial aid and advice was provided for many drama companies, including *Aisling Ghéar, Graffiti, Ababú, POC Productions* (Diarmuid de Faoite), *An Grianán, Upturn Theatre in Education, Aisteoirí Bulfin, Branar Drámaíochta Teo*.

Spás Amharclainne @ An Mionta was developed as a centre for Irish-language plays, and the companies which staged plays there included:

POC Productions (one-man show by Diarmuid de Faoite)
An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta (Aisteoirí Bulfin / Aisteoirí Chúil Aodha)
Aisling Ghéar (Damhsa ag Lúnasa, Úr Te Bruite, Aistriúcháin)
An Grianán (Salomé)
An Taibhdhearc (Lasair Choille / Amuigh Liom Féin)

Modh an Aoibhnis ran an acting school for children on a weekly basis, while also providing acting workshops for the Dublin Gaelscoileanna.

An Ghaeilge Labhartha
Tá borradh le tamall anuas faoi líon na n-ollscoileanna a bhfuil Coiste Gaeilge Labhartha bunaithe acu, mar aon le hOifigeach Gaeilge Labhartha, d'fhonn úsáid na Gaeilge a éascú sna hinstitiúidí céanna.

Ghlac FIONTAR, agus Coláiste Mhuire, Marino agus institiúidí tríú leibhéal eile, páirt i scéim de chuid Fhoras na Gaeilge chun an Ghaeilge a spreagadh trí dhuaiseanna a bhronnadh ar mhic léinn a chuireann an Ghaeilge chun cinn. Tá cúnamh ar fáil, chomh maith, d'imeachtaí agus do ghníomhaíochtaí a thionscnaíonn ollscoileanna, coláistí oiliúna, institiúidí teicneolaíochta etc., chun próifíl na Gaeilge a ardú.

Comharchumann Ráth Cairn
Tugadh maoiniú do Chomharchumann Ráth Cairn chun cúrsaí tríú leibhéal trí Ghaeilge a reáchtáil go háitiúil, i gcomhar le hOllscoil na hÉireann, Maigh Nuad.

Aosoideachas
Bíonn Foras na Gaeilge gníomhach i bhforbairt agus i gcothú cúrsaí atá dírithe ar aosaigh agus ar bhealaí chun an Ghaeilge a mhúineadh d'aosaigh. Cuireadh deontais ar fáil do phoist mar oifigigh forbartha Gaeilge - i nGairm Doire agus i bPobal Fhear Manach, mar shampla.

An Chrannóg
Cuireadh maoiniú ar fáil don Chrannóg, Na Doirí Beaga, Co. Dhún na nGall i mbliana, chun cúrsa Dioplóma sa Ghaeilge a reáchtáil. Tá an t-ionad teagaisc teanga seo ag feidhmiú faoi scáth Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Ogmios
Thug Foras na Gaeilge maoiniú d'Ogmios chun an cúrsa féinteagaisc Gaeilge *Tús maith* a chur ar fáil. Tá easpa acmhainní maithe Gaeilge ina bhac sa réimse seo agus fáiltítear roimh an gcúrsa seo mar acmhainn luachmhar do lucht foghlama na Gaeilge, agus go háirithe dóibh siúd atá ag iarraidh Gaeilge Uladh a shealbhú.

Réimse na nEalaíon, an Chultúir agus na hOidhreachta

Drámaíocht na Gaeilge
Le linn 2002, cuireadh cabhair airgid agus comhairle ar fáil do go leor complachtaí drámaíochtaí, ina measc *Aisling Ghéar, Graffiti, Ababú, POC Productions* (Diarmuid de Faoite), *An Grianán, Upturn Theatre in Education, Aisteoirí Bulfin, Branar Drámaíochta Teo*.

Forbraíodh **Spás Amharclainne @ An Mionta** mar ionad do dhrámaí Gaeilge agus i measc na gcomplachtaí a léirigh drámaí ann bhí

POC Productions (seó aon – fhir le Diarmuid Faoite)
An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta (Aisteoirí Bulfin / Aisteoirí Chúil Aodha).
Aisling Ghéar (Damhsa ag Lúnasa, Úr Te Bruite, Aistriúcháin)
An Grianán (Salomé)
An Taibhdhearc (Lasair Choille / Amuigh Liom Féin)

D'éirigh le "Modh an Aoibhnis", an scoil aisteoireachta do pháistí a reáchtáil ar bhonn seachtainiúil, agus ina theannta san, ceardlanna aisteoireachta a chur ar fáil do Ghaelscoileanna Bhaile Átha Cliath.

Training Workshops

An Foras provided a grant for Cló Iar-Chonnachta to run two workshops for playwrights, one in Conamara and the other in Belfast. Eight dramatists attended the workshops, under the direction of Mícheál Ó Conghaile, and concentrated on perfecting their own newly-written plays.

Under the aegis of Graffiti, workshops for Irish-language teachers were run in Cork, with the object of developing the required skills for teaching Irish-language drama to primary school children.

A series of workshops for professional writers of Irish was run in Tralee and Dublin. It was funded by Foras na Gaeilge and directed by Comhar na Múinteoirí Gaeilge and Coiscéim.

POC Productions (Diarmuid de Faoite) was funded to run a workshop for Irish-language actors.

The Biographies' Scheme

During 2002, commissions were awarded to Nollaig Ó Muraíle to write a biography of Seán Ó Donnabháin, to Liam Mac Uistín for a biography of Pádraig Mac Piarais, and to Máire Ní Néill to write short biographies of prominent women of the last century.

Iomairt Cholm Cille ('or Colmcille')

Iomairt Cholm Cille is an initiative aimed at promoting support for Scots Gaelic in Scotland and Irish in Ireland, north and south, and at strengthening contacts between Gaelic speakers in Scotland and Ireland. An Foras provides ongoing support for An Iomairt and the manager for Arts, Culture and Heritage is one of the directors of the body.

The most important activity of An Iomairt in 2002 was publication of *An Leabhar Mòr*. The First Minister of the Scottish Executive, Jack McConnell, launched a major international tourism exhibition and publication of Canongate books in Glasgow's Gallery of Modern Art on Friday, 1 November, 2002; and Éamon Ó Cuív, TD, Minister for Community, Rural and Gaeltacht Affairs, launched it in the Foras na Gaeilge head-office on 10 December, 2002. This project is sponsored by Iomairt Cholm Cille, in association with other organizations in Scotland, and An Iomairt will play a central role in it for a number of years.

It brings together the work of more than 200 poets, visual artists and calligraphers from Scotland and Ireland, creating a major work of contemporary art in the form of a visual anthology.

The 100 Irish-language/Gàidhlig poems include some nominated by poets and writers such as Séamus Heaney, Hamish Henderson and Alastair Macleod, as well as poems by major poets such as: Somhairle Mac Gill Eathainn, Iain Crichton Smith, Kevin Macneil, Nuala Ní Dhomhnaill, Cathal Ó Searcaigh and Michael Davitt.

The 100 visual artists – 50 from each country – were commissioned to produce representations of these poems in a wide variety of media, artists such as Will Maclean, Alan Davie, Frances Walker, John Byrne, Alasdair Gray, Calum Colvin, Brian McGuire, Anna Macleod, Shane Cullen, Noel Sheridan, Rita Duffy and Alasdair Maclennan.

An Leabhar Mòr is the subject matter of a film by Murray Grigor for BBC television, a BBC radio series, an educational package by Dr. Anne Lorne Gillies, a Web site and a programme of events. The exhibition will travel to the United States and throughout Scotland, Ireland and internationally for the next five years. When its extensive journey is completed the works of art will be bound into a single volume as a permanent exhibition.

Ceardlanna Oiliúna
Chuir An Foras deontas ar fáil do Chló Iar-Chonnachata chun dhá cheardlann do dhrámadóirí a reáchtáil, ceann i gConamara agus ceann i mBéal Feirste. D'fhreastail ochtar drámadóir ar na ceardlanna agus, faoi stiúir Mhichíl Uí Chonghaile, agus dhíríodar ar dhrámaí nua-scríofa dá gcuid féin a thabhairt chun fórfeachta.

Faoi scáth Graffiti, reáchtáladh ceardlanna do mhúinteoirí Gaeilge i gCorcaigh d'fhonn na scileanna is gá a fhorbairt i gcomhtheács múineadh na drámaíochta Gaeilge do pháistí bunscoile.

Reáchtáladh sraith de cheardlanna do scríbhneoirí gairmiúla Gaeilge i dTrá Lí agus i mBaile Átha Cliath, maoinithe ag Foras na Gaeilge agus faoi stiúr Chomhar na Múinteoirí na Gaeilge agus Cóiscéim.

Tugadh maoiniú do POC Productions (Diarmuid de Faoite) ceardlann d'aisteoirí Gaeilge a reáchtáil.

Scéim na mBeathaisnéisí

Le linn 2002, bronnadh coimisiúin ar Nollaig Ó Muraíle chun beathaisnéis Sheáin Uí Dhonnabháin a scríobh, ar Liam Ó Uistin le haghaidh beathaisnéis ar Phádraig Mac Piarais agus ar Mháire Ní Néill chun sraith de ghearrbheathnéisí a scríobh ar mhná aithnidiúla na haoise seo caite.

Iomairt Cholm Cille (nó 'Colmcille')
Tionscnamh atá in Iomairt Cholm Cille, a bhfuil sé mar aidhm aige tacaíocht a chothú don Ghaeilge in Albain agus in Éirinn, thuaidh agus theas, agus caidreamh a neartú idir Gaeil na hAlban agus Gaeil na hÉireann. Tá tacaíocht leanúnach á tabhairt ag an bhForas don Iomairt agus tá an bainisteoir Ealaíon, Cultúir agus Oidhreachta ar dhuine de stiúrthóirí an chomhlachta.

Ba í an ghníomhaíocht ba thábhachtaí ag an Iomairt i 2002 ná foilsiú *An Leabhar Mòr*. Rinne Céad-Aire Fheidhmeannas na hAlban, Jack McConnell, mórthaispeántas turasóireachta idirnáisiúnta agus foilseachán leabhar de chuid Canongate a sheoladh i nGailearaí Nua-Ealaíne Ghlaschú Dé hAoine, 1 Samhain 2002. Sheol Éamon Ó Cuív TD, Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, an leabhar i gceannáras Fhoras na Gaeilge ar an 10 Nollaig, 2002. Tá an tionscadal seo á urrú ag Iomairt Cholm Cille, i gcomhar le heagrais eile in Albain, agus beidh ról lárnach ag an Iomairt ann go ceann roinnt blianta.

Tugtar le chéile ann saothar ó bhreis is 200 file, ealaíontóir amhairc agus peannaire ó Albain agus Éirinn, chun mórshaothar ealaíne comhaimseartha a chruthú i bhfoirm duanaire amhairc.

I measc an 100 dán Gaeilge/Gàidhlige tá roinnt a d'ainmnigh filí agus scríbhneoirí mar Shéamus Heaney, Hamish Henderson agus Alastair Macleod, chomh maith le dánta le filí móra mar iad seo: Somhairle Mac Gill Eathainn, Iain Crichton Smith, Kevin Macneil, Nuala Ní Dhomhnaill, Cathal Ó Searcaigh agus Michael Davitt.

Coimisiúnaíodh céad ealaíontóir amhairc - leathchéad ó gach tír - chun freagairt don fhilíocht seo tríd an iliomad meán. Ar na healaíontóirí sin tá Will Maclean, Alan Davie, Frances Walker, John Byrne, Alasdair Gray, Calum Colvin, Brian McGuire, Anna Macleod, Shane Cullen, Noel Sheridan, Rita Duffy agus Alasdair Maclennan.

Tá *An Leabhar Mòr*, freisin, mar ábhar do scannán de chuid Murray Grigor ar theilifís BBC, do shraith ar raidió BBC, do phacáiste oideachais leis an Dr Anne Lorne Gillies, do láithreán Gréasáin agus do chlár imeachtaí. Sna cúig bliana atá romhainn beidh an taispeántas ag dul go dtí na Stáit Aontaithe agus

The Northern Ireland Arts Council

In November 2001, the Northern Ireland Arts Council issued a guideline document and invited submissions for the task of researching Irish and Ulster-Scots arts. The task arose:

- from the manner in which the Arts Council understood its responsibilities under Section 75 of the Northern Ireland Act, 1998, regarding the promotion of good relations between people not connected with the same religion, not holding the same political views, or those associated with different races

- from the Arts Council's need for information to guide a funding policy which would promote cultural diversity via the theme of cross-community arts, established to create the conditions 'in which the different cultural arts of Northern Ireland can be developed'

The Arts Council's partners in commissioning this work were Foras na Gaeilge, The Ulster-Scots Agency (both organizations which were established in the aftermath of the British-Irish Agreement (1998) as functioning agencies of the Language Body/An Foras Teanga), and An tIontaobhas Ultach (an organization established in 1989 to spread understanding of the Irish language and culture throughout the community in Northern Ireland).

The guideline directed attention towards:

- the arts that are presented by and to the Irish-language and Ulster-Scots communities
- recognising the types of arts that flourish within linguistic frameworks
- issues connected with ethnicity and the arts

Advisers (John Edmond and Maureen Mackin) were appointed to undertake the work, and a draft report was presented in December 2002.

Joint-Initiatives with Tha Boord ò Ulster-Scotch

Among the joint-initiatives between An Foras and Tha Boord o Ulstèr – Scotch were:

- **Room to Rhyme** in association with An Chomhairle Béaloideasa – a seminar and report on the traditions and customs associated with mumming

- A reception and concert in Hillsborough Castle on 3 October 2002, in association with Altnaveigh House Cultural Society

- The organization of a Summer School in Coleraine University from the 6-8 June, 2002, in order to display and celebrate the cultures of Ulster-Scots and the Irish language

- To provide the costs of appointing and employing a Cultural Officer, based in Altnaveigh House Cultural Society in Newry.

ag taisteal ar fud na hAlban, na hÉireann agus thíortha an domhain. Nuair a bheidh an turas fairsing seo tugtha chun críche, ceanglófar na saothair ealaíne mar thaispeántas buan in imleabhar amháin.

Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann

I mí na Samhna 2001 d'eisigh Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann doiciméad treorach agus iarratas ar thairiscintí i dtaca le hobair thaighde ar ealaíona na Gaeilge agus na hUltaise. D'eascair an obair seo:

- ón gcaoi ar aithin an Chomhairle Ealaíon a freagrachtaí faoi Alt 75 den *Northern Ireland Act 1998* maidir le dea-chaidreamh a chothú idir daoine nach mbaineann leis an aicme chéanna creidimh, daoine nach bhfuil na tuairimí céanna polaitíochta acu nó daoine a bhaineann le ciníocha éagsúla

- ón ngá atá ag an gComhairle Ealaíon le heolas a threoródh a polasaí maoinithe d'fhonn éagsúlacht chultúir a chothú trí théama na n-ealaíon traschultúrtha, a bunaíodh chun dálaí a chruthú "trínar féidir forbairt a dhéanamh ar ealaíona cultúir éagsúla Thuaisceart Éireann"

Ba iad comhpháirtithe na Comhairle Ealaíon i gcoimisiúnú na hoibre seo ná Foras na Gaeilge agus The Boord o Ulstèr – Scotch (eagraíochtaí a bunaíodh i ndiaidh Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999, mar ghníomhaireachtaí feidhmiúla an Fhorais Teanga), agus an tIontaobhas Ultach (eagraíocht a bunaíodh i 1989 chun tuiscint ar an nGaeilge agus ar an gcultúr Gaelach a leathnú ar fud an phobail i dTuaisceart Éireann).

Dhírigh an treoir aird ar:

- na healaíona a chuirtear i láthair ag agus do phobal na Gaeilge agus phobal na hUltaise
- na cineálacha ealaíon a bhláthaíonn laistigh de chreata teangeolaíochta a aithint
- saincheisteanna a bhaineann le heitneachas agus leis na healaíona

Ceapadh comhairleoirí (John Edmond agus Maureen Mackin) chun dul i mbun na hoibre agus cuireadh dréacht-tuarascáil ar fáil i Nollaig 2002.

Comhthionscnaimh le Tha Boord o Ulstèr–Scotch

I measc na gcomhthionscnamh idir Foras na Gaeilge agus Tha Boord ò Ulstèr – Scotch bhí:

- **Room to Rhyme,** i gcomhar leis an gComhairle Bhéaloideasa – seimineár agus tuarascáil ar na traidisiúin agus nósmhaireachtaí a ghabhann le cúrsaí cleamaireachta

- Fáiltiú agus ceolchoirm i gCaisleán Hillsborough ar 3 Deireadh Fómhair, 2002, i gcomhar le Altnaveigh House Cultural Society

- Scoil Samhraidh a eagraíodh in Ollscoil Chúil Raithin ón 6 – 8 Meitheamh, 2002 d'fhonn cultúir na hUltaise agus na Gaeilge a léiriú agus a cheiliúradh

- Soláthar na gcostas a bhain le ceapadh agus fostú Oifigeach Cultúir, lonnaithe in Altnaveigh House Cultural Society, An tIúr.

Translation Sector

Translation Workshops
Another series of translation workshops, under the aegis of Foras na Gaeilge, were run during 2002. 47 people in all attended the workshops, which were organized and taught by Antain Mac Lochlainn and Donncha Ó Cróinín. They took the form of:

- five daytime workshops ('Aspects of Translation') which were run in various centres in Dublin, Limerick, Belfast, Cork and Galway
- a week's course ('From English to Irish'), which was run in the office of Foras na Gaeilge in Dublin

Aspects of Translation
The object of this workshop is to present some of the most common problems arising in translation work from English to Irish. Most of the day is spent in a series of activities designed for the workshop by Antain Mac Lochlainn. This section is called 'Problems in Translating'. Donncha Ó Cróinín runs a separate session entitled 'The Translator and the Computer', in which he describes the electronic aids available to facilitate translation work.

Since time is limited, there is insufficient opportunity to spend time with members of the workshop or to discuss their translations with them. Instead, they are asked to translate three short texts beforehand and return them to Antain Mac Lochlainn, who evaluates and writes a line-by-line commentary on them.

'From English to Irish'
This weeklong course is based on a course in translation written by Antain Mac Lochlainn. Difficulties of vocabulary, terminology and syntax associated with translation from English to Irish were addressed and the critical ability of participants to assess the quality of a translation was improved. Vivian Uibh Eachach, senior translator from the Rannóg an Aistriúcháin (the Government Translation Section), lectured on simultaneous translation, and a practical session was organized. Donncha Ó Cróinín spoke on 'The Translator and the Computer' and on Translation Memory packages. As in the case of the one-day workshops, texts for translation were set in advance for participants in the workshop.

Translation Schemes
As part of its strategy to extend bilingualism in Irish society, north and south, Foras na Gaeilge is offering assistance to the private translation sector, under the following schemes:

- **Companies' Scheme:** Grants are provided to companies to help them train staff, buy software, reference materials, etc.

- **Projects' Scheme:** Foras na Gaeilge welcomes proposals from companies and individuals in connection with research or products which facilitate or improve English-Irish/Irish-English translation. Funding was provided for appropriate projects in areas such as software, training, reference materials, etc.

About 80 inquiries were received and grants provided for 23 applications – 14 applications under the **Companies' Scheme** and 9 applications under the **Projects' Scheme**.

Earnáil an Aistriúcháin

Ceardlanna Aistriúcháin
Reáchtáladh sraith eile de cheardlanna aistriúcháin faoi choimirce Fhoras na Gaeilge le linn 2002. D'fhreastail 47 duine ar fad ar na ceardlanna. Ba iad Antain Mac Lochlainn agus Donncha Ó Cróinín a bhí i mbun eagrú agus theagasc na gceardlann seo, mar a bhí:

- cúig cheardlann lae ('Gnéithe den Aistriúchán') a reáchtáladh in ionaid éagsúla i mBaile Átha Cliath, Luimneach, Béal Feirste, Corcaigh agus Gaillimh
- cúrsa seachtaine ('Ó Bhéarla go Gaeilge') a reáchtáladh in oifig Fhoras na Gaeilge i mBaile Átha Cliath

"Gnéithe den Aistriúchán"
Is é cuspóir na ceardlainne seo ná cuid de na fadhbanna is coitianta a thagann chun cinn in obair aistriúcháin ó Bhéarla go Gaeilge a chur i láthair. Caitear bunús an lae le sraith de ghníomhaíochtaí a cheap Antain Mac Lochlainn don cheardlann. 'Fadhbanna san Aistriúchán' an t-ainm atá ar an mír seo. Bíonn seisiún ar leith ag Donncha Ó Cróinín dar teideal 'An tAistritheoir agus an Ríomhaire', ina gcuireann sé síos ar na háiseanna leictreonacha atá ar fáil chun obair an aistriúcháin a éascú.

Ó tharla an t-am a bheith gann, ní bhíonn deis ann mórán ama a chaitheamh le lucht na ceardlainne ná a gcuid obair aistriúcháin a phlé leo. Dá réir sin, iarrtar orthu trí cinn de théacsanna gearra a aistriú roimh ré agus a sheoladh ar ais chuig Antain Mac Lochlainn. Déanann seisean iad a mheas agus tráchtaireacht a scríobh orthu, líne ar líne.

"Ó Bhéarla go Gaeilge"
Cúrsa seachtaine a bhí anseo, bunaithe ar chúrsa aistriúcháin a scríobh Antain Mac Lochlainn. Cíoradh na deacrachtaí foclóra, téarmaíochta agus comhréire a bhaineann leis an aistriúchán ó Bhéarla go Gaeilge agus cuireadh feabhas ar chumas critice lucht an chúrsa chun caighdeán an aistriúcháin a mheas. Thug Vivian Uíbh Eachach, aistritheoir sinsearach le Rannóg an Aistriúcháin, léacht ar an aistriúchán comhuaineach, agus eagraíodh seisiún praiticiúil. Labhair Donncha Ó Cróinín ar 'An tAistritheoir agus an Ríomhaire' agus ar phacáistí Cuimhne Aistriúcháin. Ach oiread leis na ceardlanna lae, bhí téacsanna le haistriú roimh ré ag lucht na gceardlann.

Scéimeanna Aistriúcháin
Mar chuid dá straitéis chun an dátheangachas a leathadh i sochaí na hÉireann, thuaidh agus theas, tá Foras na Gaeilge ag tairiscint cabhrach don earnáil phríobháideach aistriúcháin faoi na scéimeanna seo a leanas:

- **Scéim na gCuideachtaí:** Cuirtear deontais ar fáil do chuideachtaí chun cabhrú le hoiliúint foirne, agus le ceannach bogearraí, ábhar tagartha agus eile.

- **Scéim na dTionscadal:** Fáiltíonn Foras na Gaeilge roimh mholtaí ó chuideachtaí agus ó dhaoine aonair maidir le taighde nó táirgí a d'éascódh nó a d'fheabhsódh an t-aistriúchán Béarla-Gaeilge/Gaeilge-Béarla. Cuireadh maoiniú ar fáil do thionscadail chuí i réimsí mar bhogearraí, oiliúint, ábhair thagartha agus eile.

Fuarthas c.80 fiosrú agus cuireadh deontais ar fáil do 23 iarratas – 14 iarratas faoi **Scéim na gCuideachtaí** agus 9 n-iarratas faoi **Scéim na dTionscadal**.

Achmhainn.ie

Foras na Gaeilge funds **acmhainn.ie**, a Web site for translators, which was launched in February, 2002. The content of the site is updated monthly. Three years' funding has been provided for the project.

Donncha Ó Cróinín and Antain Mac Lochlainn of Acmhainn.ie
Donncha Ó Cróinín agus Antain Mac Lochlainn, bunaitheoirí Acmhainn.ie

Available on the **acmhainn.ie** site are:

(i) Dictionaries and Terminology Lists :dictionaries and terminology lists which are in a searchable electronic format (e.g. lists compiled by An Coiste Tearmaíochta and *An Foclóir Parlaiminte / Dictionary of Parliamentary Terms*.)

(ii) The E-mail Forum : a forum in which translators can question and advise one another.

(iii) Reprint : It is intended to republish electronically here a series of important texts connected with the writing and use of Irish. For example, permission has been obtained to make available two important works by Seán Mac Maoláin: *Lorg an Bhéarla* (1957) and *Gàidhlig agus Gaeilge* (1962).

(iv) *Oideas*: A series of articles on common problems in translation from English to Irish. This material may be used for private study or for the training of translators.

(v) Text Store : '*An tAistritheoir Tapa'* is a collection of standard texts (application forms for jobs, forms to access records under the Freedom of Information Act, etc). The objective of '*An tAistritheoir Tapa'* is to avoid duplication of work (similar letters being translated again and again by various organizations) and a collection of links is provided to sites containing authoritative and other specialized texts. www.acmhainn.ie/taisce.htm

(vi) Links and News : Current news and other links.

The number of hits to date **(30,991)** is impressive, especially bearing in mind that the material published is quite specialized.

Acmhainn.ie
Maoiníonn Foras na Gaeilge **acmhainn.ie,** an láithreán Greasáin d'aistritheoirí, atá ar fáil ó mhí Feabhra 2002. Déantar ábhar an láithreáin a athnuachan in aghaidh na míosa. Tá maoiniú trí bliana curtha ar fáil don tionscadal.

Is éard atá ar fáil ar láithreán **acmhainn.ie** ná:

(i) Foclóirí agus Liostaí Téarmaíochta : foclóirí agus liostaí téarmaíochta atá i bhfoirm leictreonach inchuardaithe, (m.sh. liostaí de chuid An Choiste Tearmaíochta, agus *An Foclóir Parlaiminte*.)

(ii) An Fóram Ríomhphoist : fóram inar féidir le haistritheoirí ceisteanna agus comhairle a chur ar a chéile.

(iii) Athchló: Tá sé i gceist sraith de théacsanna tábhachtacha a bhaineann le scríobh agus le húsáid na Gaeilge a athfhoilsiú anseo go leictreonach. (m.sh. Tá cead faighte dhá shaothar thábhachtacha le Seán Mac Maoláin, *Lorg an Bhéarla* (1957) agus *Gàidhlig* agus *Gaeilge* (1962) a chur ar fáil).

(iv) Oideas: Sraith alt ar fhadhbanna coitianta san aistriúchán ó Bhéarla go Gaeilge. Tá cead úsáid a bhaint as an ábhar seo ar mhaithe le staidéar príobháideach nó oiliúint aistritheoirí.

(v) Taisce Téacsanna: Is bailiúchán é 'An tAistritheoir Tapa' de théacsanna caighdeánacha (foirmeacha iarratais ar phoist, foirmeacha chun taifid a rochtain faoin Acht um Shaoráil Faisnéise agus araile). Is é cuspóir an 'An tAistritheoir Tapa' ná dúbailt oibre a sheachaint (litreacha den chineál céanna a bheith á n-aistriú arís is arís eile ag eagraíochtaí éagsúla) agus tá bailiúchán nasc anseo chomh maith chuig láithreáin ina bhfuil téacsanna údarásacha agus sainiúla eile ar fáil. www.acmhainn.ie/taisce.htm

(vi) Naisc agus Nuacht: Nuacht reatha agus naisc eile

Tá an líon amas go dtí seo **(30,991)** an-sásúil, go háirithe nuair a chuimhnítear gurb ábhar réasúnta sainiúil a bhíonn á fhoilsiú.

The State and Planning Section

Irish Language Officers' Scheme
Foras na Gaeilge has a special scheme for the appointment of Irish Language Development Officers in the areas of local government and health boards, and this scheme was further developed during 2002. An Foras entered into partnership with 8 local authorities: Galway County Council, Waterford County Council, Roscommon County Council, Kerry County Council, Cork County Council, Donegal County Council, Dublin City Council and, for the first time, Galway City Council. In the area of health boards, Irish-Language Development Officers were working in the following: the Southern Health Board, the South-Eastern Health Board and the Midland Health Board, and for the first time the Western Health Board, the Mid-Western Health Board, the North-Eastern Health Board.

Development of New Schemes
In the course of these partnerships, An Foras attached special importance to the preparation and implementation of activity programmes for Irish in the various organizations. When the Official Languages Bill has been enacted, it may be necessary to develop this scheme further among other units of the public sector so as to ensure that the language schemes mentioned in the Bill are set out and implemented. An Foras maintains regular contact with each individual officer and a day seminar on the Official Languages Bill was held in the Foras na Gaeilge head-office during the year.

The Official Languages Bill
Foras na Gaeilge was pleased to prepare a submission for the Minister for Community, Rural and Gaeltacht Affairs, Éamon Ó Cuív, T.D., on the Official Languages Bill, and has had regular discussions with the Department concerning its proposals. The progress made on the Bill during 2002 is a matter of satisfaction to An Foras.

An Garda Síochána
Foras na Gaeilge continued its cooperation with state organizations and, with its assistance, An Garda Síochána published *Lámhleabhar Gaeilge an Gharda Síochána* in October 2002. An Foras also provided aid and advice for the public sector with regard to translation and bilingual design, and took part in the Annual Convention of the General Council of County Councils in Bundoran, Co. Donegal.

Advisory Group for Irish in the Local Government Service
During 2002, ongoing discussion took place with the Department of the Environment and Local Government concerning the establishment of an Advisory Group for Irish in the Local Government Service, as specifically mentioned in the Local Government Act, 2001. An Foras looks forward to the establishment of this group during the coming year or such other provision as may be recommended in the Official Languages Act so as to ensure continuation of the good work carried out by the previous group.

Other Activities
An Foras gave a demonstration of its work to the Joint Heritage and Irish Language Committee of the Houses of the Oireachtas in February, and to the Culture, Arts and Entertainment Committee in Stormont in October. During 2002 an Foras raised specific cases with public stakeholders regarding the lack of services through Irish.

An Rannóg Stáit agus Pleanála

Scéim na nOifigeach Gaeilge
Tá scéim ar leith ag Foras na Gaeilge chun Oifigigh Forbartha Gaeilge a cheapadh i réimsí an rialtais áitiúil agus na mbord sláinte, agus tháinig forbairt ar an scéim seo le linn 2002. Bhí an Foras comhpháirteach le 8 n-údarás áitiúil: Comhairle Contae na Gaillimhe, Comhairle Contae Phort Láirge, Comhairle Contae Ros Comáin, Comhairle Contae Chiarraí, Comhairle Contae Chorcaí, Comhairle Contae Dhún na nGall, Comhairle Cathrach Átha Cliath agus don chéad uair, Comhairle Cathrach na Gaillimhe. I réimse na mbord sláinte bhí Oifigeach Forbartha Gaeilge ag feidhmiú iontu seo a leanas: Bord Sláinte an Deiscirt, Bord Sláinte an Oir-Dheiscirt agus Bord Sláinte Lár-Tíre agus don chéad uair, Bord Sláinte an Iarthair, Bord Sláinte an Mheán-Iarthair, Bord Sláinte an Oir-Thuaiscirt.

Forbairt Scéimeanna Nua
Leag an Foras tábhacht ar leith sna comhpháirtíochtaí seo ar chláir ghníomhaíochta don Ghaeilge a ullmhú agus a chur i bhfeidhm sna heagrais éagsúla. Nuair a bheidh Bille na dTeangacha Oifigiúla achtaithe d'fhéadfaí an scéim seo a fhorbairt a thuilleadh i measc aonad eile den earnáil phoiblí chun a chinntiú go mbeidh na scéimeanna teanga atá luaite sa Bhille á réiteach agus á gcur i bhfeidhm. Bíonn teagmháil rialta ag an bhForas le gach oifigeach ar leith agus eagraíodh seimineár lae ar Bhille na dTeangacha Oifigiúla in Oifigí an Fhorais i rith na bliana.

Bille na dTeangacha Oifigiúla
Bhí áthas ar Fhoras na Gaeilge aighneacht a ullmhú don Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Éamon Ó Cuív, T.D., ar Bhille na dTeangacha Oifigiúla agus bhí plé rialta leis an Roinn maidir le moltaí an Fhorais. Is cúis áthais don Fhoras an dul chun cinn a rinneadh ar an mBille le linn 2002.

An Garda Síochána
Lean Foras na Gaeilge de bheith ag comhoibriú le heagrais éagsúla stáit, agus d'fhoilsigh An Garda Síochána, lena chabhair, "Lamhleabhar Gaeilge an Gharda Síochána". Chuir an Foras cabhair agus comhairle ar fáil don earnáil phoiblí, freisin, maidir le haistriúchán agus dearadh dátheangach, agus ghlac sé páirt i gComhdháil Bhliantúil Ard-Chomhairle na gComhairlí Contae i mBun Dobhráin, Co. Dún na nGall.

Grúpa Comhairleach don Ghaeilge sa tSeirbhís Rialtais Áitiúil
Bhí plé leanúnach leis An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil le linn 2002 maidir le Grúpa Comhairleach don Ghaeilge a bhunú sa tSeirbhís Rialtais Áitiúil, mar atá luaite go sonrach san Acht um Rialtas Áitiúil, 2001. Chun a chinntiú go leanfar den dea-obair a bhí ar siúl ag an ngrúpa a bhí ag feidhmiú roimhe seo, tá an Foras ag súil le bunú an ghrúpa seo an bhliain seo chugainn nó le pé socrú eile a dhéanfaí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.

Gníomhaíochtaí Eile
Thug an Foras léiriú ar a chuid oibre don Chomchoiste um Oidhreacht agus an Ghaeilge i dTithe an Oireachtais i mí Feabhra, agus don Choiste Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta i Stormont i mí Dheireadh Fómhair. Le linn 2002 thóg an Foras cásanna ar leith le páirtithe leasmhara san earnáil phoiblí maidir le heaspa seirbhísí Gaeilge.

The Terminology Committee

The Terminology Committee's remit is to provide authoritative, standardized terminology to the educational sector and the public in general. The members, who serve voluntarily on the Committee and its Subcommittees, are experts in the fields of Irish and specialized subjects and sanction terms and agree terminological principles and particular points of grammar. The office staff edit and disperse the terminology as well as providing an advice service to the public in relation to terminological matters.

Work for the Year 2002

The Permanent Committee
The Permanent Committee held its biennial meeting in the head-office of An Foras in November and the Report for 2000-2002 was discussed. Since the strategic survey on the Committee's resources by Farrell, Grant & Sparks was in progress at the time and an associated workshop had been arranged for the following week, members discussed their mandate and made recommendations regarding major points which should be raised at the workshop. It was recommended that representatives from the Permanent Committee should attend the workshop and six did so, making the Committee's case effectively.

The Steering Committee
The Steering Committee held 10 all-day meetings during 2002. The work of the Sub-Committees was planned and supervised, terminological principles were discussed and agreed, research and discussion took place regarding issues relating to lenition, and over a thousand terms or terminological questions were agreed and sanctioned.

Miscellaneous Terminology
Over 3,500 enquiries regarding terminology were received from the educational sector, State Departments and local authorities, State institutions such as An Garda Síochána and the Defence Forces, and from the public in general. Approximately half of the queries concerned educational matters or came from people associated with that sector.

Lists of terms sanctioned at the monthly meetings were published in the monthly magazine, *Comhar*, and were edited and annotated for that purpose.

Issues regarding Lenition
It was decided to set time aside to focus on problems which arise as new terms are being devised, concerning certain points of grammar and, in particular, lenition after the singular feminine noun and on applying the genitive to a two-noun unit. A working-group from among members of the Committee was set up to define these questions and make recommendations in their regard. Some time was spent on this matter at monthly meetings from January to May, the group prepared documents and drafts of the rule, which were then applied to lists of examples. Significant progress was made and a draft rule, thought to be reasonably satisfactory, was provided. The draft rule was sent to people in universities, the media and the Gaeltacht seeking their opinions. Several replies were received as a result, and these will be discussed in the New Year.

An Coiste Téarmaíochta

Féachann An Coiste Téarmaíochta le téarmaíocht chaighdeánach údarásach a sholáthar don earnáil oideachais agus don phobal i gcoitinne. Is saineolaithe ó réimsí na Gaeilge agus na sainábhar eolais iad na baill a fhónann go deonach ar an gCoiste agus a chuid Fochoistí chun an téarmaíocht a fhaomhadh agus prionsabail téarmeolaíochta agus ceisteanna áirithe gramadaí a shocrú. Déanann foireann na hoifige an téarmaíocht a chur in eagar agus a scaipeadh agus cuireann siad seirbhís comhairle ar fáil don phobal maidir le ceisteanna téarmaíochta.

Saothar na Bliana 2002

An Buanchoiste
Reáchtáladh cruinniú débhliantúil an Bhuanchoiste i gceannáras an Fhorais i mí na Samhna agus pléadh Tuarascáil 2000-2002. Ó tharla go raibh suirbhé straitéiseach Farrell, Grant & Sparks faoi acmhainní an Choiste ar bun san am agus ceardlann dá réir beartaithe don tseachtain dar gcionn, rinne na baill an cúram a phlé agus rinne moltaí maidir leis na pointí móra ar chóir iad a dhéanamh ag an gceardlann. Moladh go bhfreastalódh ionadaithe ón mBuanchoiste ar an gceardlann agus rinne seisear acu amhlaidh agus chuir cás an Choiste go héifeachtach.

An Coiste Stiúrtha
Bhí 10 gcruinniú lae den Choiste Stiúrtha ann le linn 2002. Rinneadh pleanáil agus maoirsiú ar obair na bhFochoistí, prionsabail téarmaíochta a phlé agus a shocrú, taighde agus plé ar cheisteanna faoin séimhiú, agus rinneadh os cionn míle téarma nó ceist téarmaíochta a shocrú.

Téarmaíocht Ilghnéitheach
Fuarthas os cionn 3,500 fiosrú téarmaíochta ón earnáil oideachais, ó Ranna Stáit, údaráis áitiúla, institiúidí Stáit mar An Garda Síochána agus Na Fórsaí Cosanta, agus ón bpobal i gcoitinne. Bhain isteach is amach le leath de na fiosruithe le cúrsaí oideachais nó tháinig siad ó dhaoine a baineann leis an earnáil sin.

Foilsíodh liostaí de na téarmaí a faomhadh ag na cruinnithe míosúla san iris mhíosúil, *Comhar*, agus cuireadh eagar orthu agus noda leo chuige sin.

Ceisteanna faoin Séimhiú
Beartaíodh am a chur i leataobh chun díriú ar fhadhbanna a thagann chun cinn le linn cheapadh na téarmaíochta maidir le pointí áirithe gramadaí, go háirithe maidir le séimhiú i ndiaidh an ainmfhocail bhaininscnigh uatha agus cur i bhfeidhm an ghinidigh ar aonad dhá ainmfhocal. Bunaíodh grúpa oibre as measc bhaill an Choiste chun na ceisteanna seo a shainiú agus chun moltaí a dhéanamh ina dtaobh. Caitheadh roinnt ama ag na cruinnithe míosúla ó mhí Eanáir go Bealtaine ar an gcúram, réitigh an grúpa oibre cáipéisí agus dréachtaí den riail agus féachadh lena gcur i bhfeidhm ar liosta samplaí. Rinneadh dul chun cinn suntasach go dtí go raibh dréachtriail ar fáil a measadh a bheith réasúnta sásúil. Cuireadh an dréachtriail seo amach ag triall ar dhaoine sna hollscoileanna, sna meáin agus sa Ghaeltacht féachaint lena dtuairimí a fháil. Tháinig cuid mhaith freagraí isteach dá thoradh seo agus beidh siad á gcíoradh ag an ngrúpa oibre san athbhliain.

Work of the Subcommittees

The Computing Subcommittee
The Computing Dictionary was completed in December and the dictionary sent to Fiontar to have it prepared for publication on compact disc.

The Literary Criticism Subcommittee
This Subcommittee had four meetings during the year and terms collected by members were discussed, apart from some which were forwarded to the Steering Committee. A working group of postgraduate students from St. Patrick's College, Drumcondra read the corpus of Irish-language literary criticism alongside the Subcommittee's checklist, to ensure that important terms had not been omitted. Feedback from the stakeholders is now being sought.

The Proper Names and Foreign Placenames Subcommittee
This Subcommittee met twice during 2002 to examine the rules and principles of transliteration in regard to proper names. It was proposed that comprehensive lists of proper names should be collected from various sources.

New Editions
The following dictionaries and lists are now in electronic format:

Foclóir Staidéir Ghnó / Dictionary of Business Studies
Foclóir Ceirdeanna is Teicneolaíochta / Dictionary of Trades and Technology
Foclóir Talmhaíochta / Dictionary of Agriculture
Foclóir Déiríochta / Dictionary of Dairying
Foclóir Ceoil / Dictionary of Music
Eacnamaíocht Bhaile / Home Economics Dictionary
Liosta Spóirt / List of Sports Terms
Liosta Ainmneacha Dílse / List of Proper Names
Liosta Logainmneacha / List of Placenames

Work was commenced on new editions of *Eacnamaíocht Bhaile*, *Foclóir Ceoil* and *Foclóir Staidéir Ghnó*. Subcommittees will be established in these areas, as resources allow, in order to develop the new editions. Many additional terms were collected in the field of Home Economics and added to the original dictionary, laying a good foundation for a new edition.

Other Projects
Lámhleabhar Gaeilge An Gharda Síochána
This dictionary was published by An Garda Síochána in October and launched by the Chief Executive of An Foras.

Electronic Projects

Terminology Dictionaries on Compact Disc
A trial version of the CD on which there are 7 terminological dictionaries was provided by Fiontar (Dublin City University) during the year. The project was delayed, however, because of the complex nature of the work required for the Computing Dictionary and the Fiontar Dictionary, which contains some of the same terminology. The work was completed in December and the Computing Dictionary was forwarded to Fiontar for marking for the compact disc.

Obair na bhFochoistí

An Fochoiste Ríomhaireachta
Críochnaíodh an obair ar an bhfoclóir ríomhaireachta i mí na Nollag agus cuireadh an foclóir chuig Fiontar chun é a mharcáil i gcomhair a fhoilsithe ar dhlúthdhiosca.

An Fochoiste Critice is Litríochta
Bhí ceithre chruinniú den Fhochoiste seo ann le linn na bliana agus pléadh na téarmaí a bhí bailithe ag na baill, seachas roinnt a cuireadh ar aghaidh chuig an gCoiste Stiúrtha. Le cabhair ó Choláiste Phádraig, Droim Conrach, léigh meitheal mac léinn iarchéime corpas critice na Gaeilge taobh le seicliosta an Fhochoiste chun a chinntiú nach raibh téarmaí tábhachtacha fágtha ar lár. Tá aiseolas á lorg ó pháirtithe leasmhara eile anois.

An Fochoiste Ainmneacha Dílse agus Logainmneacha Iasachta
Tháinig an Fochoiste seo le chéile faoi dhó le linn 2002 chun rialacha agus prionsabail traslitrithe maidir le hainmneacha dílse a bheachtú. Moladh liostaí cuimsitheacha d'ainmneacha dílse a bhailiú as foinsí éagsúla.

Atheagráin
Tá na foclóirí agus na liostaí seo a leanas ar fáil ar an ríomhaire anois:

Foclóir Staidéir Ghnó
Foclóir Ceirdeanna agus Teicneolaíochta
Foclóir Talmhaíochta
Foclóir Déiríochta
Foclóir Ceoil
Eacnamaíocht Bhaile
Liosta Spóirt
Liosta Ainmneacha Dílse
Liosta Logainmneacha

Tosaíodh ar atheagráin a ullmhú d'*Eacnamaíocht Bhaile*, den *Fhoclóir Ceoil*, agus den *Fhoclóir Staidéir Ghnó*. Bunófar Fochoistí sna réimsí seo, de réir mar is acmhainn, leis na hatheagráin seo a fhorbairt. Bailíodh cuid mhaith téarmaí breise i réimse na heacnamaíochta baile agus cuireadh leis an mbunfhoclóir iad, rud a fhágann dúshraith mhaith i gcomhair atheagráin.

Tionscadail Eile
Lámhleabhar Gaeilge an Gharda Síochána
Foilsíodh an foclóir seo i mí Dheireadh Fómhair agus ba é Príomhfheidhmeannach an Fhorais a sheol é.

Tionscadail Leictreonacha

Foclóirí Téarmaíochta ar Dhlúthdhiosca
Chuir Fiontar (Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath) leagan trialach den dlúthdhiosca ar fáil dúinn ar a bhfuil 7 gcinn d'fhoclóirí téarmaíochta. Cuireadh moill ar an tionscadal, áfach, de bharr chastacht na hoibre a bhí le déanamh ar an bhFoclóir Ríomhaireachta agus ar Fhoclóir Fiontair, áit a bhfuil cuid den téarmaíocht chéanna. Críochnaíodh an obair i mí na Nollag agus cuireadh an Foclóir Ríomhaireachta ar aghaidh chuig Fiontar chun é a mharcáil don dlúthdhiosca.

Tionscadal an Idirlín
Rinneadh socrú go n-eiseofaí cuid d'obair an Choiste ar an láithreán gréasáin www.acmhainn.ie, an láithreán d'aistritheoirí, agus rinneadh obair eagarthóireachta ar liostaí bliantúla an Choiste Stiúrtha ó 1985-2000 chuige

The Internet Project
An arrangement was made to issue some of the Committee's work on the website www.acmhainn.ie, the site for translators, and the Steering Committee's annual lists from 1985-2000 were edited for this purpose. There has been a significant increase in the number of hits to the site since the general list was issued, with around 3,500, for example, in September, but over 13,000 in October (after the list went online).

ISO/TC37
In 2001 the Secretary of the Committee was appointed as NSAI (National Standards Association of Ireland) representative on TC37, an ISO (International Organization for Standardisation) technical committee for terminological standards, and she attended the annual meetings of TC37 in Vienna in August of this year. This is an important link for the Committee's work, from the aspect of contact with the international world of terminology.

Strategic Survey on The Terminology Committee, its structures and resources
As part of an ongoing review of structures and resources in Foras na Gaeilge, an extensive list of the Committee's stakeholders was provided and the consultants undertaking the review received a vast number of submissions from them.

Maighréad Uí Mháirtín, Cathaoirleach Fhoras na Gaeilge, agus Seosamh Mac Donncha, Príomhfheidhmeannach
Maighréad Uí Mháirtín, Chairperson, Foras na Gaeilge, and Seosamh Mac Donncha, Chief Executive

sin. Tháinig méadú suntasach ar líon na n-amas ar an láithreán ó cuireadh suas an t-oll-liosta sin. Mar shampla, rinneadh thart ar 3,500 amas i mí Mheán Fómhair, ach os cionn 13,000 amas i mí Dheireadh Fómhair (tar éis don liosta a bheith curtha suas).

ISO/TC37

Ceapadh Rúnaí an Choiste mar ionadaí Údarás Náisiúnta Caighdeán na hÉireann (NSAI) ar TC37, coiste teicniúil faoi chaighdeáin téarmeolaíochta de chuid ISO (Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeáin) i 2001 agus d'fhreastail sí ar chruinnithe bliantúla TC37 i Vín i mí Lúnasa na bliana seo. Is nasc tábhachtach é seo d'obair an Choiste ó thaobh teagmháil a bheith againn le saol idirnáisiúnta na téarmeolaíochta.

Suirbhé Straitéiseach ar Réimse an Choiste Téarmaíochta

Mar chuid d'athbhreithniú atá ar siúl ar na structúir agus na hacmhainní i bhForas na Gaeilge, cuireadh liosta fada de pháirtithe leasmhara an Choiste ar fáil agus fuair na sainchomhairleoirí a bhí i mbun an athbhreithnithe cuid mhór aighneachtaí uathu.

Seosamh Mac Donncha, Príomhfheidhmeannach Fhoras na Gaeilge ag bualadh le hionadaithe ó phobal na Gaeilge i mBéal Feirste

Seosamh Mac Donncha, Chief Executive Foras na Gaeilge meeting representatives of the Irish language community in Belfast

An Gúm

The following are the areas of work engaged in by *An Gúm* in 2002, and for which associated material was published:

- Preschool and primary school publications
- Post-primary publications
- General / Information Books for Young People
- Specialized Irish-language material
- Lexicography

Primary School Publications
Work was continued, which was commenced in 2001, with regard to the publication of material suitable for use as primary school texts and in line with the directives and learning methods emphasized in the Revised Curriculum.

A number of books suitable for pre-school and for junior classes in primary schools were published. Among them were a new expanded edition of *Ainmhithe sa Teas* and a new edition of a book of nursery rhymes in great demand, *Sonas is Só,* by Treasa Ní Ailpín. Another successful book in this field was *An Sicín Beag Buí,* a book in great demand by Irish-language playschool leaders.

In addition to these, a number of books were published which focus on the basic reading requirements of early reading. They are full-colour illustrated books, with simple text, and emphasis on repetition, verification and pleasure as a method of teaching reading. New titles in this area are *Síoda* by Paula Howard and Pádraic Ó Murchú, and *Bran ag Cuardach,* a book containing both reading matter and a hidden game. The picture books *Bronntanas do Mhamaí* and *Lúsaí Lasairéan* are aimed at older children (c. five years) who are learning to read but still have books read for them by a teacher or parent.

During 2002, An Gúm set about increasing the number of books available for children who have commenced reading on their own. There is a significant gap in the supply for this age group (7 years+). Layout and design must be given special attention in such books, and must also be in line with levels of reading and language ability. A "real book" must be provided which is sufficiently simple and attractive to entice a child to make his/her way through it from beginning to end. Three titles were published, aimed specifically at these targets. They were *An Camán Draíochta* by Brian de Bhaldraithe, *An Chailleach agus a Cuid Gruaige* by Gabrielle Ní Mheachair and *Céard atá sa Bhosca?* by Áine Ní Ghlinn.

The Wonder of books
- Draíocht na leabhar!

An Gúm

Is iad seo a leanas na réimsí oibre a bhí idir lámha ag an nGúm in 2002 agus ar foilsíodh ábhair a bhain leo:

- Foilseacháin Réamhscoile agus Bhunscoile
- Foilseacháin Iar-bhunscoile
- Leabhair Ghinearálta/Eolais do dhaoine óga
- Sainábhar Gaeilge
- An Fhoclóireacht

Foilseacháin Bhunscoile
Leanadh den obair ar cuireadh tús léi in 2001 maidir le foilsiú ábhar a bheadh oiriúnach le húsáid mar théacsanna bunscoile agus a bheadh ag teacht leis na treoracha agus na modhanna foghlama atá i dtreis sa Churaclam Athbhreithnithe.

Foilsíodh roinnt leabhar a bhí oiriúnach don réamhscolaíocht agus do bhunranganna na bunscoile. Ina measc sin bhí, eagrán nua méadaithe d'*Ainmhithe sa Teas* agus eagrán nua den leabhar rannta móréilimh, *Sonas is Só,* le Treasa Ní Ailpín. Leabhar eile sa réimse sin ar éirigh go maith leis ba ea *An Sicín Beag Buí* **,** leabhar a bhfuil éileamh ar leith air ag Stiúrthóirí Naíonraí.

Chomh maith leosan foilsíodh roinnt leabhar eile a bhí dírithe ar riachtanais na bunléitheoireachta. Leabhair lándaite phictiúrtha iadsan a bhfuil téacs simplí i gceist leo agus an bhéim ar athrá, ar véarsaíocht agus ar phléisiúr iontu mar mhodh foghlamtha na léitheoireachta. Teidil nua sa réimse sin ba ea *Síoda* le Paula Howard agus Pádraic Ó Murchú agus *Bran ag Cuardach,* leabhar a bhfuil idir léitheoireacht agus chluiche folaigh i gceist ann. Bhí na pictiúrleabhair *Bronntanas do Mhamaí* agus *Lúsaí Lasairéan* dírithe ar pháistí níos sine (c. cúig bliana) a bheadh ag tabhairt faoin léitheoireacht ach a mbeadh leabhair fós á léamh dóibh ag múinteoir nó tuismitheoir.

Le linn 2002 tugadh faoi chur le líon na leabhar atá ar fáil do pháistí atá tosaithe ar ábhar a léamh ar a gconlán féin. Tá bearna shuntasach sa soláthar don aoisghrúpa sin (7 mbliana +). Bíonn cúram ar leith le déanamh den leagan amach agus den dearadh i gcás leabhar den chineál sin, agus na gnéithe sin a bheith ag teacht le leibhéal na léitheoireachta agus na teanga. 'Fíorleabhar' is gá a sholáthar ach é a bheith simplí agus tarraingteach go leor chun an dalta a mhealladh lena shlí a dhéanamh tríd ó thús deireadh. Foilsíodh trí theideal a bhí dírithe ar na spriocanna sin go speisialta. Ba iad sin *An Camán Draíochta* le Brian de Bhaldraithe, *An Chailleach agus a Cuid Gruaige* le Gabrielle Ní Mheachair agus *Céard atá sa Bhosca?* le hÁine Ní Ghlinn.

Leabhair eile a bhí ag freastal ar riachtanais éagsúla an aoisghrúpa sin ba ea dhá eagrán nua-mhaisithe d'insint Mháiréad Ní Ghráda ar *Rápúnzell* agus *Seán agus an Gas Pónaire.* Foilsíodh *André agus an Tarbh Iontach* le Diane Lavery, dírithe ar dhaltaí a bhfuil cumas maith léitheoireachta bainte amach acu.

D'éirigh chomh maith sin leis an eagrán Gaeilge a rinne Gabriel Rosenstock den leabhar *The Gruffalo (An Garbhán)* gur beartaíodh leagan Gaeilge a fhoilsiú den leabhar a lean é, freisin. Faoin teideal *Scuabtha chun Siúil* leis an aistritheoir céanna a foilsíodh an leabhar sin.

Other books catering for the various needs of this age group were two newly illustrated editions of Máiréad Ní Ghráda's telling of *Rápúnzell* and *Seán agus an Gas Pónaire.* Also published was *André agus an Tarbh Iontach* by Diane Lavery, aimed at children who have achieved good reading ability.

The Irish-language edition of *The Gruffalo (An Garbhán)* by Gabriel Rosenstock was so successful that it was decided to publish an Irish-language version of the follow-up book also. This book, by the same translator, was published under the title *Scuabtha chun Siúil*.

Mathematics
As regards other subjects on the Primary School Curriculum, the first part of a new mathematics series entitled *Mata le Chéile: Tús Maith* by Florence Gavin was published during the year. This unit was aimed at junior and senior infants. Units for other classes are still in preparation. This series is totally in line with the recommendations in the Revised Curriculum as regards the teaching of mathematics, where emphasis is placed on practical experience and on a child-centred approach to acquiring mathematical concepts.

Science
Science is to be taught as a separate subject as part of the Revised Curriculum. During the year, a four-title series of science books was published, which relate to the subject matter of the curriculum and are aimed especially at presenting the basics of a number of biology issues to young people in a pleasant and attractive way. *Eoin Eolaí* is the title of the series and the four books in question are: *Fiacla Folláine, Bealach an Bhia, Cogadh na bhFrídíní* and *Tá mo chuid ceall ag fás.*

Geography
Both school-goers and the general public have been demanding a wall map of Ireland for some time. The publishing of *Atlas Bunscoile* last year provided the opportunity to satisfy this demand. After consulting experts, it was decided to print a wall map based on certain pages from the Atlas. It is a two-sided, laminated and full-colour map, illustrating the administrative and physical aspects of the country clearly and colourfully.

Primary School Project in association with the Department of Education
During the year, Foras na Gaeilge and the Department of Education and Science reached an agreement regarding the publication of primary school teaching aids which were being prepared by the Department curriculum designers. These are a group of teachers on release from teaching responsibilities to design subject matter and teaching aids for the teaching of Irish in Gaeltacht and Irish-medium schools. The Department agreed to cover the costs of production and editing associated with the project and Foras na Gaeilge agreed that An Gúm would prepare the material for publication. The preparation of Junior Infants' material began towards the end of 2002 and it was hoped to have a complete package of aids for this class ready by the beginning of the 2003 school-year.

Post-Primary Publications

Some of the projects commenced in 2001 were continued through 2002. Others were brought to completion. The subject areas worked on during the year are as follows:

> Science (JC); Mathematics (JC); Geography (JC); History (JC and Transition Year); Business (LC); Biology (LC); Home Economics (JC).

Ciarán, Séadhna agus Cian Mac Gabhann ag seoladh leabhar de chuid an Ghúim
Ciarán, Séadhna and Cian Mac Gabhann at the launch of some of An Gúm's books

An Mhatamaitic
Maidir leis na hábhair eile sa Churaclam Bunscoile, foilsíodh an chéad chuid de shraith nua Matamaitice dar teideal *Mata le Chéile: Tús Maith* le Florence Gavin i rith na bliana. Is ar na Naíonáin Sóisir agus na Naíonáin Sinsir a bhí an t-aonad seo dírithe. Tá aonaid le haghaidh na ranganna eile á réiteach go fóill. Tá an tsraith seo ag teacht go hiomlán lena bhfuil molta sa Churaclam Athbhreithnithe maidir le múineadh na Matamaitice, áit a bhfuil an bhéim ar thaithí phraiticiúil agus ar chur chuige páistelárnach, chomh fada is a bhaineann le sealbhú na gcoincheap matamaiticiúil de.

An Eolaíocht
Tá an eolaíocht le múineadh mar ábhar ar leith den Churaclam Athbhreithnithe freisin. Foilsíodh sraith ceithre theideal de leabhair eolaíochta i rith na bliana atá bainteach le hábhar an churaclaim, agus atá dírithe go speisialta ar bhuntús roinnt ceisteanna bitheolaíochta a chur i láthair daoine óga ar bhealach taitneamhach tarraingteach. *Eoin Eolaí* teideal na sraithe agus is iad na ceithre leabhar atá i gceist ná: *Fiacla Folláine, Bealach an Bhia, Cogadh na bhFrídíní* agus *Tá mo chuid ceall ag fás.*

An Tíreolaíocht
Is fada éileamh ag lucht scoile agus ag an bpobal i gcoitinne ar léarscáil bhalla d'Éirinn. Le foilsiú *Atlas Bunscoile* anuraidh, bhí deis ann an t-éileamh sin a shásamh. Tar éis dul i gcomhairle le saineolaithe, beartaíodh léarscáil bhalla bunaithe ar leathanaigh ar leith den Atlas a chur i gcló. Dhá thaobh lannaithe lándaite atá ar an léarscáil a léiríonn gnéithe riaracháin agus gnéithe fisiceacha den tír agus iad rianaithe go soiléir dathannach.

Tionscadal Bunscoile i gcomhar leis an Roinn Oideachais
I rith na bliana tháinig Foras na Gaeilge agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ar shocrú maidir le foilsiú na n-áiseanna teagaisc bunscoile a bhí á réiteach ag dearthóirí curaclaim na Roinne. Buíon múinteoirí iadsan atá ar iasacht óna gcúram múinteoireachta agus atá ag dearadh ábhar agus áiseanna teagaisc le haghaidh mhúineadh na Gaeilge sna scoileanna Gaeltachta agus sna Gaelscoileanna. D'aontaigh an Roinn go seasfaidís-sean na costais táirgthe agus eagarthóireachta a bhainfeadh leis an tionscadal agus shocraigh Foras na Gaeilge gurb é an Gúm a réiteodh an t-ábhar chun a fhoilsithe. Tosaíodh ar ábhar na Naíonán Sóisir a réiteach i dtreo dheireadh na bliana 2002 agus bhíothas ag súil go mbeadh an pacáiste iomlán áiseanna don rang sin le fáil faoi thús na scoilbhliana 2003.

The following titles were published during the year:

Téacs agus Trialacha 1 (A new edition of the Junior Certificate Maths textbook)
Fócas ar an Stair (A textbook covering the full Junior Certificate history course)
Cúrsaí Gnó 1 & 2 (Euro edition of the Junior Certificate Textbook)
Nua-Thíreolaíocht: Leabhar Saothair (Junior Certificate Geography)
Nua-Thíreolaíocht (the first part of the Geography Textbook for the Junior Certificate in PDF format on CD-Rom)
Bitheolaíocht Shinsearach 3 & 4 (Leaving Certificate Textbook)
An tEolaí 3 issues (Science Newsletter).

In addition, past exam papers were published for an additional number of subjects. The following is the complete list:

Exam Papers: 1994-2002 (Ordinary Level and Higher Level)

- **Junior Certificate:** Mathematics; History; Geography; Business Studies; Metalwork; Materials Technology: Wood; Science; Home Economics; Art, Craft and Design; Technical Graphics; Civic, Social and Political Education (1999-2002).
- **Leaving Certificate:** Mathematics; History; Geography; Physics; Chemistry; Biology; Business Studies; Accountancy.

General Knowledge Publications for Young People

Suitable reading material for teenagers is often mentioned among the deficiencies in the current book supply. In the absence of comprehensive research into the matter it is quite difficult to measure the reading requirements of that age group in the context of their language ability. Two books aimed at this age group were published this year. *Fairtheoireacht Éan* is an information book that seeks to awaken people's interest in birds. It contains a description of every type of bird found in this part of the world and shows of how to recognize them, etc. *Mo Chroí san Afraic* is an adventure novel for young teenagers, with a strong ecological theme running through it. It is a translation of an original work in Catalan by Victor Moro.

An Béal Beo

A new edition of this well-known work by Professor Tomás Ó Máille was published towards the end of the year. *An Béal Beo* is one of the most important word collections in modern Irish, and is awash with greetings, phrases and words to enrich your Irish. It was first published in 1936 and had been out of print for a long time.

Publicity

Catalogues of publications by An Gúm were distributed to schools and public libraries, and also at teachers' conferences, the Education Exhibition, and at other relevant events. Information about publications is still mainly circulated through the medium of catalogues. Publicity for our books was mainly generated through the distribution of the catalogues and advertisements in the printed media. Review copies of publications were circulated to all media. In 2002, new editions or reprints of the following catalogues were issued:

Foilseacháin Iar-bhunscoile

Cuid de na tionscadail ar cuireadh tús leo in 2001, leanadh leo le linn 2002. Tugadh cuid eile chun críche. Is iad na réimsí ábhar a rabhthas ag obair orthu i rith na bliana ná

> An Eolaíocht (TS); An Mhatamaitic (TS); An Tíreolaíocht (TS); An Stair (TS agus Idirbhliain); An Gnó (AT); An Bhitheolaíocht (AT), An Eacnamaíocht Bhaile (TS)

Is iad seo a leanas na foilseacháin a cuireadh ar fáil i rith na bliana:

> *Téacs agus Trialacha 1*: Eagrán nua den téacsleabhar matamaitice don Teastas Sóisearach.
> *Fócas ar an Stair*: Téacsleabhar a chlúdaíonn cúrsa iomlán staire an Teastais Shóisearaigh.
> *Cúrsaí Gnó 1 & 2* (eagrán euro de Théacsleabhar an Teastais Shóisearaigh)
> *Nua-Thíreolaíocht: Leabhar Saothair* (Tíreolaíocht an Teastais Shóisearaigh)
> *Nua-Thíreolaíocht* (an chéad chuid den téacsleabhar Tíreolaíochta don Teastas Sóisearach i bhfoirm PDF ar CD-Rom)
> *Bitheolaíocht Shinsearach 3 & 4* (Téacsleabhar Ard-Teistiméireachta)
> *An tEolaí,* 3 eagrán (Nuachtlitir Eolaíochta)

Chomh maith leis sin, cuireadh le líon na n-ábhar inar foilsíodh iarpháipéir scrúdaithe. Seo a leanas an liosta iomlán:

Páipéir Scrúdaithe: 1994-2002 (Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal)

- **An Teastas Sóisearach:** Matamaitic; Stair; Tíreolaíocht; Staidéar Gnó; Miotalóireacht; Teicneolaíocht Ábhar: Adhmad; Eolaíocht; Eacnamaíocht Bhaile; Ealaín, Ceardaíocht agus Gréaschóiriú; Grafaic Theicniúil, Oideachas Saoránachta, Sóisialta agus Polaitiúil (1999-2002).
- **An Ardteistiméireacht:** Matamaitic; Stair; Tíreolaíocht; Fisic; Ceimic; Bitheolaíocht; Gnó; Cuntasaíocht.

Foilseacháin Ghinearálta/Eolais do dhaoine óga

Is minic a luaitear ábhar oiriúnach léitheoireachta do dhéagóirí i measc na n-easnamh sa soláthar leabhar atá ar fáil. In éagmais taighde cuimsitheach ar an gceist bíonn sé deacair go maith riachtanais léitheoireachta an aoisghrúpa sin a thomhas i gcomhthéacs a chumais teanga. Foilsíodh dhá leabhar i mbliana a bhí dírithe ar an aoisghrúpa sin. Leabhar eolais is ea *Fairtheoireacht Éan* a fhéachann le suim daoine sna héin a mhúscailt. Tá cur síos ann ar an uile chineál éin a fhaightear sa chuid seo den domhan agus ar na bealaí chun iad a aithint, agus mar sin de. Úrscéal eachtraíochta do dhéagóirí óga is ea *Mo Chroí san Afraic* a bhfuil téama láidir éiceolaíochta tríd. Aistriúchán é ar leabhar Catalóinise le Victor Moro.

An Béal Beo

Foilsíodh eagrán nua de shaothar cáiliúil an Ollaimh Tomás Ó Máille ag deireadh na bliana. Tá *An Béal Beo* ar cheann de na stórtha focal is tábhachtaí

Catalóg Ábhar do Dhaoine Óga
Catalóg na dTéacsleabhar
Catalóg na bhFoclóirí
An Chatalóg Cheoil

Cathal Goan, broadcaster and Director of Television in RTÉ, launched all of An Gúm's publications for the year at an event in November 2002. Over 60 individual publications were launched on that occasion.

Reprints
As well as the above new publications, the following books were reprinted:

Eolaíocht na Linne seo
Mamó ar an Fheirm
An Maicín Cliste
Fuath agus Feall
Cladaí Chonamara
An Chircín Rua
Cinnín Óir agus na Trí Bhéar
An Sionnach Glic agus an Chircín Rua
Cochaillín Dearg
Na Trí Mhuicín
Buntús Cainte 1
Gafa le Mata 2 ,3 ,4, 5, 6
Gafa le Mata 3, 6 (Assessment Tests)
Féach Thart 3, 4

Lexicography

At the end of 2001, it was decided to implement the following steps with regard to lexicography:

1. To seek applications from people to build a technical and style framework for the dictionary, in association with An Foras, with reference to corpus material, layout, methodology, computer "support" systems, style guide, etc.

2. To proceed with the establishment of a Lexicography/Corpus Planning Unit within Foras na Gaeilge, and appoint a director for same.

3. To run a basic training course in modern lexicography in association with other institutions/experts, with the aim of training potential lexicographers.

The competition in relation to drafting a technical and style framework for the dictionary was advertised widely in newspapers and in the Official Journal of the European Union in July and applications were submitted to a panel of assessors. The Chief Executive, Director of Corporate Services and Senior Editor of An Gúm were the members of the panel. In order to assist the panel in carrying out its work fairly, a group of special advisors was appointed, comprising Dr Caoilfhionn Nic Pháidín, Director of FIONTAR,

sa Nua-Ghaeilge, agus tá sé lán le beannachtaí, nathanna, agus focail le do chuid Gaeilge a shaibhriú. I 1936 a céadfhoilsíodh é agus bhí sé as cló le fada.

Poiblíocht
Dáileadh catalóga d'fhoilseacháin an Ghúim ar na scoileanna agus ar na leabharlanna poiblí agus tugadh amach iad ag comhdhálacha múinteoirí, ag an Taispeántas Oideachais agus ag ócáidí tráthúla eile. Is trí mheán na gcatalóg is mó a scaiptear eolas go fóill i dtaobh na bhfoilseachán, agus is trí dháileadh na gcatalóg agus trí fhógraíocht ar na meáin chlóite, den chuid is mó, a gineadh poiblíocht do na leabhair. Scaipeadh cóipeanna léirmheasa de na foilseacháin ar na meáin uile. Sa bhliain 2002 cuireadh eagráin nua nó athchló de na catalóga seo a leanas amach:

Catalóg Ábhar do Dhaoine Óga
Catalóg na dTéacsleabhar
Catalóg na bhFoclóirí
An Chatalóg Cheoil

Sheol Cathal Goan, craoltóir agus Bainisteoir Stiúrtha Teilifíse RTÉ, foilseacháin uile an Ghúim ag ócáid i mí na Samhna 2002. Seoladh os cionn 60 foilseachán ar leith an oíche sin.

Athchlónna
Chomh maith leis na foilseacháin nua uile thuas, cuireadh athchló ar na leabhair seo a leanas:

Eolaíocht na Linne seo
Mamó ar an Fheirm
An Maicín Cliste
Fuath agus Feall
Cladaí Chonamara
An Chircín Rua
Cinnín Óir agus na Trí Bhéar
An Sionnach Glic agus an Chircín Rua
Cochaillín Dearg
Na Trí Mhuicín
Buntús Cainte 1
Gafa le Mata 2 ,3 ,4, 5, 6
Gafa le Mata 3, 6 (Assessment Tests)
Féach Thart 3, 4

An Fhoclóireacht

Ag deireadh na bliana 2001 socraíodh go gcuirfí na céimeanna seo a leanas i gcrích maidir leis an bhfoclóireacht:

1. Iarratais a lorg ó dhaoine a chuirfeadh creatlach theicniúil agus stíle an fhoclóra le chéile i gcomhar leis an bhForas, maidir le corpas, leagan amach, modheolaíocht, córas ríomhaireachta, treoir stíle &rl.

2. Dul ar aghaidh le bunú Aonad Foclóireachta/Pleanála Corpais an Fhorais, agus stiúrthóir a cheapadh ar an aonad sin.

Dr Julie Bernsden, Computer Linguist in University College Dublin and Aidan Horan, Director of the Financial and Planning Unit, Institute of Public Administration. Specialized reports were received, also, from Dr Dafydd Gibbon, Bielefeld University in Germany, Dr Wolfgang Worsch, Langenscheidt Publishers, München and from Dr Diarmuid Ó Muirithe, *emeritus* lecturer, University College Dublin.

The advisory group presented an agreed report recommending that the Lexicography MasterClass (LMC) application be accepted on condition that (a) arrangements in the application concerning the Irish-language editorial aspect of the project be strengthened and (b) the overall price mentioned in the submission be examined in greater detail, with a view to reducing it substantially. The Assessment Panel accepted this recommendation.

Negotiations are taking place between LMC and Foras na Gaeilge, with the help of the special advisors, and it is hoped that a contract will be signed early in 2003.

Training Course

Because of the shortage of trained lexicographers in the country, the urgent need to provide basic training to people in this discipline was identified. An open competition was run during the year seeking qualified people to provide a short basic training course. As a result of this process, it was decided, when the applications were assessed, to ask Lexicography MasterClass and Institiúid Teangeolaíochta Éireann to provide a joint course covering aspects of lexicography as an international discipline, including both the technology aspect associated with it, and the Irish language aspect. The course was run over two weekends in November and was in great demand. The number of places on the course was limited to 40, while over 120 people applied. Because of the demand and the high rate of satisfaction, it was thought worthwhile to run the course again in 2003.

Review of An Gúm

As a result of an open competition for tenders, the Farrell, Grant & Sparks consultancy company was chosen to review the role and operation of An Gúm, An Coiste Téarmaíochta and Áis within Foras na Gaeilge, as recommended in the Strategic Plan. They commenced work in October, and several discussion workshops were organized with staff. Structure, work methods, areas of work, resources, marketing and associated matters were discussed. Contact was made also with stakeholders associated with An Gúm. At the year's end, FGS was preparing a draft report in connection with its mandate.

3. Bunchúrsa oiliúna san fhoclóireacht nua-aimseartha a reáchtáil i gcomhar le hinstitiúidí/saineolaithe eile d'fhonn oiliúint a chur ar ábhair foclóirithe.

Fógraíodh an comórtas maidir le creatlach theicniúil agus stíle an fhoclóra a dhréachtú, go forleathan sna nuachtáin agus in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i mí Iúil agus cuireadh na hiarratais faoi bhráid painéil mheasúnaithe. Ba iad An Príomhfheidhmeannach, An Stiúrthóir ar Sheirbhísí Corparáideacha agus Eagarthóir Sinsearach an Ghúim baill an Phainéil. Chun cabhrú leis an bpainéal a gcuid oibre a dhéanamh go cothrom bunaíodh grúpa sainchomhairleoirí ar a raibh an Dr Caoilfhionn Nic Pháidín, Stiúrthóir FIONTAR, an Dr Julie Bernsden, Ríomhtheangeolaí i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus Aidan Horan, Stiúrthóir ar an Aonad Airgeadais agus Pleanála, An Foras Riaracháin. Fuarthas chomh maith saintuairiscí ón Dr Dafydd Gibbon, Ollscoil Bielefeld sa Ghearmáin, ón Dr Wolfgang Worsch, Foilsitheoirí Langenscheidt, München agus ón Dr Diarmuid Ó Muirithe, léachtóir *emeritus,* Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

Chuir an grúpa comhairleach tuairisc aontaithe ar fáil agus mhol siad go nglacfaí le hiarratas an Lexicography MasterClass (LMC) ar an gcoinníoll (a) go láidreofaí na socruithe san iarratas maidir le cuid na heagarthóireachta Gaeilge den tionscadal agus (b) go ndéanfaí scagadh níos mine ar an ollchostas a bhí luaite sa tairiscint d'fhonn laghdú substaintiúil a dhéanamh air. D'aontaigh an Painéal Measúnaithe leis an moladh seo.

Tá idirbheartaíocht ar siúl idir LMC agus Foras na Gaeilge, le cabhair ó na sainchomhairleoirí, agus tá súil againn conradh a shiniú go luath i 2003.

Cúrsa Oiliúna

De bharr easpa foclóirithe oilte sa tír tuigeadh go raibh géarghá le bunoiliúint a chur ar dhaoine sa cheird seo. Reáchtáladh comórtas oscailte i rith na bliana ag lorg daoine cáilithe a chuirfeadh bunchúrsa gearr oiliúna ar fáil. De thoradh an phróisis sin, beartaíodh, agus na hiarratais a tháinig isteach á meas, go n-iarrfaí ar an Lexicography MasterClass agus ar Institiúid Teangeolaíochta Éireann comhchúrsa a chur ar fáil a chuimseodh gnéithe den fhoclóireacht mar cheird idirnáisiúnta, gné na teicneolaíochta den cheird agus gné na Gaeilge di. Ritheadh an cúrsa le linn dhá dheireadh seachtaine i mí na Samhna agus bhí an-éileamh air. Bhí teorainn de 40 áit ar an gcúrsa agus chuir os cionn 120 duine isteach air. Toisc an t-éileamh agus an ráta sástachta a bheith chomh hard sin bhíothas den tuairim gurbh fhiú go mór an cúrsa a rith arís in 2003.

Athbhreithniú ar an nGúm

De thoradh comórtais oscailte tairisceana roghnaíodh an comhlacht Farrell Grant Sparks chun athbhreithniú a dhéanamh ar ról agus ar fheidhmiú an Ghúim, An Choiste Téarmaíochta agus Áis, laistigh d'Fhoras na Gaeilge, mar a leagadh síos sa Phlean Straitéiseach. Chuaigh siad i mbun oibre i mí Dheireadh Fómhair na bliana agus eagraíodh roinnt ceardlann plé leis an bhfoireann. Pléadh cúrsaí struchtúir, modhanna oibre, réimsí oibre, acmhainní, margaíocht agus ábhair ghaolmhara eile. Chuathas i dteagmháil freisin leis na páirtithe leasmhara a mbíonn baint ag an nGúm leo. Faoi dheireadh na bliana bhí dréacht-tuarascáil i leith an chúraim á réiteach ag FGS.

ÁIS

Bord na Gaeilge established *An Áisíneacht Dáiliúchán Leabhar* (ÁIS) in 1980 to distribute Irish-language publications nationally and internationally. Bord na Gaeilge's responsibilities in regard to Áis were transferred to Foras na Gaeilge from 1999 onwards.

Áis supplies books to over 280 bookshops throughout the island, 30 in Britain, 8 in continental Europe, 12 in the United States and 10 in Australia and New Zealand. Up to 238,059 books were distributed during 2002. The following is a list of the ten new best-sellers sold through Áis in 2002.

	Title	**No. sold by Áis in 2002**
1	Cruinnscríobh na Gaeilge	1,759
2	An Camán Draíochta	724
3	Leabhar Gramadaí Gaeilge	717
4	An Leaba Sciathánach	518
5	Fócas ar an Stair	514
6	Scuabtha Chun Siúil	507
7	Bronntanas do Mhama	494
8	Éire – Léarscáil Bhalla	481
9	Sicín Beag Buí	458
10	Gaeilge & Fáilte	413

ÁIS

Bhunaigh Bord na Gaeilge an Áisíneacht Dáiliúchán Leabhar (ÁIS) i 1980 chun foilseacháin Ghaeilge a dháileadh go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Tá cúraimí Bhord na Gaeilge maidir leis an Áis aistrithe go dtí Foras na Gaeilge ó 1999 ar aghaidh.

Soláthraíonn ÁIS leabhair do bhreis agus 280 siopa leabhar ar fud an oileáin, 30 sa Bhreatain, 8 ar mhór-roinn na hEorpa, 12 sna Stáit Aontaithe agus 10 san Astráil agus sa Nua-Shéalainn. Dáileadh suas le 238,059 leabhar i rith 2002. Seo a leanas liosta den deich leabhar nua is mó a díoladh trí ÁIS i 2002.

	Teideal	**Líon a dhíol Áis i 2002**
1	Cruinnscríobh na Gaeilge	1,759
2	An Camán Draíochta	724
3	Leabhar Gramadaí Gaeilge	717
4	An Leaba Sciathánach	518
5	Fócas ar an Stair	514
6	Scuabtha Chun Siúil	507
7	Bronntanas do Mhama	494
8	Éire – Léarscáil Bhalla	481
9	Sicín Beag Buí	458
10	Gaeilge & Fáilte	413

Strategic Priorities

Foras na Gaeilge fully recognises the significant challenges which it will face in creating a more favourable environment in which people, who wish to do so, can acquire and use the Irish language. The critical success factors in this regard will involve making the language socially attractive and acceptable and ensuring that motivations and opportunities for learning it and speaking it are highlighted.

Five key strategic priorities, in particular, have been identified. Of these there are three core challenges (Status, Acquisition and Usage) which are of equal significance and which must now be addressed as elements of an integrated approach. Successfully addressing these key challenges will require the development of both an effective communications strategy and appropriate policy, planning and research.

Status
Increasing the instrumental, social/cultural, educational and political status, together with the formal position, of the language is vital for its advancement. Since status, as a motivator of language shift, can override powerful influences like tradition, social convention and ability, increasing the status and formal position of the Irish language must be a priority target in the future.

Acquisition
The key challenge to be faced in the area of acquisition will be to ensure that opportunities for acquisition are strengthened and increased across a broad spectrum of acquisition mechanisms from home and pre-school, to all three levels of the formal education systems and beyond through vocational and adult education courses.

Usage
Increasing popular usage is the key to the promotion and advancement of the language. It is essential that those who have acquired an ability in the language have both the desire and the opportunity to speak it. Key trends which will require to be reversed in this regard will include arresting the language shift towards English in Gaeltacht communities and the lack of an adequate and effective support framework for Irish speakers outside of the Gaeltacht areas. Foras na Gaeilge will work to remove the social and psychological barriers which prevent wider, and more frequent, use of Irish.

Communications
The mass media play a very significant role in shaping the public perception of and use of a language. The challenge to be faced is ensuring that Irish is portrayed in the media as something positive having real benefit and application in everyday life.

Policy, Planning and Research
Developing coherent policies, plans and programmes which are underpinned by quality research is a major challenge. This research will variously be undertaken directly by An Foras, in co-operation with other organisations or through other organisations and it will recognise and contribute to existing, and ongoing, research projects. The key issue for Foras na Gaeilge will be the challenge which it will face in developing a strong and proactive strategic leadership role, under the auspices of the parent departments in both jurisdictions, in developing, driving and monitoring the impact of its agenda for promoting and advancing the Irish language.

Tosaíochtaí Straitéise

Aithníonn Foras na Gaeilge na dúshláin mhóra atá roimhe chun timpeallacht a chothú ina bhféadfaidh na daoine a bhfuil an fonn orthu an Ghaeilge a shealbhú agus a úsáid. Chun go n-éireoidh leis an bhForas é sin a chur i gcrích ní mór, i measc rudaí eile, an Ghaeilge a dhéanamh tarraingteach agus inghlactha ar bhonn sóisialta, agus a chinntiú go gcuirfear béim ar an ngá atá le spreagadh agus le deiseanna chun an teanga a fhoghlaim agus a labhairt.

Tá sainaithint déanta ar chúig thosaíocht straitéise, ach go háirithe. Orthusan tá trí bhundhúshlán atá ar aon chéim - Stádas, Sealbhú agus Úsáid - agus ní mór tabhairt fúthu de chur chuige aontaithe. Ionas go mbeidh an rath ar an gcur chuige sin is gá straitéis éifeachtach cumarsáide a fhorbairt mar aon le polasaí, pleanáil agus an taighde cuí.

Stádas
Chun an teanga a chur chun cinn tá sé fíorthábhachtach a stádas ar bhonn ionstraimeach, sóisialta / cultúrtha, oideachasúil agus polaitiúil a ardú, mar aon lena hionad foirmeálta. Os rud é gur féidir leis an stádas a bheith níos láidre le hathrú teanga a spreagadh ná na tréanfhachtóir eile a théann i bhfeidhm ar an bpobal, fachtóir mar thraidisiún, choinbhinsiún shóisialta agus cumas, ní mór ardú stádais agus ionaid fhoirmeálta na Gaeilge a bheith ina phríomhchuspóir sna blianta atá ag teacht.

Sealbhú
Is é an dúshlán is mó atá ann maidir le sealbhú teanga ná a chinntiú go ndéanfar na deiseanna sealbhaithe atá ann a neartú agus a mhéadú ar bhonn leathan, sa bhaile, sa réamhscoil, ar thrí leibhéal an chórais oideachais fhoirmeálta, agus i gcúrsaí gairmoideachais agus oideachais aosaigh.

Úsáid
Tá cur chun cinn na teanga ag brath go príomha ar a húsáid a mhéadú i measc an phobail. Is den riachtanas é an fonn chun an teanga a labhairt a bheith ar dhaoine a bhfuil cumas sa Ghaeilge bainte amach acu, agus an deis a bheith acu í a labhairt. Ní mór aghaidh a thabhairt ar an iompú teanga atá ag tarlú sa Ghaeltacht agus tacaíocht atá idir leordhóthanach agus éifeachtach a chur ar fáil do Ghaeilgeoirí lasmuigh den Ghaeltacht. Oibreoidh Foras na Gaeilge chun deireadh a chur leis na constaicí sóisialta agus siceolaíochta a chuireann cosc le húsáid mhinic fhorleathan na Gaeilge.

Cumarsáid
Tá ról fíorthábhachtach ag na meáin chumarsáide i múnlú dhearcadh an phobail i leith na teanga. Is é an dúshlán nach mór aghaidh a thabhairt air ná a chinntiú go gcuirfidh na meáin chumarsáide an teanga os comhair an phobail ar bhealach dearfach, mar acmhainn a bhfuil buntáistí agus feidhm leis sa saol laethúil.

Polasaí, Pleanáil agus Taighde
Dúshlán mór é polasaithe comhtháite, pleananna agus cláir, a chur le chéile, bunaithe ar thaighde ardchaighdeáin. Rachaidh an Foras i mbun an taighde seo, i gcomhair le heagrais eile, nó trí eagrais eile, agus tabharfaidh sé aitheantas agus maoiniú do thionscnaimh thaighde atá ann cheana féin. Is é an dúshlán is mó a bheidh roimh Fhoras na Gaeilge ná ról láidir, gníomhach straitéiseach ceannaireachta a fhorbairt, faoi choimirce an dá roinn rialtais, thuaidh agus theas, a bhfuil sé faoina réir, chun a chlár cothaithe don Ghaeilge a chur chun cinn agus chun éifeacht an chláir sin a mheas go rialta.

An Acoont o Tha Darg o Tha Boord o Ulstèr-Scotch 2002

Report from The Ulster-Scots Agency 2002

Tuairisc ón nGníomhaireacht Ultach-Albanach 2002

Contents

Mission Statement *30*

Chairman's Introduction *31*

Strategic Themes *32*

Review of the Year *33*

Language *34*

Culture and Awareness *34*

Education *35*

Ulster-Scots Leaflets *37*

Grants offered: *38*

a) Language
b) Culture
c) Awareness
d) Education

Appendix: The Ulster-Scots Curriculum Project *48*

Mission Statement

"The aim of the Ulster-Scots Agency is to promote the study, conservation, development and use of Ulster-Scots as a living language; to encourage and develop the full range of its attendant culture; and to promote an understanding of the history of the Ulster-Scots".

Clár an Ábhair

Ráiteas Bunchuspóra *30*

Réamhrá an Chathaoirligh *31*

Téamaí Straitéiseacha *32*

Athbhreithniú ar an mBliain *33*

Teanga *34*

Cultúr agus Feasacht Pobail *34*

Oideachas *35*

Bileoga Ultach-Albanacha *37*

Deontais ar fáil: *38*

a) Teanga
b) Cultúr
c) Feasacht
d) Oideachas

Aguisín: Tionscadal an Churaclaim Ultach-Albanaigh *48*

Ráiteas Bunchuspóra

"Is í aidhm na Gníomhaireachta Ultach-Albanaí léann, caomhnú, forbairt agus úsáid na hUltaise a chur chun cinn mar theanga bheo; an réimse iomlán cultúir a ghabhann léi a spreagadh agus a fhorbairt; agus tuiscint ar stair Albanaigh Uladh a chur chun cinn".

Chairman's Introduction

This is the third report of the Agency and during 2002 we sought to build on the action points enshrined in the Corporate Plan for the period. At this point I would wish to pay tribute to the contribution made to the work of the Board by Dr Philip Robinson who resigned in July. The Agency continues to focus on four main themes - linguistic development, culture, education and public awareness.

One of the major initiatives established was the Education project at Stranmillis University College. This is a highly significant step and we look forward to the output of materials suitable for use in the classroom.

We continue to make good progress on the cultural front. The publication of a series of information leaflets will greatly increase the level of public awareness about Ulster-Scots issues. This will be further enhanced by the publication of the Ulster Scot newspaper launched in November.

Lord Laird of Artigarvan
Chairman
Tha Boord o Ulstèr-Scotch/Ulster-Scots Agency

Réamhrá an Chathaoirligh

Is í seo an tríú tuarascáil de chuid na Gníomhaireachta, agus le linn 2002 d'fhéachamar le tógail ar na pointí gníomhaíochta a leagadh amach i bPlean Corparáideach na tréimhse. Ba mhaith liom, ag an bpointe seo, aitheantas a thabhairt don mhéid a rinne an Dr Philip Robinson, a d'éirigh as a phost i mí Iúil, ar son an Bhoird. Tá aird na Gníomhaireachta dírithe i gconaí ar cheithre phríomhthéama – forbairt theangeolaíoch, cultúr, oideachas agus feasacht pobail.

Bhí bunú an tionscadail Oideachais ag Coláiste na hOllscoile Stranmillis ar cheann de phriomhthionscnaimh na bliana. Is céim shuntasach chun tosaigh í seo, agus táimid ag súil go mór le soláthar na n-ábhar ar fad le haghaidh úsáide sa seomra ranga.

Tá dul chun cinn maith á dhéanamh againn i gcónaí ó thaobh an chultúir de. Cabhróidh foilsiú bileoga eolais go mór le feasacht an phobail a ardú i dtaca le saincheisteanna Ultach-Albanacha, agus cuirfidh foilsiú an pháipéir Ultach-Albanaigh, a seoladh i mí na Samhna, leis chomh maith.

An Tiarna Laird Ard Tí Garbháin
Cathaoirleach
Tha Boord o Ulstèr-Scotch/An Ghníomhaireacht Ultach-Albanach

Strategic Themes

The Agency has developed four strategic themes for its programme of work, namely:-

1. **Language**

   "To support Ulster-Scots as a living language and to promote its use and development."

2. **Culture**

   "To be a key contributor to the development of Ulster-Scots."

3. **Awareness**

   "To develop the public's awareness of the Ulster-Scots language and culture."

4. **Education**

   "To establish partnerships with the education and community sectors to promote the study of the Ulster-Scots language, culture and history."

Téamaí Straitéiseacha

Tá ceithre théama straitéiseacha forbartha ag an Ghníomhaireacht dá chlár oibre, mar atá:-

1. Teanga

"Tacú leis an Ultais mar theanga bheo agus úsáid agus forbairt na teanga a chur chun cinn."

2. Cultúr

"Gníomhú mar rannpháirtí ríthábhachtach i dtaca le forbairt an chultúir Ultach-Albanaigh."

3. Feasacht

"Feasacht an phobail ar an Ultais agus ar an gcultúr Ultach-Albanach a fhorbairt."

4. Oideachas

"Comhpháirtíochtaí a bhunú i gcomhair leis an earnáil oideachais agus leis an earnáil phobail chun an léann Ultach-Albanach (idir theanga, chultúr agus stair) a chur chun cinn."

Review of the Year

North/South Ministerial Council Language Sector Meeting 14th June 2002

The fourth meeting of the North/South Ministerial Council in its Language Sector was held in Farmleigh, Dublin on Friday 14 June 2002. The meeting dealt with issues relating to the Language Body and its two constituent agencies, Foras na Gaeilge (The Irish Language Agency), and Tha Boord o Ulstèr-Scotch (The Ulster-Scots Agency).

A report on the activities of the Body covered the progress of Corporate and Business Planning, the Activity Report for 2000, the Equality Scheme, the Code of Conduct for Board Members and issues relating to staffing and accommodation. The Council welcomed the progress made by the two Agencies and the work that had been carried out to date.

The Council considered and approved the content of the draft Activity Report for the period 2 December 1999 to 31 December 2000. The activities in respect of The Ulster-Scots Agency included: -

- The creation of the first ever three-year strategy for the Agency
- A partnership agreement between the Agency and the University of Ulster to set up the Institute of Ulster-Scots Studies at Magee University.

The draft Equality Scheme for the Language Body, which had been subject to a period of public consultation, was considered and approved by the Council, which agreed to submit the Scheme to the Equality Commission.

Athbhreithniú ar an mBliain

An Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas: Cruinniú i bhformáid Rannach Teanga 14 Meitheamh 2002

Tionóladh an ceathrú cruinniú den Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas i bhFormáid Rannach Teanga ar an Aoine 14 Meitheamh 2002 in Farmleigh, Baile Átha Cliath. Pléadh ceisteanna a bhain leis an Fhoras Teanga agus leis an dá chomh-chomhlachtaí dá chuid, Foras na Gaeilge (Gníomhaireacht na Gaeilge), agus Tha Boord o Ulstèr-Scotch (An Ghníomhaireacht Ultach-Albanach).

I measc na nithe a cuireadh san áireamh sa tuarascáil ar ghníomhaíochtaí an Bhoird bhí – dul chun cinn na Pleanála Corparáidí agus Gnó, an Tuarascáil ar Ghníomhaíochtaí le haghaidh 2000, an Scéim Chomhionannais, an Cód Iompair do Chomhaltaí Boird, chomh maith le ceisteanna bainteach le cúrsaí foirne agus lóistín. Chuir an Chomhairle fáilte roimh an dul chun cinn atá déanta ag an dá Ghníomhaireacht agus roimh an obair ar fad a rinneadh go dtí seo.

Rinne an Chomhairle ábhar na dréacht-Tuarascála ar Ghníomhaíochtaí don tréimhse 2 Nollaig 1999 chuig an 31 Nollaig 2000 a mheas agus a fhaomhadh. I measc na ngníomhaíochtaí i dtaca leis an Ghníomhaireacht Ultach-Albanach bhí:-

- Cruthú an chéad phlean straitéisigh trí bliana riamh don Ghníomhaireacht
- Comhaontú comhpháirtíochta idir an Ghníomhaireacht agus Ollscoil Uladh chun Institiúid an Léinn Ultach-Albanaigh a bhunú ar Champas Mhig Aoidh na hOllscoile.

Rinne an Chomhairle an dréacht-Scéim Ionannais don Fhoras Teanga, a raibh tréimhse ceadaithe pobail i gceist leis, a mheas agus a fhaomhadh, agus d'aontaigh siad ar an scéim a chur faoi bhráid an Choimisinéara Ionannais.

Language

The Agency carried out a market test of the private sector to ascertain whether there was the capacity to undertake the various elements of the language project – namely a tape-recorded survey, production of a text-base and development of a two-way dictionary.

The Agency then entered discussions with the Ulster Folk and Transport Museum. While the Museum expressed a willingness to make its resources available for the project, it did not wish to take the lead.

As a result, the Agency began discussions with the Ulster-Scots Academy, which had indicated a desire to take the lead in the project, having carried out a significant amount of linguistic work over the years on a voluntary basis. At the year-end, these discussions were still ongoing.

Culture and Awareness

The Ulster-Scot
The Agency decided to publish a pilot edition of a newspaper dedicated to promoting the Ulster-Scots language and culture, in the autumn of 2002.

The brief was simple – to produce a colourful, lively and positive newspaper for all of the diverse Ulster-Scots based groups.

While the newspaper would serve as a useful tool for communicating important Agency news to Ulster-Scots communities, it would also be an invaluable way of communicating to non Ulster-Scots about the language and culture. It was decided to build on the readership that the Saturday Ulster-Scots column *"The Crack"* in *The Belfast Newsletter* had created, by inserting the first edition as a free supplement. The Saturday edition of the News Letter has the highest circulation of the week to farming/rural communities in Northern Ireland and the border counties.

The first edition of *"The Ulster-Scot"* appeared on November 30, 2002. The 16-page full colour tabloid was distributed to the general public by insertion into 55,000 copies of the *Newsletter*. It was also distributed directly to members in the Northern Ireland Assembly, the Houses of Commons and Lords, the Irish Dáil and Seanad and the Northern Ireland and Republic of Ireland media. Due to the success of the pilot edition and to the reception it received from the Ulster-Scots community, the Board subsequently at its meeting on 3 February 2003 agreed to produce eight editions in 2003.

Website
The re-development of the Agency's website – www.ulsterscotsagency.com - was another major communication project for 2002.

The Agency began a public tender process in August to identify a company to develop the website. After a selection process, the tender was awarded to Belfast based GCAS Networks Ltd. The website was to give visitors a tangible introduction to the Ulster-Scots language and culture by incorporating sound and vision in audio and video streaming. The website would be built around the Agency's four development areas – Language, Education, Culture and Awareness. The site would also be constructed with the facility of being bi-lingual, with the aim of increasing the Ulster-Scots

Teanga

Thug an Ghníomhaireacht faoi thástáil ar an earnáil phríobháideach féachaint an raibh na hacmhainní ann chun tabhairt faoi na gnéithe éagsúla den tionscadal teanga – mar atá, suirbhé taifeadta ar théip, cruthú bonn téacs, agus forbairt foclóir dhá thaobh.

Chuaigh an Ghníomhaireacht i mbun cainteanna ansin le Músaem Daonchultúir agus Iompair Uladh. Cé go raibh an Músaem toilteanach a gcuid acmhainní a chur ar fáil don tionscadal, níor theastaigh uathu a bheidh mar threoraí.

Mar thoradh air seo, chuaigh an Ghníomhaireacht i mbun cainteanna leis an Acadamh Ultach-Albanach, a raibh spéis léirithe acu cheana i dtreorú an tionscadail, agus iad i ndiaidh obair shuntasach dheonach a dhéanamh thar na blianta i réimse na teangeolaíochta. Bhí na cainteanna seo fós ar bun ag deireadh na bliana.

Cultúr agus Feasacht

The Ulster-Scot
Chinn an Ghníomhaireacht ar leagan píolótach de nuachtán a fhoilsiú, i bhfómhar 2002, tiomanta don Ultais agus don chultúr Ultach-Albanach a chur chun cinn.

Coimre chláir shimplí a bhí ann – nuachtán daite, beomhar, dearfach a chur ar fáil do na grúpaí éagsúla Ultach-Albanacha. Bheadh an nuachtán ina uirlis úsáideach chun nuacht thábhachtach na Gníomhaireachta a chur in iúl do na pobail Ultach-Albanacha agus, ina theannta sin, bheadh sé ina áis iontach chun eolas a scaipeadh ar dhaoine lasmuigh de na pobail Ultach-Albanacha maidir leis an teanga agus leis an chultúr. Socraíodh go dtógfaí ar an lucht léitheoireachta a chruthaigh an colún Ultach-Albanach Sathairn *"The Crack"* in *The Belfast Newsletter* tríd an gcéad eagrán a chur isteach ann mar fhorlíonadh saor in aisce. Tá an riar is mó den tseachtain ag eagrán an tSathairn den Nuachtlitir ar na pobail feirmeoireachta/tuaithe i dTuaisceart Éireann agus i gcontaetha na teorann.

Bhí an chéad eagrán de *"The Ulster-Scot"* ar an fhód ar an 30 Samhain, 2002. Scaipeadh an táblóideach 16 leathanach lándaite ar an mhórphobal i bhfoirm forlíonta laistigh de 55,000 cóip den *Newsletter*. Scaipeadh go díreach é, chomh maith, ar chomhaltaí Thionól Thuaisceart Éireann, comhaltaí Theach na dTeachtaí agus na dTiarnaí, ar Dháil Éireann, ar an Seanad, agus ar na meáin chumarsáide i dTuaisceart agus i bPoblacht na hÉireann. Mar thoradh ar rath an eagráin phíolótaigh agus ar an fhailtiú a cuireadh roimhe i measc an phobal Ultach-Albanaigh, d'aontaigh an Bord, ag cruinniú ar an 3 Feabhra 2003, go gcuirfí ocht n-eagrán ar fáil in 2003.

Suíomh Gréasáin
Ba mhórthionscadal cumarsáide eile le haghaidh 2002 é athfhorbairt shuíomh Gréasáin na Gníomhaireachta – www.ulsterscotsagency.com.

I mí Lúnasa chuir an Ghníomhaireacht tús le próiseas tairisceana poiblí chun cuideachta a aithint leis an suíomh Gréasáin a fhorbairt. I ndiaidh próiseas roghnaithe, bronnadh an tairiscint ar GCAS Networks Ltd., lonnaithe i mBéal Feirste. Bhí sé i gceist go dtabharfadh an suíomh Gréasáin spléachadh do chuairteoirí ar an Ultais agus ar an chultúr Ultach-Albanach trí shruthú closamhairc agus físe. Bhunófaí an suíomh ar cheithre réimse forbartha na Gníomhaireachta – Teanga, Oideachas, Cultúr agus Feasacht. Bheadh an

language content over the years, and in line with what website visitors wanted.

Construction began in October and the website was launched in March 2003.

Education

Ulster-Scots in the Primary School
Stranmillis University College submitted a proposal to the Agency for the development of Ulster-Scots materials and resources for use in Primary Schools.

This proposal built upon the considerable experience of the University College in hosting and managing curriculum development projects of a similar nature. The College has a distinguished track record in producing material to support the teaching of the Northern Ireland curriculum.The Agency responded positively to this proposal and the project began in September 2002.

The Ulster-Scots in the Primary School (USPS) Project has the following key elements: -

- To encourage and develop knowledge and understanding of Ulster-Scots culture and history in Primary Schools, north and south.
- To promote and develop the Ulster-Scots language as a classroom option for Primary School pupils, north and south.
- To assist with in-service development of teachers, in partnership with relevant external bodies.
- To investigate and draw upon relevant good practice where it currently exists in both parts of Ireland and in Great Britain.
- To research, develop and pilot new learning materials to fill identified gaps in current provision.
- To ensure that any new materials are pupil-friendly and pitched at the appropriate level for the intended age group, in terms of content and presentation and that the potential for learning of ICT is fully exploited.

There are three Phases to the Project.

Phase One: March – September 2002
Phase One of the project was a recruitment exercise, to identify two primary teachers with appropriate interests and experience, to be seconded to the University College as Project Officers.

One took responsibility for the curriculum development aspects of the Project, while the other is taking the lead in developing educational material for Key Stage 1 and 2 pupils.

The Project began in September 2002 and it was agreed that the work was to be carried out in three activity areas: -

1) Liaison with Stakeholders
2) Academic Research and Development
3) Preparation of Curriculum Materials

suíomh dátheangach, chomh maith, agus é ar intinn acu méid an ábhair Ultaise a mhéadú le himeacht aimsire, ar aon dul lenar theastaigh ó chuairteoirí an tsuímh.

Cuireadh tús leis an obair i mí Dheireadh Fómhair agus seoladh an suíomh Gréasáin i mí an Mhárta 2003.

Oideachas

An Ultais sna Bunscoileanna
Chuir Coláiste na hOllscoile Stranmillis togra chuig an Ghníomhaireacht maidir le hábhair agus acmhainní Ultach-Albanacha a tháirgeadh le haghaidh Bunscoileanna.

Bhí an togra seo ag tógáil ar an taithí shuntasach atá ag an Choláiste Ollscoile i dtaobh tionscadail forbartha curaclaim de chomhchineál a óstáil agus a bhainistiú. Tá cáil ar an gColáiste as ábhair a tháirgeadh chun tacaíocht a thabhairt do mhúineadh churaclaim Thuaisceart Éireann. Chuir an Ghníomhaireacht fáilte roimh an togra seo, agus cuireadh tús leis an tionscadal

Andrea Gilbert ó Choláiste na hOllscoile Stranmillis, i mbun oibre ar an Tionscadal
Andrea Gilbert at work on the Agency's pilot scheme

Tá na gnéithe lárnacha seo a leanas ag Tionscadal na hUltaise agus an chultúir Ultach-Albanaigh sna Bunscoileanna (USPS): -

- Eolas agus tuiscint ar an chultúr agus ar an stair Ultach-Albanach a spreagadh agus a fhorbairt i mBunscoileanna, ó thuaidh agus ó dheas.
- An Ultais a spreagadh agus a fhorbairt mar rogha sa seomra ranga do dhaltaí bunscoile, ó thuaidh agus ó dheas.
- Cuidiú le forbairt inseirbhíse múinteoirí, i gcomhpháirtíocht leis na comhlachtaí seachtracha cuí.
- Staidéar a dhéanamh ar an dea-chleachtas cuí mar a bhfuil fáil air in áiteanna in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór.
- Taighde a dhéanamh ar ábhair nua foghlama, iad a fhorbairt agus a chur ar fáil ar bhonn píolótach chun bearnaí aitheanta a líonadh sa soláthar reatha.
- A chinntiú go bhfuil ábhair nua ar bith soláimhsithe do dhaltaí, agus iad á gcur in oiriúint don aoisghrúpa beartaithe, ó thaobh ábhair agus

Phase Two: September 2002 – May 2003
The Project Officers familiarised themselves with formal and informal groupings of Ulster-Scots who are actively contributing to the Ulster-Scots dimension of Irish culture, north and south of the border. It was important that the Project staff should gain an accurate understanding of the cultural and linguistic scene. The Project staff also undertook to familiarize themselves with the contributions of people in the community who are involved with Ulster-Scots language and culture.

A further part of this familiarisation exercise was to identify the community expectations of a Primary school Ulster-Scots curriculum. Community expectations will have to be reflected within the broader educational considerations in the stated intended learning outcomes of the project.

During Phase 2 there was a period of academic research and development. This involved the establishment of a framework for the production of curriculum materials. This work is being carried out on three fronts – subject knowledge, curriculum development and computer packages.

Subject Knowledge
One Project Officer is researching the development of Ulster-Scots as a language and bringing together the key issues, historical and linguistic. The information will be presented in a simple, clearly illustrated booklet. It will be published as a guide for teachers to accompany the curriculum materials.

The other Officer is researching the main themes in Ulster-Scots History and Culture. The information will again be presented in a simple, clearly illustrated booklet as a guide for teachers to accompany the curriculum materials.

Curriculum Development
Both Project Officers are involved in researching current trends in curriculum development. The whole thrust of Ulster-Scots education is clearly in line with the emphasis being placed on personal development, EMU and Cultural Diversity.

Computer Packages
In consultation with the college ICT, the Project Officers are investigating the potential of various delivery packages for some of the Ulster-Scots curriculum materials, to make them as user friendly and accessible as possible for schools.

The Project Officers have produced a working plan and sample lesson materials to be shown to and discussed with a number of experts and interested groups. A series of consultative meetings have been set up with community workers, representatives from educational organisations and funders. The feedback from these meetings will be used to inform the final decision-making process.

Subsequently the Project Officers will concentrate on integrating selected subject content, the understanding of curriculum development issues, educational progression and inclusion of Key Skills within a variety of formats that children will find attractive and teachers will find easy to use.

Draft materials will be piloted in selected schools, north and south. The Project Officers will identify particular materials on which they consider feedback to be helpful.

- A chinntiú go bhfuil ábhair nua ar bith soláimhsithe do dhaltaí, agus iad á gcur in oiriúint don aoisghrúpa beartaithe, ó thaobh ábhair agus cuir i láthair de, agus go mbaintear leas iomlán as féidearthachtaí foghlama ICT.

Tá trí Chéim i gceist leis an Tionscadal.

Céim a hAon: Márta – Meán Fómhair 2002
Próiseas earcaíochta a bhí i gceist le Céim a hAon den tionscadal, chun beirt mhúinteoirí bunscoile leis na spéiseanna agus an taithí chuí a aithint, le tabhairt ar iasacht chuig an gColáiste Ollscoile mar Oifigigh Tionscadal.

Ghlac duine acu freagracht as gnéithe forbartha curaclaim an Tionscadail, agus tá an duine eile ag glacadh túsáite maidir le hábhair oideachasúla a fhorbairt le haghaidh daltaí Chéim 1 agus 2.

Cuireadh tús leis an Tionscadal i mí Mheán Fómhair 2002 agus aontaíodh go dtabharfaí faoin obair i dtrí réimse gníomhaíochta:-

1) Idirchaidreamh le Páirtithe Leasmhara
2) Taighde agus Forbairt Acadúil
3) Réiteach Ábhair Churaclaim

Céim a Dó: Meán Fómhair 2002 – Bealtaine 2003
Chuir Oifigigh an Tionscadail aithne ar ghrúpaí Ultach-Albanacha foirmeálta agus neamhfhoirmeálta atá ag cur leis an ghné Ultach-Albanach den chultúr Éireannach ar an dá thaobh den teorainn. Bhí sé tábhachtach go mbeadh tuiscint chruinn ag baill foirne an Tionscadail ar an suíomh cultúrtha agus teangeolaíoch. Rinne baill foirne an Tionscadail iarracht, chomh maith, tuiscint a fháil ar a bhfuil déanta ag na baill sin den phobal atá bainteach leis an Ultais agus leis an chultúr Ultach-Albanach.

Mar chuid eile den iarracht cleachta is eolais seo, aithníodh ionchais an phobail maidir le curaclam Ultach-Albanach Bunscoile. Ní mór go léireofar ionchais an phobail laistigh de na breithnithe leathana oideachais sna torthaí beartaithe foghlama luaite don tionscadal.

Le linn Céim a Dó, tugadh faoi thréimhse de thaighde agus d'forbairt acadúil. Mar chuid de seo, bunaíodh creatlach maidir le hábhair churaclaim a tháirgeadh. Táthar ag tabhairt faoin obair seo ar thrí thaobh – eolas ar an ábhar, forbairt curaclaim agus pacáistí ríomhaireachta.

Eolas ar an Ábhar
Tá Oifigeach Tionscadail amháin i mbun taighde ar fhorbairt na hUltaise mar theanga, ag breathnú ar na heochaircheisteanna, idir cheisteanna stairiúla agus teangeolaíocha. Léireofar an t-eolas i leabhrán simplí, soiléir. Foilseofar mar theoir do mhúinteoirí é, ag dul le hábhair churaclaim.

Tá an tOifigeach eile i mbun taighde ar na príomhthéamaí sa Stair agus sa Chultúr Ultach-Albanach. Arís eile, léireofar an t-eolas i leabhrán simplí, soiléir, mar theoir do mhúinteoirí, ag dul le hábhair churaclaim.

Forbairt Curaclaim
Tá na hOifigigh araon i mbun taighde ar threochtaí reatha i bhforbairt curaclaim. Tá éirim iomlán an oideachais Ultach-Albanaigh de réir na béime á leagan ar fhorbairt phearsanta, ar EMU agus ar Éagsúlacht Chultúrtha.

Pacáistí Ríomhaireachta
I gcomhairle le ICT an choláiste, tá Oifigigh an Tionscadail ag breathnú ar fhéidearthacht pacáistí éagsúla seachadta le haghaidh cuid d'ábhair an

Phase Three: September 2003 –
Phase Three of the Project will commence in September 2003, and will feature the dissemination of information to the Primary Schools.

Leaflets

In July 2002, the Ulster-Scots Agency launched a series of 8 full colour booklets. These leaflets, written by the well known journalist and historian, Billy Kennedy, provided the reader with a brief, yet thoroughly informative synopsis of the following topics: -

1. ***The Ulster-Scots Legacy*** – famous Americans with Ulster-Scots backgrounds.
2. ***Ulster-Scots and the Presbyterian Church*** – How Ulster-Scots defined church life in America.
3. ***Voyage to the New World*** – How the Ulster-Scots (or Scots-Irish) came to America.
4. ***Ulster-Scots and Washington's Generals*** – How men with Ulster connections helped shape America through battle.
5. ***Ulster-Scots and the Declaration of Independence*** – The Ulster-Scots and America's proudest moment – the signing of the Declaration of Independence.
6. ***Ulster-Scots and United States Presidents*** – Presidents with Ulster connections who helped shape America
7. ***From Folk to Country*** – How the Ulster-Scots influenced music in America
8. ***The Ulster-Scots in the USA Today*** – How the bond remains …

These leaflets were sent to Tourist Information Centres throughout Northern Ireland and the Republic, The Ulster American Folk Park, MLA's in Northern Ireland and TD's in the Republic of Ireland, District Councils, Public Libraries, Schools and the "Welcome Belfast" Centre.

Yvonne Fisher and Lord Laird of Artigarvan, Chairman of the Ulster-Scots agency, with young Ulster-Scots musicians Emma Culbert and Robert Watt at the launch of the 'Ulster-Scots in America' leaflet series at the National Library of Ireland, Dublin
Yvonne Fisher agus an Tiarna Ard Tí Garbháin, Cathaoirleach Tha Boord o Ulstèr-Scotch le ceoltóirí Ultach-Albanacha Emma Culbert agus Robert Watt ag seoladh na sraithe bileog 'Ulster-Scots in America' i Leabharlann Náisiúnta na hEireann, Baile Átha Cliath.

churaclaim Ultach-Albanaigh, chun go mbeidh siad chomh soláimhsithe agus chomh hinsroichte do scoileanna agus is féidir.

Tá plean oibre curtha le chéile ag Oifigigh an Tionscadail, mar aon le hábhair shamplacha ceachta le cur faoi bhráid saineolaithe agus grúpaí leasmhara éagsúla. Rinneadh roinnt cruinnithe comhairliúcháin a eagrú le hoibrithe pobail, le hionadaithe ó eagraíochtaí oideachais agus ó lucht maoinithe. Bainfear úsáid as aiseolas ó na cruinnithe seo sa phróiseas cinnteoireachta deiridh.

Mar thoradh air seo ar fad díreoidh Oifigigh an Tionscadail ar ghnéithe ábhair roghnaithe a imeascadh, ar thuiscint a fáil ar cheisteanna forbartha curaclaim, ar dhul chun cinn oideachasúil agus ar chuimsiú Eochairscileanna laistigh d'fhormáidí éagsúla a mbeidh tóir ag páistí orthu agus nach mbeidh mórdeacracht ag múinteoirí á n-úsáid.

Cuirfear dréachtábhair i bhfeidhm i scoileanna roghnaithe, ó thuaidh agus ó dheas, ar bhonn píolótach. Aithneoidh Oifigigh an Tionscadail ábhair áirithe a mbeadh aiseolas orthu úsáideach.

Céim a Trí: Meán Fómhair 2003 –
Cuirfear tús le Céim a Trí den Tionscadal i mí Mheán Fómhair 2003, agus beidh scaipeadh eolais chuig na Bunscoileanna mar chuid de.

Bileoga

I mí Iúil 2002, sheol an Ghníomhaireacht Ultach-Albanach 8 leabhrán lándaite. Billy Kennedy, an t-iriseoir agus an staraí clúiteach, a scríobh na bileoga seo, ina dtugtar achoimre fhaisnéiseach don léitheoir ar na topaicí seo a leanas:-

1. ***The Ulster-Scots Legacy*** – famous Americans with Ulster-Scots backgrounds.
2. ***Ulster-Scots and the Presbyterian Church*** – How Ulster-Scots defined church life in America.
3. ***Voyage to the New World*** – How the Ulster-Scots (or Scots-Irish) came to America.
4. ***Ulster-Scots and Washington's Generals*** – How men with Ulster connections helped shape America through battle.
5. ***Ulster-Scots and the Declaration of Independence*** – The Ulster-Scots and America's proudest moment – the signing of the Declaration of Independence.
6. ***Ulster-Scots and United States Presidents*** – Presidents with Ulster connections who helped shape America
7. ***From Folk to Country*** – How the Ulster-Scots influenced music in America
8. ***The Ulster-Scots in the USA Today*** – How the bond remains …

Seoladh na bileoga seo chuig Ionaid Eolais do Thurasóirí ar fud Thuaisceart agus Phoblacht na hÉireann, chuig Daonpháirc Uladh-Mheiriceánach, chuig MLAnna i dTuaisceart Éireann agus chuig Teachtaí Dála i bPoblacht na hÉireann, chuig Comhairlí Ceantair, chuig Leabharlanna Poiblí, chuig Scoileanna agus chuig an Ionad "Welcome Belfast".

Grants Offered

From January to December 2002, The Ulster-Scots Agency agreed funding totalling £698,440.15. Of this commitment, £354,846.22 was paid out in that calendar year with the balance due to be claimed in subsequent years. The Ulster Scots Agency also paid out £199,243 in this year relating to agreed funding from previous years

Whilst the majority of applications received were towards the cost of cultural events, linguistic development, education and the development of the public's understanding of Ulster-Scots were also financed.

Some examples of funding are indicated below.

Language

1. **Organisation: Queens University Belfast**
   Event: 3rd Symposium on Language and Politics
   Date: 18 – 20 September 2002
   Funding Amount: £ 3,500:00

   The Symposium took place from 18-20 September, 2002. Its subject was language, policies and current legislation in respect of the Gaeltacht and the Scotstacht (Irish and Scottish Gaelic and all varieties of Scots in the Republic of Ireland, Northern Ireland and Scotland). The themes were language planning and education, standardisation of Scots, international comparisons and research needs. The approach was balanced, even-handed, impartial and critical, and attracted 106 delegates.

   Like the previous symposium, this event concentrated on the policies and issues surrounding all the varieties of Gaelic and Scots, their similarities and differences both within themselves and between them, in their respective legislative contexts. Among the successes of the symposium was the bringing together of politicians, civil servants, government representatives, academics, activists and the interested public; the good balance of time and treatment given to each of the different languages and territories in question and the demonstration of an ethos of respect and tolerance for diversity upon which the Symposium is predicated.

   Feedback sheets provided a number of interesting responses about the Ulster-Scots element of the symposium:

   - Attendees felt the Scots Language in Scotland (not Northern Ireland) is under-funded, under-researched, under-maintained, compared to Gaelic, Irish or Ulster-Scots.

   - It was agreed that the symposium enabled people to have a better understanding of the state of affairs in Scots/Ulster-Scots.

   - The extent of the work of the Ulster-Scots agencies and community groups was better understood.

   - People who filled in the response sheets remarked that they are now more aware of problems facing activists for the Scots language both within the Scots speaking community and in society as a whole.

Deontais ar fáil

Ó mhí Eanáir go mí na Nollag 2002, d'aontaigh an Ghníomhaireacht Ultach-Albanach maoiniú de £698,440.15. Íocadh £354,846.22 den fhigiúr seo le linn na bliana féilire sin, leis an iarmhéid á íoc sna blianta iartheachtacha. D''íoc an Ghníomhaireacht Ultach-Albanach £199,243 sa bhliain seo, chomh maith, bainteach le maoiniú a aontaíodh i mblianta roimhe.

Cé go raibh tromlach na n-iarratas faighte dírithe ar chostas imeachtaí cultúrtha, tugadh maoiniú, chomh maith, d'fhorbairt theangeolaíoch, d'oideachas agus d'fhorbairt thuiscintí an phobail i dtaobh na hUltaise agus an chultúir Ultach-Albanaigh.

Léirítear thíos samplaí maoinithe áirithe.

Teanga

1. Eagraíocht: Ollscoil na Banríona, Béal Feirste
Imeacht: An 3ú Siompóisiam ar Theanga agus Pholaitíocht
Dáta: 18 – 20 Meán Fómhair 2002
Méid an Mhaoinithe: £ 3,500:00

Reachtáladh an Siompóisiam ón 18-20 Meán Fómhair, 2002. Bhí teanga, polasaithe agus reachtaíocht reatha maidir leis an Ghaeltacht agus an Scotstacht (An Ghaeilge agus Gàidhilg na hAlban agus na cineálacha éagsúla Albainise i bPoblacht na hÉireann, i dTuaisceart Éireann agus in Alban) mar ábhar aige. Ba iad pleanáil teanga agus oideachas, caighdeánú na hAlbainise, comparáidí idirnáisiúnta agus riachtanais taighde na téamaí. Bhí an cur chuige cothrom, neamhchlaonta agus criticiúil, agus mealladh 106 toscaire.

Ar aon dul leis an siompóisiam deireanach, bhí an t-imeacht seo dírithe ar na polasaithe agus ar na ceisteanna a bhaineann leis na cineálacha éagsúla Gàidhilge agus Albainise, na cosúlachtaí agus na difríochtaí iontu féin agus eatarthu, ina gcomhthéacsanna áirithe reachtacha. I measc dea-thorthaí an tsiompóisiam bhí an chaoi ar tugadh polaiteoirí, státseirbhísí, ionadaithe rialtais, acadóirí, gníomhaithe agus baill an phobail le chéile; an chothromaíocht mhaith ama agus mar ar pléadh leis na teangacha agus na ceantair chuí éagsúla, mar aon leis an meas agus an lamháltas i dtaobh éagsúlachta, ar a bhfuil an Siompóisiam bunaithe.

Tugadh roinnt freagraí spéisiúla ar bhileoga aiseolais i dtaobh ghné Ultach-Albanach an tsiompóisiam:

- Bhí an lucht freastail den tuairim nach dtugtar dóthain maoinithe do, nach ndéantar dóthain taighde ar, agus nach gcoinnítear i gceart an Albainis in Alban (ní i dTuaisceart Éireann) i gcomparáid leis an Ghàidhilg, leis an Ghaeilge agus leis an Ultais.
- Aontaíodh gur thug an siompóisiam deis do dhaoine tuiscint níos fearr a fháil ar riocht na hAlbainise/ na hUltaise.
- Fuarthas tuiscint níos fearr ar obair na ngíomhaireachtaí Ultach-Albanacha agus ar obair grúpaí pobail.
- Dúirt daoine a líon na bileoga freagartha amach go raibh siad níos eolaí ar na fadhbanna roimh ghníomhaígh na hAlbainise, laistigh de phobail labhartha na hAlbainise agus sa tsochaí go ginearálta.

There is no doubting the success of this event, and a fourth symposium is already being planned.

2. **Organisation: Mid Antrim Ulster-Scots Society**
Event: Publishing the works of Bab McKeen
Date: September – October 2002
Funding Amount: £ 1,300:00

"Bab McKeen" was the pen name of John Weir, whose short stories and poems were printed regularly in the Ballymena Observer throughout the first fifty years of the twentieth century. He wrote mostly in broad Ulster-Scots and his writings gave great insight into how the language was used in Mid Antrim during that period.

The reprinting of a selection of his works has been endorsed by the Ulster-Scots Language Society, who have been asked to write a foreword for the book.

Ballymena Borough Council has also confirmed their support for the project. These writings also gave a great insight into the lifestyle of the Ulster-Scots people of Mid Antrim during that period in time

The reprint of Bab McKeen's stories and poems will undoubtedly provide a valuable reference resource as well as an affirmation of the rich Ulster-Scots cultural and linguistic heritage. It is the aim of the Mid Antrim Ulster-Scots Society to make this publication the first in a series of similar projects.

The 50-page book containing the reprinted short stories and poems was published in September and launched in October 2002.

3. **Organisation: The Ulster-Scots Language Society**
Event: Anthology of Ulster Scots Writing
Date: To be completed March 2003
Funding Amount: £8,500:00

The Ulster-Scots Language Society applied for funding in September 2002, to create an anthology of Ulster-Scots writing.

A large body of modern Ulster-Scots writing has been published as articles and short stories in newspapers and magazines over the last decade. Indeed, the Ulster-Scots Language Society was responsible for much of this writing being published in their ULLANS magazine.

This project was launched to address the lack of available written Ulster-Scots; and to meet the needs of students, for whom an anthology would be a practical asset.

The final anthology of new writing will comprise 1/3 in Ulster-Scots, 1/3 about the Ulster-Scots and 1/3 on culture. Professor Michael Montgomery will produce this work for the Ulster-Scots Language Society, and will provide a glossary.

Ní féidir rath an imeachta seo a shéanadh, agus táthar i mbun an cheathrú siompóisiam a phleanáil cheana féin.

2. Eagraíocht: Mid Antrim Ulster-Scots Society
Imeacht: Saothair Bhab McKeen á bhfoilsiú
Dáta: Meán Fómhair – Deireadh Fómhair 2002
Méid an Mhaoinithe: £ 1,300:00

Ba é "Bab McKeen" ainm cleite John Weir, ar cuireadh gearrscéalta agus dánta dá chuid i gcló go rialta sa Ballymena Observer le linn na chéad leithe den 20ú haois. In Ultais leathan a scríobh sé don chuid is mó, agus bhí léargas iontach ina chuid scríbhneoireachta ar an úsáid a baineadh as an teanga in Aontroim Lár le linn na tréimhse sin.

Tá tacaíocht tugtha ag Cumann Teanga na hUltaise d'athchló cuid dá shaothar, agus iarradh orthu réamhrá a scríobh don leabhar.

Dhearbhaigh comhairle baile an Bhaile Mheánaigh a dtacaíocht siúd leis an tionscadal chomh maith. Tá léargas sa saothar freisin ar nósanna maireachtála Albanaigh Uladh in Aontroim Lár le linn na tréimhse úd.

Níl dabht ach go mbeidh athchló seo scéalta agus dánta Bab McKeen ina acmhainn luachmhar taighde, agus é mar thaifead den oidhreacht shaibhir chultúrtha, theangeolaíoch Ultach-Albanach. Tá sé mar aidhm ag Cumann Ultach-Albanach Aontroma Láir go mbeidh an foilseachán seo ar an chéad cheann i sraith de thionscadail chomhchosúla.

Foilsíodh an leabhar 50 leathanach seo ina bhfuil na gearrscéalta agus dánta athchlóite i mí Mheán Fómhair, agus seoladh i mí Dheireadh Fómhair 2002 é.

3. Eagraíocht: The Ulster-Scots Language Society
Ócaid: Díolaim de Scríbhneoireacht Ultach-Albanach
Dáta: Le cur i gcrích faoi Mhárta 2003
Méid an Mhaoinithe: £8,500:00

Chuir Cumann Teanga na hUltaise iarratas isteach ar mhaoiniú i mí Mheán Fómhair 2002 chun díolaim de scríbhneoireacht Ultach-Albanach a chruthú.

Le deich mbliana anuas foilsíodh méid mór scríbhneoireachta Ultach-Albanaí i bhfoirm alt agus gearrscéalta i nuachtáin agus in irisí. Ar ndóigh, bhí Cumann Teanga na hUltaise freagrach as cuid mhór den scríbhneoireacht seo a bheith á foilsiú san iris ULLANS dá gcuid.

Seoladh an tionscadal seo chun dul i ngleic leis an easnamh a bhí ann ó thaobh na hUltaise scríofa, agus chun riachtanais mac léinn a shásamh, a mbeadh díolaim ina hacmhainn iontach dóibh.

Beidh 1/3 den díolaim deiridh in Ultais, 1/3 ar Albanaigh Uladh, agus 1/3 ar an chultúr. Cuirfidh an tOllamh Michael Montgomery an saothar seo ar fáil do Chumann Teanga na hUltaise, agus beidh gluais aige ann.

Culture

1. **Organisation: Altnaveigh House Cultural Society**
   Event: An Evening of Cultural Diversity
   Date: 21 June 2002
   Funding Amount: £ 1,250:00

   Altnaveigh House Cultural Society staged "An Evening of Cultural Diversity" at St Anne's Cathedral on 21 June 2002. The purpose of the event was to promote not only the culture and tradition of Ulster-Scots, but to demonstrate the Ulster-Scots commitment to cultural diversity within the island of Ireland. To that end, the evening also featured Irish traditional musicians, a Chinese singer and a performance by "The Mighty Zulu Nation", which was touring Northern Ireland at the time.

   Artists included The Ulster-Scots Folk Orchestra and The Gillian Jones Dancers, together with the Altnaveigh Memorial Pipe Band and Young Drums from Rathfriland. The contingent from the Irish dimension was led by The Saval Clanrye Dancers and featured The Henderson Family of traditional musicians and Rose O'Dwaine, who was recently voted "Voice of Ireland".

   The event was jointly funded by The Ulster-Scots Agency and Foras na Gaeilge.

   The event achieved the objectives intended from it and demonstrated the popularity and value of such cross community and cross-cultural events.

2. **Organisation: Ballymacarrett Arts and Cultural Society**
   Event: Ulster-Scots Quilt Project
   Date: February – June 2002
   Funding Amount: £ 2,200:00

   The making of this Cultural Quilt highlighted the need not only for the cultural education of the community, but also the need to bring more local people into projects of this type to develop the skills that are available in abundance.

   This project, although formally an art project, helped to develop the group's understanding of cultural issues relevant, not only to themselves, but also to their community. In the process of researching materials to include on the quilt, the group educated themselves on their traditions and heritage, and also gained a deeper insight into their Ulster-Scots roots. Through research, the group received a lesson in their history, which in turn gave them a better understanding of some of the Ulster-Scots themes.

   The launch of the Ulster-Scots Cultural Quilt took place in the Long Gallery at Parliament Buildings, Stormont in June 2002.

3. **Organisation: Ulster-Scots Heritage Council**
   Event: Magheramason Cultural Evening
   Date: 2 May 2002
   Funding Amount: £ 1,575:00

Cultúr

1. Eagraíocht: Altnaveigh House Cultural Society
Imeacht: Tráthnóna d'Éagsúlacht Chultúrtha
Dáta: 21 Meitheamh 2002
Méid an Mhaoinithe: £ 1,250:00

D'eagraigh Cumann Cultúrtha Theach Altnaveigh "Tráthnóna d'Éagsúlacht Chultúrtha" in Ardeaglais Áine ar an 21 Meitheamh 2002. Bhí sé mar aidhm ag an ócáid an cultúr agus an traidisiún Ultach-Albanach a chur chun cinn, mar aon le tiomantas Albanaigh Uladh d'éagsúlacht chultúrtha ar oileán na hÉireann a léiriú. Mar gheall air seo, bhí ceoltóirí traidisiúnta Gaelacha, amhránaí Síneach agus léiriú de "The Mighty Zulu Nation", a bhí i mbun turais i dTuaisceart Éireann ag an am, mar chuid den tráthnóna.

I measc na n-ealaíontóirí bhí an *Ulster-Scots Folk Orchestra*, rinceoirí Gillian Jones, mar aon leis an *Altnaveigh Memorial Pipe Band and Young Drums* ó Rathfriland. Bhí *The Saval Clanrye Dancers* chun tosaigh i meitheal na Gné Éireannaí, a raibh ceoltóirí traidisiúnta *The Henderson Family* agus Rose O'Dwaine, ar bronnadh "Guth na hÉireann" uirthi le déanaí, inti chomh maith.

Bhí an ócáid cómhaoinithe ag an Ghníomhaireacht Ultach-Albanach agus ag Foras na Gaeilge.

Bhain an ócáid amach na cuspóirí a leagadh amach di, agus léiríodh an luach le, agus an tóir ar, imeachtaí trasphobail, traschultúrtha den chineál seo.

2. Eagraíocht: Ballymacarrett Arts and Cultural Society
Imeacht: Tionscadal na Cuilte Ultach-Albanaí
Dáta: Feabhra – Meitheamh 2002
Méid an Mhaoinithe: £ 2,200:00

Dhírigh tionscadal na Cuilte Cultúrtha seo ar an ghéarghá le hoideachas cultúrtha i measc an phobail, agus ar an ghéarghá go mbeadh níos mó daoine áitiúla páirteach i dtionscadail den chineál seo chun na scileanna atá ar fáil go flúirseach a fhorbairt.

Chabhraigh an tionscadal seo, cé gur thionscadal ealaíne a bhí ann go príomha, chun tuiscint an ghrúpa a fhorbairt i dtaobh ceisteanna cultúrtha a bhain leo féin, agus lena bpobal. Agus iad i mbun taighde ar na hábhair le cur san áireamh sa chuilt, d'fhoghlaim an grúpa mar gheall ar a dtraidisiúin agus a n-oidhreacht féin, agus fuair siad tuiscint níos fearr ar a bpréamhacha Ultach-Albanacha. Trí thaighde, fuair an grúpa ceacht staire, as a bhfuair siad tuiscint níos fearr ar chuid de na téamaí Ultach-Albanacha.

Seoladh an Chuilt Chultúrtha Ultach-Albanach sa Long Gallery, Foirginmh Parlaiminte, Stormont i mí an Mheithimh 2002.

3. Eagraíocht: Ulster-Scots Heritage Council
Imeacht: Tráthnóna Cultúrtha Magheramason
Dáta: 2 Bealtaine 2002
Méid an Mhaoinithe: £ 1,575:00

This event was held on 2nd May 2002 in Magheramason Presbyterian Church Hall, Co. Armagh. This was the Ulster-Scots Heritage Council's first public event in the village and was very well attended. Support from Bready and District Ulster-Scots Association ensured a local presence and input to the evening.

The event provided a wide range of Ulster-Scots music, which included performances by Corcrain Flute Band, Robert Watt and Emma Culbert, the Ulster-Scots Folk Orchestra, Caledonian Connection, Bready and District Ulster-Scots Dancers, Magheramason Primary School Choir, Bready Junior Pipe Band and Bready Pipe Band.

All present agreed that the foundation had been laid for continuing Ulster-Scots work in the area.

Numerous prominent people attended the event, from school headmasters to local councillors, all of whom thought the event a tremendous success, and many people enquired whether this could be an annual event.

4. Organisation: The Royal Scottish Country Dance Society
Event: Musician's Course and Children's Day School
Date: 27 April 2002 and 10 June 2002
Funding Amount: £ 3,190:00

The course for musicians was held in Knockbreda Parish Church Hall, Belfast. The tutors for the course were John Renton and Ricky Franci, with the additional assistance of keyboards and a drummer. The band was in Belfast to play at the Royal Scottish Country Dance Society's "End of Season Ball", and the course was timed to make use of their being there.

The aim of the course was to introduce local musicians to the techniques necessary for playing at Scottish Country dances, and to encourage them to consider the possibilities of reaching the standards required for playing at local classes and dances. It is hoped that development of local expertise will avoid the necessity of bringing bands from Scotland for formal dances, and form an occasional alternative to the use of tapes at classes. It was decided to hold a short course in order to gauge interest among local musicians in studying the proper musical techniques.

It was hoped to attract up to 15 participants, and in fact, 16 attended. (Fourteen full time and two part-time.)

The attendees were mostly piano or button accordion players, with two fiddle players and one percussionist. Five of those attending played in bands that normally play for Irish Dancing. These musicians have found that there is an interest for Scottish Dances for functions such as weddings, as well as for Scottish Country Dancing classes. A questionnaire was sent to each of the participants, asking if they would be interested in a longer course during the winter, and half of the participants expressed an interest in a longer course. These musicians commented that playing for Scottish Country Dancing required a more disciplined approach than many of the participants were accustomed to.

Reachtáladh an ócáid seo ar an 2 Bealtaine 2002 i Halla Preispitéireach Magheramason, Co. Ard Mhaca. Ba í seo an chéad ócáid phoiblí de chuid na Comhairle Oidhreachta Ultach-Albanaí sa sráidbhaile, agus bhí freastal mór uirthi. Thug Cumann Ultach-Albanach an Bhréadaigh agus a Cheantair tacaíocht don tráthnóna, a chinntigh go raibh páirt lárnach ag an phobal áitiúil ann.

Bhí raon leathan de cheol Ultach-Albanach mar chuid den ócáid, lena n-áiríodh an *Corcrain Flute Band*, Robert Watt agus Emma Culbert, *The Ulster-Scots Folk Orchestra*, *Caledonian Connection*, Rinceoirí Ultach-Albanacha an Bhréadaigh agus a Cheantair, Cór Bhunscoil Magheramason, *Bready Junior Pipe Band* agus an *Bready Pipe Band*.

Aontaíodh go raibh an bonn anois leagtha chun leanúint d'obair Ultach-Albanach sa cheantar.

Bhí roinnt daoine clúiteacha i láthair ag an ócáid, ó phríomhoidí scoile chuig comhairleoirí áitiúla, agus iad ar fad ar aon intinn gur ócáid den scoth a bhí ann, cuid acu ag fiosrú an mbeadh sí ina hócáid bhliantúil.

4. Eagraíocht: The Royal Scottish Country Dance Society
Imeacht: Cúrsa do Cheoltóirí agus Scoil Lae do Pháistí
Dáta: 27 Aibreán 2002 agus 10 Meitheamh 2002
Méid an Mhaoinithe: £ 3,190:00

Cuireadh an cúrsa do cheoltóirí ar bun i Halla Paróiste Knockbreda, Béal Feirste. Ba iad John Renton agus Ricky Franci teagascóirí an chúrsa, le cúnamh breise ó mhéarchláir agus ó dhrumadóir. Bhí an banna i mBéal Feirste chun seinm ag "Rince Dheireadh an tSéasúir" de chuid Chumann Ríoga Rince Tuaithe na hAlban, agus eagraíodh an cúrsa chun deis a láithreachta a thapú.

Bhí sé mar aidhm ag an chúrsa ceoltóirí áitiúla a thabhairt isteach ar na teicnící a theastaíonn chun seinm ag rincí tuaithe Albanacha, agus chun iad a spreagadh i dtreo na gcaighdeán a theastódh chun a bheith ag seinm ag ranganna agus ag rincí áitiúla. Táthar ag súil go ndéanfar an saineolas áitiúil a fhorbairt ionas nach mbeidh orthu bannaí ó Albain a thabhairt isteach le haghaidh rincí foirmeálta, agus ionas nach mbeidh múinteoirí ag brath ar théipeanna i ranganna. Cinneadh go gcuirfí gearrchúrsa ar fáil féachaint cén sórt spéise atá ann i measc ceoltóirí áitiúla chun staidéar a dhéanamh ar theicnící cuí ceoil.

Bhíothas ag súil le 15 rannpháirtí a mhealladh, agus 16 a bhí i láthair. (14 lánaimseartha agus 2 páirtaimseartha).

Seinnteoirí cairdín pianó agus cnaipchairdín don chuid is mó a bhí i láthair, le beirt seinnteoirí fidle agus cnagcheoltóir amháin. Sheinn cúigear díobh siúd a bhí i láthair i mbannaí a sheineann ceol rince Gaelach go hiondúil. Feictear do na ceoltóirí seo go bhfuil spéis anois ann le haghaidh Rincí Albanacha ag ócáidí mar bhainisí, chomh maith le spéis i ranganna ar an rince tuaithe Albanach. Cuireadh ceistneoir chuig na rannpháirtithe, féachaint an mbeadh spéis acu tabhairt faoi chúrsa níos faide le linn an gheimhridh, agus léirigh leath acu spéis ina leithéid. Bhí na ceoltóirí seo den tuairim go raibh cur chuige níos smachtaithe de dhíth ar cheol rincí tuaithe Albanacha ná mar a raibh taithí ag cuid mhaith de na rannpháirtithe air.

The Children's Day School gave the children an opportunity to receive tuition from a visiting teacher, with twenty-five children attending, ranging from Primary One to mid-teens. This class was considered to be a great success by pupils, teachers and parents.

Ulster-Scots Agency chairman Lord Laird Artigarvan with Gillian Jones, the first qualified Highland Dance teacher in Northern Ireland in 2002 thanks to the Agency's financial support
An Tiarna Laird Ard Tí Garbháin, Cathaoirleach Tha Boord o Ulstèr-Scoth, le Gillian Jones, an chéad duine a cháiligh i dTuaisceart Éireann i 2002 mar mhúinteoir Rincí Tuaithe Albanacha.

Awareness

1. **Organisation: Altnaveigh House Cultural Society**
   Event: Appointment of Cultural Officer
   Date: November 2002 (for 3 year period)
   Funding: £ 13,700:00

   Following on from discussions with the Ulster-Scots Agency and Foras na Gaeilge, Altnaveigh House sought funding for the appointment, over three years, of a Cultural Officer to develop the Ulster-Scots and Gaelic school of music and traditional cultures. This is a joint cross-border project between Altnaveigh House and the North/South Language Body.

   The role of the Cultural Officer is to promote the study and development of Ulster-Scots as a living language and the development of the Ulster-Scots culture, including music and song in all its forms, dance, literature and drama.

   The role will also have an attendant archiving function to preserve both the oral traditions and the historic material. This project is seen as a pilot for other groups throughout Ireland that have an interest in traditional culture and a desire to promote and improve mutual understanding between the communities.

2. **Organisation: Derry City Council**
   Event: The Walled City Culture Trail
   Date: 1 July – 31 August 2002
   Funding Amount: £ 750:00

Tugadh deis do pháistí ag an Scoil Lae do Pháistí ceacht a fháil ó mhúinteoir cuairte, le 25 páiste i láthair, ó ranganna ísle bunscoile chuig déagóirí. Mheas daltaí, múinteoirí agus tuismitheoirí go raibh an rang seo thar a bheith rathúil.

Feasacht

1. Eagraíocht: Altnaveigh House Cultural Society
Imeacht: Ceapachán Oifigeach Cultúrtha
Dáta: Mí na Samhna 2002 (le haghaidh tréimhse 3 bliana)
Maoiniú: £ 13,700:00

Ag leanúint ar chainteanna leis an Ghníomhaireacht Ultach-Albanach agus le Foras na Gaeilge chuir Teach Altnaveigh iarratas isteach ar mhaoiniú chun Oifigeach Cultúrtha a cheapadh, thar trí bliana, chun an scoil Ultach-Albanach agus Ghaeilge um cheol agus chultúir thraidisiúnta a fhorbairt. Is comhthionscadal trasteorann é seo idir Teach Altnaveigh agus an Foras Teanga Thuaidh/Theas.

Tá sé mar ról ag an Oifigeach Cultúrtha staidéar agus forbairt na hUltaise mar theanga bheo a chur chun cinn, mar aon leis an chultúr Albanach-Ultach a fhorbairt, lena n-áirítear na cineálacha éagsúla ceoil agus amhránaíochta, mar aon le rince, litríocht agus drámaíocht.

Beidh feidhm chartlainne mar chuid den ról chomh maith, chun idir an béaloideas agus ábhar stairiúil a chaomhnú. Breathnaítear ar an tionscadal seo mar thionscadal píolótach do ghrúpaí eile ar fud na hÉireann a bhfuil spéis acu sa chultúr traidisiúnta agus a bhfuil fonn orthu comhthuiscint idir na pobail a chur chun cinn agus a fheabhsú.

2. Eagraíocht: Comhairle Chathair Dhoire
Imeacht: The Walled City Culture Trail
Dáta: 1 Iúil – 31 Lúnasa 2002
Méid an Mhaoinithe: £ 750:00

Bhí Conair Chultúrtha na Cathrach Múrtha ar bun i mí Iúil agus Lúnasa 2002. Bhí sé mar aidhm ag an Chonair na cláir sin a imeascadh atá ar fáil do dhaoine áitiúla agus do chuairteoirí le linn an tsamhraidh, mar aon le hardán a chur ar fáil chun raon na mbuanna cultúrtha sa Chathair a thaispeáint. Rinneadh bolscaireacht ar an Chonair trí bhileoga, leabhráin, preasráitis agus gné-ailt sna meáin, agus mar aon le turais cleachta is eolais do lucht trádála agus na meáin. Bhí baill foirne faoi leith i mbun bainistíochta uirthi le linn an tsamhraidh. Ghlac 7,381 cuairteoir páirt sa Chonair, níos mó ná an bunsprioc de 5,000. Ón margadh áitiúil a tháinig 45 cuairteoir, leis an chuid eile ag teacht ó áiteanna éagsúla ar fud na hÉireann, ó Albain, ón Eoraip agus ó Mheiriceá.

Bhí roinnt gnéithe breise ag baint le Conair Chultúrtha na Cathrach Múrtha i mbliana, lena n-áiríodh an *Café Club* i bhFóram na Mílaoise, agus léachtaí tráthnóna le ceoltóirí agus aoichainteoir ón traidisiún Ultach-Albnach. Ba é tráthnóna na n-aoiléachtaí in Ionad na nEalaíon Béil príomhfhócas an chláir Ultach-Albanaigh. San áireamh ann bhí ceol agus caint ar an Ultais. Bhí an-tóir air i measc grúpaí leasmhara áitiúla, treoraithe turais agus baill den phobal. Chláraigh 39 don ócáid, a raibh ceol ó Robert Watt agus Emma Culbert, mar aon le léacht ó Mary Delargy mar chuid di.

The Walled City Culture Trail took place in July and August 2002. The purpose of the Trail was to integrate the programmes on offer during the summer period for locals and visitors, while providing an important platform to showcase the range of cultural talent available in the City. The Trail was promoted through flyers, brochures, press releases and media features, familiarisation trips for trade and media, and was managed through a number of dedicated staff during the summer months. A total of 7, 381 visitors took part in the Trail, exceeding the original target of 5,000. It is known that 45 of the visitors using the Trail were from the domestic market, with the balance of visitors from throughout Ireland, Scotland, Europe and America, reflecting the visitor profile for the City.

This year, the Walled City Cultural Trail introduced a number of new features, including the Café Club at the Millennium Forum, and evening lectures. These features included musicians and a guest speaker from the Ulster-Scots tradition. The main focus of the Ulster-Scots programme was a guest lecture evening at the Verbal Arts Centre. This included music and an informative talk on the Ulster-Scots language. It was very well received and attended by local interest groups, tour guides and members of the public. Thirty-nine people registered for the event, which included music from Robert Watt and Emma Culbert, and a lecture by Mary Delargy.

In addition, the Café Club had two Ulster-Scots performances. This is a more informal setting with visitors and local people enjoying music over the lunchtime period. Over the eight Saturdays, almost two hundred people enjoyed the Café Club, with fifty-four attending the Ulster-Scots lunchtime events.

The Café Club coincided with the Ulster Pipe Band Championships, and this was used as an opportunity to introduce Ulster-Scots through direct promotion on the Shuttle Bus used for that event.

Although this was the first year that Derry City Council has introduced a themed programme within the Trail, the Council believe there is an opportunity to extend in future years. It is the ambition of the Council to include an enhanced series of lectures and lunchtime music for 2003, representing the Ulster-Scots tradition.

3. Organisation: Balnamore Primary School
Event: Ulster-Scots Music and Culture Workshop
Date: 21 February 2002
Funding Amount: £ 300:00

The Principal of Balnamore Primary School, Jackie Morrison, organised a visit from the Ulster-Scots Folk Orchestra to the school to give a performance, which was to be followed up by a workshop session with Key Stage 2 pupils. This provided the younger pupils with the opportunity to experience the Orchestra's music and learn about the various instruments as well as allowing an interest for Ulster-Scots to filter through Key Stage 1.

Key Stage 2 pupils were encouraged to discuss the Orchestra's visit in the Ulster-Scots After School Club, where pupils from P5, P6 and P7 joined together to consider pieces of Ulster-Scots literature and poetry. The culmination of their work was a short performance at the end of the year Assembly.

Ina theannta sin, bhí dhá thaibhiú Ultach-Albanacha sa *Café Club*. Suíomh níos réchúisí atá snseo le cuairteoirí agus muintir na háite ag baint taitnimh as ceol le linn am lóin. Tháinig beagnach 200 chuig an *Café Club* thar ocht Satharn, le 54 acu ag freastal ar imeachtaí Ultach-Albanacha lóin.

Bhí an *Café Club* agus Comórtais Uladh na mBannaí Píopa ar bun ag an am céanna, agus tapaíodh an deis seo chun gnéithe den chultúr Ultach-Albanach a thaispeáint trí fhógraíocht dhíreach ar an bhus tointeála a bhí in úsáid don ócáid sin.

Cé gurbh í seo an chéad bhliain gur úsáid Comhairle Chathair Dhoire téama laistigh den Chonair, creideann an Chomhairle go bhfuil deis ann seo a leathnú sa todhchaí. Tá sé mar uaillmhian ag an Chomhairle sraith feabhsaithe léachtaí agus ceolchoirmeacha lóin a chur san áireamh le haghaidh 2003, ag léiriú an traidisiúin Ultach-Albanaigh.

3. Eagraíocht: Bunscoil Bhéal an Átha Móir
Imeacht: Ceardlann ar an Cheol agus ar an Chultúr Ultach-Albanach
Dáta: 21 Feabhra 2002
Méid an Mhaoinithe: £ 300:00

D'eagraigh Príomhoide Bhunscoil Bhéal an Átha Móir, Jackie Morrison, cuairt ón *Ulster-Scots Folk Orchestra* chuig an scoil chun seanma, le dhá sheisiún ceardlainne ina dhiaidh sin le daltaí Chéim 2. Thug seo deis do dhaltaí níos óige chun blaiseadh de cheol na Ceolfoirne a fháil mar aon le léargas ar na huirlisí éagsúla, agus chabhraigh sé go mór chun spéis a chothú i measc lucht Chéim 1.

Tugadh spreagadh do dhaltaí Chéim 2 cuairt na Ceolfoirne a phlé sa Chlub Ultach-Albanach i ndiaidh Scoile, áit ar tháinig daltaí ó P5, P6 agus P7 le chéile chun a dtuairimí a léiriú ar ghiotaí de litríocht agus d'fhilíocht Ultach-Albanach. Le toradh a gcuid oibre a leiriú, rinne siad cur i láthair ag Tionól Dheireadh na Bliana.

Tá súil ag Jackie Morrison an Club Ultach-Albanach i ndiaidh Scoile a choinneáil ar bun in 2002/03, agus í ag iarraidh tógáil ar an spéis atá laistigh den scoil.

4. Eagraíocht: Bready and District Ulster-Scots Association
Imeacht: Plean Straitéiseach d'Ionad Cultúrtha
Dáta: 18 Aibreán 2002
Méid an Mhaoinithe: £ 9,984:56

Chuir Cumann Ultach-Albanach an Bhréadaigh agus a Cheantair iarratas isteach ar mhaoiniú chun plean straitéiseach a mhúnlú d'fhorbairt an Chumainn agus chun creatlach a chur ar fáil chun leas iomlán a bhaint as na grúpaí éagsúla cleamhnaithe.

Bhí an eagraíocht seo gníomhach cheana i raon leathan d'fhiontraí cultúrtha mar atá Rince Albanach, ranganna píopaí agus drumadóireachta, léachtaí stairiúla, ranganna oideachasúla srl.

Toisc go raibh iarratas ar chúnamh airgeadais curtha isteach ag an ghrúpa cheana chuig an Chomhairle um Fhorbairt Tuaithe chun ionad pobail agus cultúrtha a thógáil i gceantar an Bhréadaigh, tugtar mionsonraí sa phlean straitéiseach ar ról an ionaid i ngníomhaíochtaí cultúrtha sa phobal. Aontaíodh go gcuirfí tús le

Jackie Morrison hopes to continue the Ulster-Scots After School Club in 2002/03, and to build on the existing interest within the school.

4. **Organisation: Bready and District Ulster-Scots Association**
Event: Strategic Plan for Cultural Centre
Date: 18 April 2002
Funding Amount: £ 9,984:56

Bready and District Ulster-Scots Association applied for funding to form a strategic plan for the development of the Association and to provide a framework upon which to utilise the potential of the numerous affiliated groups.

This organisation was already actively engaged in a wide range of cultural ventures such as Highland Dancing, piping and drumming classes, historical lectures and educational classes etc.

As the group had recently applied to the Rural Development Council for financial assistance towards the building of a community and cultural centre in Bready, the strategic plan also details how the centre will function as a focal point for cultural activity in the community. It was agreed that the consultation process for the strategic plan would commence before the end of April 2002.

The proposal had, as its primary focus, the development of Ulster-Scots activity in the area, and the continuation of a long established Ulster-Scots cultural tradition in the local district.

Education

1. **Organisation: University of Ulster**
Event: Institute of Ulster-Scots Studies
Date: January 2002 – December 2002
Funding Amount: £ 150,000:00

After detailed negotiation between the Ulster-Scots Agency and the University of Ulster, it was agreed that an Institute of Ulster-Scots Studies would be established and located at Magee Campus of the University of Ulster. The Ulster-Scots Agency in partnership with the University of Ulster would provide funding for the Institute over a three year period, each providing matching funding in cash or kind for each of the three years. The Institute's Mission Statement is:

"To promote the understanding of Ulster-Scots history, culture and heritage within Ulster and beyond to those regions where the Ulster-Scots people have influenced the development of specific communities and nations."

The role of the Institute is to promote the experience of the Ulster-Scots as a mainstream academic concern.

Among the objectives of the Institute, the following areas have been identified:

Outreach Objectives:

próiseas comhairliúcháin an phlean straitéisigh roimh dheireadh Aibreáin 2002.

Bhí forbairt gníomhaíochtaí Ultach-Albanacha sa cheantar mar phríomhfhócas an togra, mar aon leis an traidisiún cultúrtha seanbhunaithe Ultach-Albanach a chaomhnú sa limistéar áitiúil.

Oideachas

1. Eagraíocht: Ollscoil Uladh
Imeacht: Institiúid an Léinn Ultach-Albanaigh
Dáta: Eanáir 2002 – Nollaig 2002
Méid an Mhaoinithe: £ 150,000:00

I ndiaidh cuid mhór cainteanna idir an Ghníomhaireacht Ultach-Albanach agus Ollscoil Uladh, aontaíodh go mbunófaí Institiúid an Léinn Ultach-Albanaigh agus go lonnófaí ar Champas Mhig Aoidh na hOllscoile í. Chuirfeadh an Ghníomhaireacht Ultach-Albanach, i gcomhpháirtíocht le hOllscoil Uladh, maoiniú ar fáil don Institiúid thar thréimhse 3 bliana, maoiniú meaitseála (i bhfoirm airgid thirim nó a chomhchineáil) á sholáthar ag an dá dream do gach ceann de na trí bliana. Seo a leanas ráiteas bunchuspóra na hInstitiúide:

"Tuiscint a chur chun cinn ar an stair, ar an chultúr agus ar an oidhreacht Ultach-Albanach laistigh de Chúige Uladh agus lasmuigh de sna réigiúin sin ina raibh tionchar ag Albanaigh Uladh ar an fhorbairt a tháinig ar phobail agus ar náisiúin ar leith".

Tá sé mar phríomhról ag an Institiúid eispéireas Albanaigh Uladh a chur chun cinn mar ábhar acadúil príomhshrutha.

Aithníodh na réimsí seo a leanas i measc chuspóirí na hInstitiúide:

Cuspóirí For-rochtana:

- Cúrsa ar stair Uladh agus na hAlban/ Albanaigh Uladh a scríobh, a fhorbairt agus a mhúineadh.
- Tús a chur le, agus dul chun cinn suntasach a dhéanamh ar thionscadal imirce bunaithe ar lastliostaí na long a d'fhág calafort Dhoire ag dul chuig na Stáit Aontaithe agus chuig Ceanada.
- Suíomh Gréasáin a chruthú, a fhorbairt agus a chothú a mbeidh stór sonraí bibleagrafaíocha air ar deireadh, mar aon le heolas cuí eile maidir le hobair na hInstitiúide agus an Léinn Ultach-Albanaigh go ginearálta.
- Ag obair i gcomhar le hAcadamh Oidhreachtaí Cultúrtha na hÉireann cuirfidh an Institiúid tús le taighde ag díriú ar an bhunlonnú Ultach-Albanach a mhapáil i gCúige Uladh ar dtús, agus go hidirnáisiúnta ina dhiaidh sin.

Tá tuarascáil foilsithe ag an Institiúid ina ndéantar cur síos ar an obair agus an dul chun cinn ó mhí Mheán Fómhair 2001 chuig mí Mheán Fómhair 2002.

2. Eagraíocht: Cumann Pobail Bhaile Cora
Imeacht: Cúrsa ar Stair na hAlban
Dáta: Meán Fómhair 2002
Méid an Mhaoinithe: £ 375:00

- To write, develop and teach a course on the history of Ulster and Scotland/Ulster-Scots.
- To initiate and significantly progress a migration project based on the manifest lists of ships leaving from the port of Londonderry for the United States and Canada.
- To construct, develop and maintain a website which will eventually host a bibliographical database and other relevant information regarding the work of the Institute and Ulster-Scots studies in general.
- To Work with the Academy of Irish Cultural Heritages, the Institute will initiate research with the aim of mapping Ulster-Scots settlement in Ulster initially, and later internationally.

The Institute has published a report outlining the work and progress from September 2001 to September 2002.

2. **Organisation: Ballycarry Community Association**
Event: Scottish History Course
Date: September 2002
Funding Amount: £ 375:00

This course was run at Ballycarry Community Centre between 24 September and 4 December 2002.

Thirteen people took part in the course which was divided into 10 modules covering the history of the Picts and the Scots, the Scottish Wars of Independence, the Scottish Borderers as a case study, the Covenanters, Scottish Williamites and Jacobites, the Plantation of Ulster, Emigration to America, the role in the American Revolution and Ulster-Scots Language and culture. During each class the members received a Personal Learning Journal, which dealt with basic questions addressed during the lecture, which were intended to serve as a learning tool and a later reminder of the subject matter. The tutor assessed these Personal Learning Journals each week, and found there was a high standard being attained.

Those who participated in the class gave positive feedback and greatly enjoyed the event. They particularly enjoyed the use of video and slides to highlight various historical periods, and they felt they had learned a lot about aspects of Ulster-Scots identity. Feedback also intimated that news about the class and the subjects covered were being passed into the wider community by those participating. The class members also felt that a high educational standard was involved.

Ballycarry Community Association felt that the course helped heighten the profile of Ulster-Scots identity in the area and feedback into the community was extremely valuable.

3. **Organisation: St Michael's College, University of Toronto**
Event: Conference: The Ulster-Scots Transatlantic Perspectives
Date: 2 November 2002
Funding Amount: £ 3,000:00

The aim of the conference was to encourage understanding of the Ulster-Scots people in the wider perspective, outlining their significance both in the relationship between Scotland and Ulster,

Reachtáladh an cúrsa seo in Ionad Pobail Bhaile Cora idir an 24 Meán Fómhair agus 4 Nollaig 2002.

Ghlac 13 páirt sa chúrsa, a raibh 10 módúl ann ag díriú ar stair na gCruithneach agus na nAlbanach, Cogaí Saoirse na hAlban, Lucht Teorann na hAlban mar chás-staidéar, na Cúnantóirí, Uilliamaítigh agus Seacaibítigh na hAlban, Plandáil Uladh, Imirce go Meiriceá, an ról i Réabhlóid Mheirceá, an Ultais agus an cultúr Ultach-Albanach. Tugadh Leabhrán Pearsanta Foghlama do bhaill na ranganna, inar pléadh cuid de bhuncheisteanna na léachta, iad ina n-áis foghlama agus ina n-áis mheabhrúcháin ar an ábhar. Rinne an teagascóir na Leabhráin Phearsanta Foghlama seo a mheas gach seachtain, agus chonacthas go raibh ardchaighdeán á choinneáil.

Thug rannpháirtithe an ranga aiseolas dearfach agus is léir gur bhain siad taitneamh as an imeacht. Bhí siad sásta, go háirithe, le húsáid físe agus sleamhnán chun tréimhsí éagsúla staire a léiriú, agus bhraith siad go raibh cuid mhór foghlamtha acu ar ghnéithe den ionannas Ultach-Albanach. Thug an t-aiseolas le fios go raibh an scéal á scaipeadh ar an mhórphobal acu siúd a bhí páirteach maidir leis an rang agus na hábhair a chlúdaítear ann. Bhí baill an ranga den tuairim go raibh ardchaighdeán oideachais i gceist.

Mheas Cumann Pobail Bhaile Cora gur chabhraigh an cúrsa le próifíl an ionannais Ultach-Albanaigh a ardú sa cheantar, agus go raibh an t-aiseolas fíorluachmhar.

An Dr David Hume, Éamon Ó Cuív TD, Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, An tUrr. John Nelson agus an Tiarna Laird le linn cuairt eolais an Aire ar Bhaile Cora áit ar chéadbhailigh Preispitéirigh Éireannacha le chéile i 1613
Dr David Hume, Éamon Ó Cuív TD, Minister for Community, Rural and Gaeltacht Affairs, Rev. John Nelson and Lord Laird during the Minister's visit to Templecorran, Ballycorry, Co Antrim where Irish Presbytarians first gathered together in 1613

3. Eagraíocht: Coláiste Mhichíl, Ollscoil Toronto
Imeacht: Comhdháil: *The Ulster-Scots Transatlantic Perspectives*
Dáta: 2 Samhain 2002
Méid an Mhaoinithe: £ 3,000:00

Bhí sé mar aidhm ag an chomhdháil tuiscint ar an phobal Ultach-Albanach a spreagadh, ag díriú ar a dtábhacht sa chaidreamh idir Alban agus Ulaidh, agus ar an ardán domhanda, ar ar chuir an pobal Ultach-Albanach le lonnú Mheiriceá.

D'fhreastail breis agus 60 toscaire ar an Chomhdháil, a mheall acadóirí clúiteacha ó Mheiriceá Thuaidh, a bhfuil spéis acu tabhairt faoi thaighde ar stair an diaspóra Ultach-Albanaigh, agus a thug deis

and on the world stage, and the contribution made by the Ulster-Scots people to the settlement of America.

The Conference, attended by over sixty delegates, attracted established academics from North America, interested in researching the history of the Ulster-Scots diaspora, and gave them an opportunity to meet and exchange information. The younger academics see their future field of work in researching the Ulster-Scots in North America, and this conference was important in that it brought the younger generation together with the established academics and reinforced the perception of the importance of this work.

Young students, some of them undergraduates, used the opportunity to seek information for work at masters and doctorate level in this field. Professor John Wilson was able to advise two students on opportunities in Northern Ireland to do research for masters and doctorate degrees.

The conference attracted some members of the general public with an interest in Ireland and Ulster. This allowed the profile of Ulster-Scots to be raised with those who had known little about it before, while others with some knowledge undoubtedly also benefited.

The conference has given Ulster-Scots a status in North America and Canada, and Ulster-Scots studies have now begun to acquire a standing as a legitimate field of academic investigation. The development of this conference has afforded opportunities for all participants to communicate with each other, which in turn could lead to further joint initiatives between Ulster and North America.

From discussions after the conference, it now appears likely that this will become an annual event, with both Guelph University and St. Mary's College, Toronto wishing to stage the conference next year. The academics from the United States, however, would like to see the conference move between America and Canada on a yearly basis.

4. Organisation: Red Wine Productions
Event: The Scotch Irish in America Documentary
Date: 9 October 2002
Funding Amount: £ 10,000:00

Redwine Productions received funding support from the Ulster-Scots Agency for pre-production of a major television documentary with the working title The Scotch Irish in America. Redwine Productions is developing this media project in association with the WB Yeats Foundation, and directed by University of Ulster guest professor James W Flannery.

This documentary will span more than four centuries, chronicling the history of the people known in America as the "Scotch Irish" or "Scots Irish". The story will follow them from their roots in Lowland Scotland through their troubled history in the north of Ireland and their profoundly important presence in America. The programme is intended for broadcast on American, Canadian, United Kingdom and Irish television. It will be formatted in two one-hour segments, which can be aired separately or back-to-back.

dóibh bualadh le chéile agus eolas a mhalartú. Tá acadóirí óga anois ag iarraidh taighde a dhéanamh ar Albanaigh Uladh i Meiriceá Thuaidh, agus bhí an chomhdháil seo tábhachtach toisc gur thug sí an ghlúin óg agus acadóirí bunaithe le chéile, agus gur neartaigh sí an tuiscint ar thábhacht na hoibre seo.

Thapaigh mic léinn óga, fochéimithe cuid acu, an deis chun eolas a bhailiú dá gcuid oibre ag leibhéal na máistreachta agus na dochtúireachta sa réimse seo. Bhí an tOllamh John Wilson in ann comhairle a chur ar bheirt mhac léinn maidir le deiseanna i dTuaisceart Éireann chun taighde máistreachta agus dochtúireachta a dhéanamh.

Bhí baill áirithe den phobal a bhfuil spéis acu in Éirinn agus i gCúige Uladh meallta chuig an chomhdháil chomh maith. Ardaíodh próifíl Albanaigh Uladh, dá bharr, i measc iad siúd nach raibh eolach orthu roimhe seo, agus cuireadh go mór le méid an eolais a bhí ag daoine eile.

Tá stádas ag cúrsaí Ultach-Albanacha i Meiriceá Thuaidh agus i gCeanada mar thoradh ar an chomhdháil, agus tá stádas á bhaint amach anois ag an léann Ultach-Albanach mar réimse ceart acadúil. De bharr na comhdhála seo tá deiseanna curtha ar fáil do rannpháirtithe chun teagmháil a dhéanamh le chéile, go bhféadfaí comhthionscnaimh eile a chruthú idir cúige Uladh agus Meiriceá Thuaidh sa todhchaí.

De réir cainteanna i ndiaidh na comhdhála, tá an chuma ar an scéal anois go ndéanfar ócáid bhliantúil aisti, le spéis léirithe ag Ollscoil Guelph agus Coláiste Mhuire, Toronto, araon an chomhdháil a óstáil an bhliain seo chugainn. Tá acadóirí na Stát Aontaithe, áfach, ag iarraidh go rachfadh an chomhdháil idir Meiriceá agus Ceanada ar bhonn bliantúil.

4. Eagraíocht: *Red Wine Productions*
Imeacht: Clár Faisnéise ar Albanaigh Éireannacha i Meiriceá
Dáta: 9 Deireadh Fómhair 2002
Méid an Mhaoinithe: £ 10,000:00

Fuair *Redwine Productions* tacaíocht airgeadais ón Ghníomhaireacht Ultach-Albanach do réamhléiriú mórchlár faisnéise teilifíse leis an teideal oibre '*The Scotch Irish in America*'. Tá an tionscadal meáin seo á fhorbairt ag *Redwine Productions* i gcomhair le Fondúireacht WB Yeats, á stiúradh ag aoi-ollamh Ollscoil Uladh, James W Flannery.

Beidh níos mó ná ceithre aois i gceist leis an chlár faisnéise seo, ag díriú ar stair na ndaoine sin ar tugadh Albanaigh Éireannacha orthu i Meiriceá. Beidh an scéal á leanúint óna gcuid préamhacha in ísealchríoch na hAlban tríd a gcuid staire suaite i dTuaisceart Éireann agus a dtábhacht i Meiriceá. Tá sé i gceist go gcraolfar an clár ar theilifís Mheiriceá, Cheanada, na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann. Dhá rannán uair an chloig a bheidh i gceist leis, go bhféadfaí é iad a chraoladh ar deighilt nó ceann i ndiaidh cinn.

Beidh scéal Albanaigh Uladh i Meiriceá sa chlár. Bhí an grúpa eitneach seo lárnach i gcoilíniú Mheiriceá, sa bhua sa Chogadh Réabhlóideach, i lonnú na dteorainneacha Theas agus Iarthair, i

The programme will chronicle the story of the Ulster-Scots in America. This ethnic group was seminal to the colonization of America, victory in the Revolutionary War, the settlement of the Southern and Western Frontiers, the establishment of the Presbyterian Church, the spread of public education and much of bedrock American culture.

This grant enabled Redwine Productions to complete the planning and scripting phase of the project with thorough Ulster related research.

The production company is now in a position to begin pursuing production funding for the project. Once completed and exposed to audiences in North America, the United Kingdom and Ireland, this programme should heighten the public's understanding of Ulster-Scots history. It should stimulate interest in and support for the tremendous work many scholars are now undertaking in this field.

mbunú na hEaglaise Preispitéirí, i leathnú an oideachais phoiblí agus tionchar acu ar chuid mhór den bhunchultúr Meiriceánach.

Leis an deontas seo, bhí ar a gcumas ag *Redwine Productions* céimeanna pleanála agus scriptithe an tionscadail a chur i gcrích le diantaighde bainteach le cúige Uladh.

Tá an chuideachta léirithe i riocht anois gur féidir leo dul ar thóir maoinithe léirithe don tionscadal. Agus é curtha i gcrích agus léirithe do luchtanna féachana i Meiriceá Thuaidh, sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, ba chóir go gcuirfí le tuiscint an phobail ar an stair Ultach-Albanach. Ba chóir go spreagfaí spéis sa, agus tacaíocht don, mhórobair atá á déanamh ag cuid mhaith scoláirí i láthair na huaire.

APPENDIX 1

The Ulster-Scots Curriculum Project

Report by Stranmillis University College
for Year Ending December 2002

The Ulster-Scots Primary School Project began with the setting up of an Ulster-Scots Curriculum Development Unit at Stranmillis University College funded by the Agency. This initiative was part of the Agency's educational programme outlined in its Corporate Plan.

In May 2002 Mrs Hilary Avery MA Dip Ed FGA ITLM, Head of Teaching and Learning (Geography) at the College was appointed as Director. Her role is to provide leadership and take responsibility for the curriculum development of Ulster-Scots language, history and culture.

In June 2002 two teachers were appointed – Mrs. Andrea Gilbert and Mr. Rob Evans. They were seconded from their schools, with effect from 1st September, to the College. Their remit is to produce curriculum materials for use in primary schools across the Province.

Curriculum development offices were set up in the college and the Project Team commenced work at the beginning of September.

The team agreed that three areas of activity would be undertaken. First, academic research and development that involved, not only underpinning the project with scholarship regarding content, but also keying into best practice in curriculum development. Secondly, liaising with stakeholders in the Ulster-Scots community, with educational bodies including the ETI, CCEA and with other groups producing similar material or working in the area of Minority Language promotion. Thirdly, the production of curriculum materials in a variety of formats. It is envisaged that schools will receive curriculum materials in electronic form either on CD Rom or on the schools website C2K, also that each school will receive one colour hard copy capable of good quality black and white reproduction and a further package containing support materials e.g. for structured play.

In the four months from September to December, much was achieved. Research and discussions with experts in specific academic areas have resulted in the preparation of two clear illustrated booklets, one providing background on the language, the other on history and culture. These booklets will be sent out to teachers with the curriculum materials. A PowerPoint presentation has also been produced which can be presented by project staff to groups of teachers to facilitate the launch of classroom materials.

Careful consideration of the Northern Ireland Curriculum, and its proposed revision, alongside a wider perspective of European curriculum developments have informed the design and presentation of the classroom materials. The cross curricular approach embodied in the Revised Northern Ireland Curriculum which links History, Geography, Science and Technology as "The World Around Us", coupled with the current emphasis on Personal Development and on Cultural Diversity lends itself well to the inclusion of Ulster-Scots in the curriculum content. The emerging emphasis in the revised curriculum on the development of "Thinking Skills" with pupils "managing their own learning" and becoming "independent learners" has been catered for in the design of materials. Sample materials have been shown to members

AGUISÍN 1

Tionscadal an Churaclaim Ultach-Albanaigh

Tuarascáil Choláiste na hOllscoile Stranmillis
don Bhliain dár críoch Nollaig 2002

Cuireadh tús le Tionscadal Ultach-Albanach na mBunscoileanna le bunú Ionad Forbartha an Churaclaim Ultach-Albanaigh i gColáiste na hOllscoile Stranmillis á mhaoiniú ag an Ghníomhaireacht. Bhí an tionscnamh seo mar chuid de chlár oideachais na Gníomhaireachta, mar atá cur síos air ina Phlean Corparáideach.

I mí na Bealtaine 2002 ceapadh an tUasal Hilary Avery MA Dip Ed FGA ITLM, Ceann Múinte augs Foghlama (Tíreolaíocht) sa Choláiste, mar Stiúrthóir. Tá sé mar ról aici ceannaireacht a chur ar fáil, agus freagracht a ghlacadh as forbairt an churaclaim Ultach-Albanaigh (lena n-áirítear an stair agus an cultúr Ultach-Albanach mar aon leis an Ultais).

I mí an Mheithimh 2002 ceapadh beirt mhúinteoirí – an tUasal Andrea Gilbert agus an tUasal Rob Evans. Thacaigh a gcuid scoileanna lena gceapachán chuig an Choláiste, i bhfeidhm ón 1 Meán Fómhair. Tá sé mar fhreagracht orthu ábhair churaclaim a tháirgeadh chun úsáid a bhaint astu i mbunscoileanna ar fud an Chúige.

Bunaíodh oifigí forbartha curaclaim sa choláiste, agus chuaigh Foireann an Tionscadail i mbun oibre ag tús mhí Mheán Fómhair.

D'aontaigh an fhoireann go dtabharfar aghaidh ar thrí réimse gníomhaíochta; 1) taighde agus forbairt acadúil: ag tabhairt tacaíocht acadúil don tionscadal ó thaobh ábhair de, agus ag díriú ar an chleachtas is fearr i bhforbairt curaclaim; 2) teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara sa phobal Ultach-Albanach, le comhlachtaí oideachais lena n-áirítear an ETI, CCEA, agus le grúpaí eile atá i mbun ábhar comhchosúil a tháirgeadh, nó atá ag obair i gcur chun cinn Mionteangacha; 3) táirgeadh ábhair churaclaim i bhformáidí éagsúla. Táthar ag súil go bhfaighidh scoileanna ábhair churaclaim i bhfoirm leictreonach, ar CD Rom nó ar shuíomh Gréasáin na scoileanna C2K, agus go bhfaighidh gach scoil cóip chrua dhaite amháin go bhféadfaí cóipeanna maithe dubh agus bán a dhéanamh di, mar aon le pacáiste eile ina mbeidh ábhair tacaíochta, m.sh. le haghaidh súgradh struchtúrtha

Baineadh an t-uafás amach sna míonna ó Mheán Fómhair go Nollaig. Mar thoradh ar thaighde agus ar chainteanna le saineolaithe i réimsí acadúla faoi leith réitíodh dhá leabhrán shoiléire, ceann acu le cúlra ar an teanga, le stair agus cultúr sa cheann eile. Cuirfear na leabhráin seo chuig múinteoirí i dteannta leis na hábhair churaclaim. Cuireadh cur i láthair PowerPoint le chéile, chomh maith, go bhféadfaí baill foirne an tionscadail úsáid a bhaint as ag labhairt le grúpaí múinteoirí chun seoladh na n-ábhar ranga a éascú.

Rinneadh dianmhachnamh ar Churaclam Thuaisceart Éireann, agus ar a athbhreithniú molta, taobh le forbairtí curaclaim san Eoraip, agus bhí tionchar nach beag aige seo ar dhearadh agus ar leagan amach na n-ábhar ranga. Leis an chur chuige traschuraclaim atá i gcroílár Churaclam Athbhreithnithe Thuaisceart Éireann a cheanglaíonn Stair, Tíreolaíocht, Eolaíocht agus Teicneolaíocht mar "An Domhan Thart Timpeall Orainn", i dteannta leis an bhéim reatha ar Fhorbairt Phearsanta agus ar Éagsúlacht Chultúrtha, oireann an léann Ultach-Albanach go maith d'ábhar an churaclaim. Tá an bhéim nua sa churaclam athbhreithnithe ar fhorbairt "Scileanna Smaointeoireachta" le

of the ETI and CCEA and their advice has informed the preparation of the materials.

Valuable assistance has been given by experts within the Ulster-Scots community. It is hoped that as the pace of production of materials increases in the coming months, further collaboration will take place between the Project Officers and individual Ulster-Scots specialising in language, history, music, singing, dance and other cultural activities.

At the end of 2002 the project was on target. The curriculum approach has been defined and an overall plan for its delivery has been set out under separate headings for each key stage and each area of the curriculum. Headings include Alphabet, Numbers, and Stories linking Ulster and Scotland, Ulster-Scots Anthologies, Ulster-Scots People, Impact on the Landscape, Music and Dance. Sample materials in each planned area have now been produced and have been seen by a range of experts. CCEA have suggested that they will cross reference the Ulster-Scots material into the lesson exemplars, which they will send out to schools as guidance for teachers implementing the Revised Northern Ireland Curriculum. This will encourage teachers to access Ulster-Scots Curriculum activities for pupils. An example might be the referencing of Burns Day festivities to exemplify a "Celebration" in the "Personal Development" section of the Northern Ireland Curriculum.

In conclusion, much has been achieved but it is recognised that the Project Officers have a busy period ahead completing the preparation of the planned materials in time for 31st August. A publication and dissemination phase is planned for September 2003 – August 2004. Launching in schools is scheduled for September 2004.

daltaí "ag déanamh bainistíochta ar a bhfoghlaim féin" agus iad ina "bhfoghlaimeoirí neamhspleácha" curtha san áireamh i ndearadh na n-ábhar. Taispeánadh ábhair shamplacha do bhaill an ETI agus an CCEA, agus cuireadh a gcuid tuairimí san áireamh i réiteach na n-ábhar.

Thug saineolaithe laistigh den phobal Ultach-Albanach cúnamh luachmhar. De réir mar a thagann méadú ar ghluais táirgthe ábhar sna míonna romhainn, táthar ag súil go mbeidh comhoibriú sa bhreis idir Oifigigh an Tionscadail agus na saineolaithe Ultach-Albanacha i réimsí na teanga, na staire, an cheoil, na hamhránaíochta, an rince agus gníomhaíochtaí cultúrtha eile.

Ag deireadh 2002 bhí an tionscadal de réir sprice. Rinneadh cur chuige an churaclaim a shainiú, agus leagadh plean foriomlán amach le haghaidh a sheachadta faoi cheannteidil éagsúla do gach ceann de phríomhchéimeanna agus de phríomhréimsí an churaclaim. I measc na gceannteideal tá: Aibítir, Uimhreacha, agus Scéalta ag ceangal cúige Uladh agus Alban, Díolamaí Ultach-Albanacha, Albanaigh Uladh, Tionchar ar an Tírdhreach, Ceol agus Rince. Tá ábhair shamplacha táirgthe anois i ngach ceann de na réimsí pleanáilte, agus iad feicthe ag raon saineolaithe. Mhol an CCEA go ndéanfaidh siad an t-ábhar Ultach-Albanach a chrosthagairt sna heiseamláirí ceachta, a sheolfaidh siad chuig scoileanna mar threoir do mhúinteoirí i gcur i bhfeidhm Churaclam Athbhreithnithe Thuaisceart Éireann. Tabharfaidh sé seo spreagadh do mhúinteoirí teacht ar ghníomhaíochtaí curaclaim Ultach-Albanacha do dhaltaí, m.sh. tagairt a dhéanamh d'féile Lá Burns mar eiseamláir de "Ceiliúradh" sa rannán "Forbairt Phearsanta" de Churaclam Thuaisceart Éireann.

Mar chonclúid, tá cuid mhór bainte amach ach aithnítear go bhfuil tréimhse ghnóthach roimh Oifigigh an Tionscadail agus réiteach na n-ábhar pleanáilte á chur i gcrích acu in am don 31 Lúnasa. Tá pas foilsithe agus scaipthe pleanáilte do Mheán Fómhair 2003 – Lúnasa 2004, agus tá sé leagtha amach go seolfar na hábhair i scoileanna i mí Mheán Fómhair 2004.

Financial Statements of The North/South Language Body 2002

Ráitis Airgeadais an Fhorais Teanga 2002

Acoonts o Tha Boord o Leid 2002

Financial Statements for the year ended 31 December 2002

CONTENTS **PAGE**

FOREWORD TO CONSOLIDATED ACCOUNTS	3
STATEMENT OF RESPONSIBILITIES	7
STATEMENT OF INTERNAL FINANCIAL CONTROL	8
CERTIFICATE OF THE COMPTROLLERS AND AUDITORS GENERAL	10
CONSOLIDATED INCOME AND EXPENDITURE ACCOUNT	12
CONSOLIDATED BALANCE SHEET	13
CONSOLIDATED CASH FLOW STATEMENT	14
NOTES TO CONSOLIDATED ACCOUNTS	15
APPENDIX 1 - FORAS NA GAEILGE – ACCOUNTS AND NOTES TO THE ACCOUNTS	29
APPENDIX 2 - ULSTER-SCOTS AGENCY – ACCOUNTS AND NOTES TO THE ACCOUNTS	42
APPENDIX 3 – ACCOUNTS DIRECTION	54

Ráitis Airgeadais don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2002

CLÁR **LEATHANACH**

RÉAMHRÁ LEIS NA CUNTAIS CHOMHDHLÚITE	3
RÁITEAS I LEITH FREAGRACHTAÍ	7
RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚCHÁN INMHEÁNACH AIRGEADAIS	8
DEIMHNIÚ NA nARD-REACHTAIRÍ CUNTAS AGUS CISTE	10
CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS COMHDHLÚITE	12
CLÁR COMHARDAITHE COMHDHLÚITE	13
RÁITEAS COMHDHLÚITE FAOI SHREABHADH AIRGID	14
NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA CUNTAIS CHOMHDHLÚITE	15
AGUISÍN 1 FORAS NA GAEILGE – CUNTAIS AGUS NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA CUNTAIS	29
AGUISÍN 2 – THA BORD O ULSTÉR-SCOTCH- CUNTAIS AGUS NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA CUNTAIS	42
AGUISÍN 3 - TREOIR DO CHUNTAIS	54

FOREWORD TO CONSOLIDATED ACCOUNTS

Background Information

The Language Body is a North / South Implementation Body sponsored by the Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs (DCRGA) and the Department of Culture, Arts and Leisure (DCAL). It was established on the 2nd December 1999 under the British-Irish Agreement establishing implementation bodies, which is underpinned by the British-Irish Agreement Act 1999 and the North/South Co-operation (Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order 1999. It reports to the North/South Ministerial Council (NSMC).

The Language Body comprises Foras na Gaeilge and the Ulster-Scots Agency. Foras na Gaeilge has the principal function of the promotion of the Irish language on an all-Ireland basis. The principal function of the Ulster-Scots Agency is the promotion of greater awareness and use of Ullans and of Ulster-Scots cultural issues, both within Northern Ireland and throughout the island.

These accounts have been prepared in accordance with the Accounts Direction attached at Appendix 3.

The financial arrangements applicable to the body are set out in Part 7 of Annex 2 to the Agreement establishing Implementation Bodies. The accounts are prepared in a form directed by the Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs and the Department of Culture, Arts and Leisure, with the approval of the Finance Departments as provided for in The Language Body's Financial Memorandum, and the Annual Report and Accounts Guidance provided by the Department of Finance and the Department of Finance and Personnel.

Business Overview

A review of the activities of Foras na Gaeilge and the Ulster-Scots Agency are provided in their respective Annual Reports.

Results for the financial year ended 31 December 2002

The results of The Language Body are set out in detail on page 12. The deficit for the year was €227,738 (STG£143,475).

The results of Foras na Gaeilge are set out in detail in Appendix 1. The deficit for the year was €128,757 (STG£81,117).

The results of the Ulster-Scots Agency are set out in detail in Appendix 2. The deficit for the year was €98,981 (STG£62,358).

Fixed Assets

Details of the movements of fixed assets are set out in Note 8 to the consolidated accounts.

Research and Development

Foras na Gaeilge participated in research and development activities in partnership with other organisations during the 2002 financial year. This participation principally involved the provision of funding under Foras na Gaeilge's grant schemes. These activities included the following:

Community and Business

- Foras na Gaeilge commissioned research in relation to services available to young people under the age of 18 (both North and South) through the medium of Irish. Recommendations arising from this research were published in 2003.

RÉAMHRÁ LEIS NA CUNTAIS CHOMHDHLÚITE

Faisnéis Chúlra

Is Comhlacht Forfheidhmithe Thuaidh / Theas é an Foras Teanga agus tá sé urraithe ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (RGPTG) agus an Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta (RCEF). Bunaíodh é an 2 Nollaig 1999 faoi Chomhaontú na Breataine-na hÉireann lenar bunaíodh comhlachtaí forfheidhmithe, comhaontú a bhfuil an tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann agus an North/South Cooperation (Implementation Bodies) (Northern Ireland) Order 1999 mar bhonn faoi. Tuairiscíonn sé don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT).

Tá an Foras Teanga comhdhéanta d'Fhoras na Gaeilge agus Tha Boord o Ulstèr-Scotch. Is é príomhfheidhm Fhoras na Gaeilge an Ghaeilge a chur chun cinn ar bhonn uile-oileánda. Is é príomhfheidhm Tha Boord o Ulstèr-Scotch eolas níos fearr faoi Ultais agus úsáid Ultaise agus saincheisteanna cultúir Ultach-Albanacha a chur chun cinn, laistigh de Thuaisceart Éireann agus ar fud an oileáin.

Ullmhaíodh na cuntais seo de réir na Treorach do Chuntais atá i gceangal leis seo in Aguisín 3.

Tá na socruithe airgeadais atá infheidhme i leith an chomhlachta leagtha amach i gCuid 7 d'Iarscríbhinn 2 den Chomhaontú lena mbunaítear Comhlachtaí Forfheidhmithe. Tá na ráitis chuntas ullmhaithe i bhfoirm atá faoi threoir na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus na Roinne Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, le ceadú na Ranna Airgeadais; déantar foráil dó seo i Meamram Airgeadais an Fhorais Teanga, agus sa Treoir don Tuarascáil Bhliantúil agus na Cuntais Bhliantúla arna soláthar ag an Roinn Airgeadais agus an Roinn Airgeadais agus Pearsanra.

Forléargas ar Ghnó

Tugtar forléargas ar ghníomhaíochtaí Fhoras na Gaeilge agus Tha Boord o Ulstèr-Scotch sna Tuarascálacha Bliantúla acu.

Torthaí don bhliain airgeadais dár chríoch 31 Nollaig 2002

Tá torthaí an Fhorais Teanga leagtha amach go mionchruinn ar leathanach 12. Ba é €227,738 (STG£143,475) an t-easnamh don bhliain.

Tá torthaí Fhoras na Gaeilge leagtha amach go mionchruinn in Aguisín 1. Ba é €128,757 (STG£81,117). an t-easnamh don bhliain.

Tá torthaí Tha Boord o Ulstèr-Scotch leagtha amach go mionchruinn in Aguisín 2. Ba é €98,981 (STG£62,358) an t-easnamh don bhliain.

Sócmhainní Seasta

Tá mionsonraí faoi ghluaiseachtaí sócmhainní seasta leagtha amach i Nóta 8 a ghabhann leis na cuntais chomhdhlúite.

Taighde agus Forbairt

Bhí Foras na Gaeilge páirteach i ngníomhaíochtaí taighde agus forbartha i gcomhar le heagraíochtaí eile i rith na bliana airgeadais 2002. Bhain an páirtíocht seo, go príomhdha, le maoiniú a chur ar fail faoi scéimeanna deontais Fhoras na Gaeilge. Bhí cuid de na gníomhaíochtaí seo a leanas san áireamh:

Pobal agus Gnó

- Choimisiúnaigh Foras an Gaeilge taighde maidir leis na seirbhísí a bhí ar fáil do dhaoine óga faoi ocht mbliana déag d'aois (Thuaidh agus Theas) trí mhéan na Gaeilge. Foilsíodh moltaí ag eascairt as an taighde seo i 2003.

- Foras na Gaeilge, in conjunction with the Ultach Trust, the Ulster-Scots Agency and the Arts Council of Northern Ireland commissioned research regarding the status of the Arts through the medium of Irish and Ulster-Scots in Northern Ireland. This research was carried out by consultants in 2001/2002 and was published in 2003. Copies of the findings are available from the Arts Council of Northern Ireland.

Education

- Foras na Gaeilge funded research carried out by Fiontar, Dublin City University of electronic teaching and learning aids being used in Europe that could be adapted for the teaching and learning of Irish.

- Foras na Gaeilge also funded TG4's development of a multi-media package for intermediate level Irish language students.

The Ulster-Scots Agency did not participate in any research and development activities over the year.

Future Developments

A 10 year Strategic Development Plan (2001 – 2011) was submitted to and approved by the North/South Ministerial Council in June 2001. This Strategic Development Plan contained recommendations regarding governance within Foras na Gaeilge and appropriate organisational structures which were implemented in 2001.

The North/South Ministerial Council approved, in principle, the recommendations made in the Strategic Development Plan regarding Foras na Gaeilge's staffing structure. The Strategic Development Plan recommended a total cohort of 65 employees for Foras na Gaeilge. Recruitment for 13 key posts recommended in the Strategic Development Plan commenced in 2003 and 7 of these posts were filled in early 2004.

The 2001 – 2011 Strategic Development Plan was supplemented in early 2004 with a Business Plan (2005) and a Corporate Plan (2005—2007), which have both been submitted for approval to DCRGA and DCAL.

The main development in the Ulster-Scots Agency in 2003 was the commencement of a Linguistic Development Project.

Important events occurring after the Year End

There have been no significant events since 31 December 2002 which would affect these accounts.

Charitable Donations

Neither Foras na Gaeilge nor the Ulster-Scots Agency made any charitable donations during the financial year ended 31 December 2002.

Board Members

The functions of Foras na Gaeilge and the Ulster-Scots Agency are exercised by the respective Boards.

- Choimisiúnaigh Foras na Gaeilge, i gcomhar le Iontaobhas Ultach, Tha Boord o Ulstèr- Scotch agus Comhairle Ealaíon Tuaisceart Éireann taighde i leith stádas na nEalaíon trí mheán na Gaeilge agus na hUltaise i dTuaisceart Éireann. Rinne comhairleoirí an taighde seo i 2001/2002 agus foilsíodh é i 2003. Tá cóipeanna ar fáil ó Chomhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann.

Oideachas

- Mhaoinigh Foras na Gaeilge taighde a rinne Fiontar, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ar áiseanna leictreonacha do múineadh agus d'fhoghlaim atá á usáid san Eoraip a d'fhéadfaí a athmhúnlú do mhúineadh agus d'fhoghlaim na Gaeilge.

- Thug Foras na Gaeilge maoiniú freisin do TG4 chun pacáiste ilmheán a fhorbairt do scoláirí Gaeilge ag an dara leibhéal.

Níor ghlac an Ghníomhaireacht Ultais-Albanach páirt in aon ghníomhaíochtaí taighde agus forbartha i rith na bliana.

Forbairtí sa Todhchaí

Cuireadh Plean Forbartha Straitéisí deich mbliana (2001 - 2011) faoi bhráid na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas agus ceadaíodh é i Meitheamh 2001. Bhí moltaí sa Phlean seo i leith chúrsaí rialacháin agus struchtúir chuí eagraíochtúla agus cuireadh iadsan i bhfeidhm i 2001.

Cheadaigh an Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas, i bprionsabal, na moltaí a rinneadh sa Phlean Forbartha Straitéisí i leith struchtúr foirne Fhoras na Gaeilge. Mhol an Plean foireann iomlán de 65 d'Fhoras na Gaeilge. Tosaíodh i 2003 ar fheachtas earcaíochta i leith na 13 eocharphost nua a luadh sa Phlean Forbartha Straitéisí agus líonadh 7 gcinn de na poist seo i dtús 2004. Ta an próiseas earcaíochta do na poist eile ar siúl i gcónaí.

Foriomlánaíodh Plean Forbartha Straitéisí (2001 - 2011) le Plean Gnó (2005) agus Plean Corparáideach (2005 2007) a cuireadh faoi bhráid an RGPTG agus an RCEF.

Tá Tha Boord o Ulstèr-Scotch tar éis aontú ar mhaoiniú a chur ar fáil do bhunú Institiúid Léinn Ultach-Aitanaigh in Ollscoil Uladh, Mag Aoidh.

Nithe tábhachtacha a tharla tar éis Dheireadh na Bliana
Níor tharla aon ní suntasach ó 31 Nollaig 2002 i leith a dhéanfadh difear do na cuntais seo.

Deonacháin Charthanúla
Ní dhearna Foras na Gaeilge ná Tha Boord o Ulstèr-Scotch aon deonacháin charthanúla i rith na bliana airgeadais dár chríoch 31 Nollaig 2002.

Comhaltaí Boird
Is iad an dá bhord faoi seach a chuireann feidhmeanna Fhoras na Gaeilge agus Tha Boord o Ulstèr- Scotch i gcrích.

Foras na Gaeilge
The following served as board members of Foras na Gaeilge during the period:

Maighréad Uí Mháirtín (Chairperson)
Jacqueline Ní Fhearghusa (Completed term on 12 December 2002)
Liam Corey
Ann Craig
Aodán Mac Póilin
Gearóid Mac Siacais
Gordon McCoy
Patsy McGlone
Treasa Ní Ailpín
Maolsheachlainn Ó Caollaí
Leachlain Ó Catháin
Liam Ó Cuinneagáin (Completed term on 12 December 2002)
Pádraig Ó Duibhir
Gearóid Ó hEara
Seamus Ó Tonnaigh (RIP 16 January 2002)
Bríd Uí Néill
Mairéad Nic Seaghain (Appointed 15 April 2002)
Diarmuid Ó Murchú (Appointed 13 December 2002)
Caitríona Ní Cheallaigh (Appointed 13 December 2002)

The Chief Executive is Seosamh Mac Donncha who took up position on 1 February 2002.

Ulster-Scots Agency
The following served as board members during the period:

Lord Laird (Chairman)
John Erskine (completed term on 12 December 2002)
Eddie O'Donnell
Jim Devenney
Dr Philip Robinson (resigned 22 July 2002)
John McIntyre (completed term on 12 December 2002)
Dr Linde Lunney
Pat Wall
Alastair Simpson (appointed on 13 December 2002)
Robert Stoker (appointed on 13 December 2002)

Payment to Suppliers

Both Foras na Gaeilge and the Ulster-Scots Agency are committed to the prompt payment of bills for goods and services received in accordance with the UK Late Payment of Commercial Debts (Interest) Act 1998, and the Irish Prompt Payment of Accounts Act, 1997. Unless otherwise stated in the contract, payment is due within 30 or 45 days, as appropriate, of the receipt of the goods or services, or presentation of a valid invoice or similar demand, whichever is later.

There was no system in place during 2002 to review compliance with the prompt payment regulations. It is intended that an appropriate system will be implemented to address the reporting of prompt payments.

Health & Safety policy

Foras na Gaeilge has a draft Health & Safety policy in place. Foras na Gaeilge's Health and Safety practices have been assessed and a safety statement for the body is currently being prepared in accordance with the Safety, Health and Welfare at Work Act 2005.

Foras na Gaeilge
D'fhóin na daoine seo a leanas mar chomhaltaí boird de chuid Fhoras na Gaeilge i rith na tréimhse:

Maighréad Uí Mháirtín (Cathaoirleach)
Jacqueline Ní Fhearghusa (Téarma críochnaithe 12 Nollag 2002)
Liam Corey
Ann Craig
Aodán Mac Póilin
Gearóid Mac Siacais
Gordon McCoy
Patsy McGlone
Treasa Ní Ailpín
Maolsheachlainn Ó Caollaí
Leachlain Ó Catháin
Liam Ó Cuinneagáin (Téarma críochnaithe ar 12 Nollaig 2002)
Pádraig Ó Duibhir
Gearóid Ó hEara
Seamus Ó Tonnaigh (Bhásaigh ar an 16 Eanair 2002)
Bríd Uí Néill
Mairead Nic Seaghain (Ceaptha 15 Aibreán 2002)
Diarmuid Ó Murchú (Ceaptha 13 Nollaig 2002)
Caitríona Ní Cheallaigh (Ceaptha 13 Nollaig 2002)

Chuaigh an Príomhfheidhmeannach Seosamh Mac Donncha i mbun a phoist 1 Feabhra 2002.

Tha Boord o Ulstèr-Scotch
D'fhóin na daoine seo a leanas mar chomhaltaí boird de chuid Tha Boord o Ulstèr-Scotch i rith na tréimhse:

Lord Laird (Cathaoirleach)
John Erskine (Téarma críochnaithe ar 12 Nollaig 2002)
Eddie O' Donnell
Jim Devenney
Dr Philip Robinson (d'éirigh as 22 Iúil 2002)
John McIntyre (Téarma críochnaithe ar 12 Nollaig 2002)
Dr Linde Lunney
Pat Wall
Alastair Simpson (Ceaptha 13 Nollaig 2002)
Robert Stoker (Ceaptha 13 Nollaig 2002)

Íocaíocht le Soláthraithe

Tá Foras na Gaeilge agus Tha Boord o Ulstèr-Scotch araon tiomanta d'íoc pras billí le haghaidh earraí agus seirbhísí a fhaightear de réir an Late Payment of Commercial Debts (Interest) Act, 1998, de chuid na Ríochta Aontaithe, agus an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, de chuid na hÉireann. Mura ndeirtear a mhalairt sa chonradh, bíonn íocaíocht dlite laistigh de 30 nó 45 lá, de réir mar is cuí, ón am a bhfaightear na hearraí nó na seirbhísí, nó ón am a gcuirtear sonrasc nó éileamh bailí den sórt céanna i láthair, cibé acu is déanaí.

Ní raibh aon chóras i bhfeidhm i rith 2002 chun athbhreithniú a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialachán um íoc pras. Tá sé i gceist go bhforfheidhmeofar córas cuí chun aghaidh a thabhairt ar thuairisciú íocaíochtaí prasa.

Beartas Sláinte agus Sábháilteachta

Tá dréachtbheartas Sláinte agus Sábháilteachta i bhfeidhm ag Foras na Gaeilge. Rinneadh measúnú ar chleachtais Sláinte agus Sábháilteachta Fhoras na Gaeilge agus tá ráiteas sábháilteacha don eagraíocht á ullmhú de réir An Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.

The Ulster-Scots Agency prepared a circular to provide guidance for all staff in connection with the evacuation procedures and security arrangements for premises occupied by the body. This information has been provided to each individual member of staff and instructions are posted in a prominent position in the building. The Agency is developing a Health and Safety policy.

Disabled Employees

During 2002, none of Foras na Gaeilge's employees declared that they had a disability under the definitions of the Disability Discrimination Act 1995.

The Ulster-Scots Agency is developing an Equal Opportunities Policy statement including provision for disabled employees.

Equality policy

It is the Board's policy is to comply fully with Equality Legislation in both jurisdictions. Recruitment is based on the ability of the candidate to perform the job. Full and fair consideration is given to applications for employment from all minority groups, including the disabled, where they have the appropriate skills and abilities to perform the job. Is disablement occurs during employment, the Board's policy is to make every effort to ensure the availability of adequate retraining, or if applicable, to help source alternative employment.

Employee involvement

Foras na Gaeilge employees were members of various trade unions during 2002, namely, SIPTU, IMPACT, CPSU, PSEU and UNISON. No labour relations difficulties arose during the period. Throughout the period employees were regularly advised of any new developments and consulted upon through formal and informal meetings, courses and briefings where staff were given every opportunity to contribute or comment on any new procedures and policies.

The Ulster-Scots Agency did not have any permanent employees during the period. However, staff were consulted at all times as new procedures and policies are developed and they have an opportunity to contribute or comment.

George Patton
[Chief Executive - Ulster-Scots Agency] 13 December 2006

Ferdie Mac an Fhailigh
[Chief Executive - Foras na Gaeilge] 13 December 2006

D'ullmhaigh Tha Boord o Ulstèr-Scotch ciorcalán chun treoir a thabhairt don fhoireann go léir maidir le gnásanna aslonnúcháin agus socruithe slándála le haghaidh áitreamh a mbíonn an comhlacht iontu. Cuireadh an fhaisnéis sin ar fáil do gach comhalta foirne agus tá treoracha crochta in airde in áit fheiceálach san fhoirgneamh. Tá beartas Sláinte agus Sábháilteachta á ullmhú ag an nGníomhaireacht.

Fostaithe faoi Mhíchumas

Le linn 2002, níor fhógair éinne d'oibrithe Fhoras na Gaeilge go raibh míchumas orthu de réir na sainmhínithe sa Disability Discrimination Act 1995.

Tá Ráiteas Beartais Chomhdheiseanna, lena n-áirítear foráil le haghaidh fostaithe míchumasacha, á fhorbairt ag Tha Boord o Ulstèr-Scotch.

Beartas Comhionannais

Tá sé mar pholasaí ag an bhForas Teanga cloí le go hiomlán le Reachraíocht Comhionannais sa dá dhlínse. Déantar earcaíocht bunaithe ar chumas an iarrthóra dualgais an phost a chomhlíonadh. Déantar measúnú iomlán agus cothrom ar iarratais ar earcaíocht ó na grúpaí uile mionlaigh, daoine ar mhíchumas san áireamh, nuair a bhíonn na scileanna agus na hábaltachtaí cuí acu chun an post a dhéanamh. Má tharlaíonn sé gur le linn na fostaíochta a tharlaíonn an míchumas is é polasaí an Bhoird gach iarracht a dhéanamh chun athoiliúint a chur ar fáil nó, má bhaineann sé le cás, cabhair a chur ar fáil chun malairt fostaíochta a aimsiú.

Rannpháirtíocht fostaithe

Bhí fostaithe de chuid Fhoras na Gaeilge mar bhaill de cheardchumainn éagsúla i rith 2002: SIPTU, IMPACT, CPSU, PSEU agus UNISON. Ní raibh aon deacrachtaí ó thaobh caidrimh thionscail i rith na tréimhse. Coinníodh, ar feadh na tréimhse, na fostaithe ar an eolas faoi fhorbairtí nua agus chuathas i gcomhairle leo i gcruinnithe foirmiúla agus neamhfhoirmiúla ag cúrsaí agus ag seisiúin eolais nuair a bhí deis acu cur le nó trácht ar aon nós imeachta nó aon pholasaí nua.

Ní raibh aon fhostaithe buana ag Tha Boord o Ulstèr-Scotch le linn na chéad bhliana dá hoibriúchán. Téitear i gcomhairle i gcónaí, áfach, leis an bhfoireann de réir mar a fhorbraítear nósanna imeachta agus beartais nua agus bíonn deis acu inchur a dhéanamh nó tuairim a nochtadh ina leith.

George Patton
[Príomhfheidhmeannach - Tha Boord o Ulstèr-Scotch] 13 Nollaig 2006

Ferdie Mac an Fhailigh
[Príomhfheidhmeannach - Foras na Gaeilge] 13 Nollaig 2006

STATEMENT OF RESPONSIBILITIES

Statement of Responsibilities for Foras na Gaeilge and Ulster-Scots Agency

The Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs and the Department of Culture, Arts and Leisure have directed the Language Body to prepare a statement of accounts for each financial year in the form and on the basis set out in the accounts direction at Appendix 3 to these accounts. The accounts are prepared on an accruals basis and must give a true and fair view of the Body's state of affairs at the year end and of its income and expenditure, recognised gains and losses, and cash flows for the financial year.

In preparing the accounts the Body is required to:

- Observe the accounts direction issued by the Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs and the Department of Culture, Arts and Leisure, including the relevant accounting and disclosure requirements, and apply accounting policies on a consistent basis;
- Make judgements and estimates on a reasonable basis;
- State whether applicable accounting standards have been followed and disclose and explain any material departures in the accounts;
- Prepare the accounts on a going concern basis, unless it is inappropriate to presume that the Body will continue in operation.

The Language Body requires Foras na Gaeilge and Ulster-Scots Agency to keep proper accounts and financial records and to prepare a statement of accounts in respect of each year.

Responsibilities of the Accountable Persons

The responsibilities of the Chief Executives, as the Accountable Persons for Foras na Gaeilge and the Ulster-Scots Agency, including responsibility for the propriety and regularity of the public finances and for the keeping of proper records, are set out in the Financial Memorandum of the respective organisations.

Ferdie Mac an Fhailigh
[Chief Executive - Foras na Gaeilge] 13 December 2006

George Patton
[Chief Executive - Ulster-Scots Agency] 13 December 2006

RÁITEAS I LEITH FREAGRACHTAÍ

Freagrachtaí Fhoras na Gaeilge agus Tha Boord o Ulstèr- Scotch

Tá an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus an Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta tar éis treoir a thabhairt don Fhoras Teanga ráiteas cuntas a ullmhú i leith gach bliana airgeadais san fhoirm agus ar an mbonn atá leagtha amach sa treoir do chuntais in Aguisín 3 a ghabhann leis na cuntais seo. Ullmhaítear na cuntais ar bhonn fabhruithe agus caithfidh siad léargas fírinneach, féaráilte a thabhairt ar staid chúrsaí an Fhorais ag deireadh na bliana agus ar a ioncam agus a chaiteachas, a ghnóthachain agus a chaillteanais aitheanta, agus sreabhadh airgid don bhliain airgeadais.

Agus na cuntais á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar an bhForas:

- An treoir do na cuntais arna heisiúint ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus an Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta a chomhlíonadh, lena n-áirítear na ceanglais iomchuí maidir le cuntasaíocht agus nochtadh, agus beartais chuntasaíochta a chur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach;

- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh ar bhonn réasúnach;

- A dhearbhú cibé acu ar comhlíonadh nó nár comhlíonadh na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme agus aon neamhchomhlíonadh sna cuntais a mhíniú;

- Na cuntais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh, ach amháin i gcás nach cuí a thoimhdiú go leanfaidh an Foras Teanga de bheith i bhfeidhm.

Ceanglaíonn an Foras Teanga ar Fhoras na Gaeilge agus ar Tha Boord o Ulstèr-Scotch cuntais agus taifid airgeadais chearta a choimeád agus ráiteas cuntas a ullmhú i leith gach bliana.

Freagrachtaí na nDaoine Cuntasacha

Leagtar amach i Meamram Airgeadais na n-eagraíochtaí faoi seach na freagrachtaí atá ar na Príomhfheidhmeannaigh, ó tharla gurb iadsan na Daoine Cuntasacha d'Fhoras na Gaeilge agus do Tha Boord o Ulstèr-Scotch, lena n-áirítear a bhfreagracht as cuibheas agus rialtacht an airgeadais phoiblí agus as taifid chearta a choimeád.

Ferdie Mac an Fhailigh
[Príomhfheidhmeannach - Foras na Gaeilge] 13 Nollaig 2006

George Patton
[Príomhfheidhmeannach - Tha Boord o Ulstèr-Scotch] 13 Nollaig 2006

STATEMENT OF INTERNAL FINANCIAL CONTROL
Foras na Gaeilge

Responsibility for the System of Internal Financial Control

As Chief Executive Officer of Foras na Gaeilge, I acknowledge my responsibility for ensuring that an effective system of internal financial control is maintained and operated.

The system can only provide reasonable and not absolute assurance that assets are safeguarded, transactions are authorised and properly recorded, and that material errors or irregularities are either prevented or would be detected in a timely period.

Key Control Procedures

The system of internal financial control operated is based on detailed administrative procedures, segregation of duties, specific authorisations and monthly management review of reports outlining the actual and budgeted results of programmes operated by Foras na Gaeilge. In particular it includes:

- An established organisation structure with clearly defined lines of responsibility.
- The appointment of a qualified accountant who is responsible for the financial procedures of the Organisation and who reports to the Director of Corporate Services.
- A professionally qualified Internal Auditor who monitors compliance with policies and procedures and the effectiveness of internal controls within the Organisation. The internal auditor reports simultaneously to the Chairman of the Audit Committee and the Chief Executive Officer.
- An Audit Committee consisting of three Board members (one of whom acts as Chairperson), and two external appointees which meets approximately four times each year to review the internal auditor's reports.

The Audit Committee was established in March 2002 and an Internal Auditor was appointed in March 2003.

Annual Review of Controls

Foras na Gaeilge is committed to operating an efficient, effective and economic internal control system. No formal review of the effectiveness of the system of internal financial control took place during the period. A review of the internal structures of the organization and of the effectiveness of the internal financial controls for the year 2002 was completed in 2004.

The Board will monitor and review the effectiveness of the system of internal control, informed by the work of the Internal Auditor, the Audit Committee which oversees the work of the Internal Auditor, the corporate managers within Foras na Gaeilge who have responsibility for the development and maintenance of the financial control processes.

Ferdie Mac an Fhailigh
[Chief Executive – Foras na Gaeilge] 13 December 2006

RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚCHÁN INMHEÁNACH AIRGEADAIS
Foras na Gaeilge

Freagracht as an gCóras Rialúcháin Inmheánaigh Airgeadais
Mar Phríomhfheidhmeannach ar Fhoras na Gaeilge, admhaím an fhreagracht atá orm deimhin a dhéanamh de go ndéantar córas éifeachtúil rialúcháin inmheánaigh airgeadais a choimeád agus a fheidhmiú.

Ní féidir leis an gcóras urrús absalóideach a thabhairt ach urrús réasúnach go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go dtabharfaí iad faoi deara in achar tráthúil ama.

Eochairnósanna Imeachta Rialúcháin
An córas rialúcháin inmheánaigh airgeadais atá i bhfeidhm, tá sé bunaithe ar nósanna imeachta mionchruinne riaracháin, leithscaradh dualgas, údaruithe sainiúla agus athbhreithniú míosúil ag an lucht bainistíochta ar thuarascálacha ina dtugtar cuntas ar thorthaí iarbhír agus torthaí buiséadaithe na gclár a bhíonn á bhfeidhmiú ag Foras na Gaeilge. Áirítear go háirithe:

- Struchtúr fuaimintiúil eagraíochtúil, le línte soiléire freagrachtaí.

- Ceapadh cuntasóra cháilithe atá freagrach as nósanna imeachta airgeadais na heagraíochta agus a thuairiscíonn don Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha.

- Iniúchóir Inmheánach atá cáilithe go gairmiúil a dhéanann monatóireacht ar chomhlíonadh na mbeartas agus na nósanna imeachta agus éifeachtúlacht na rialachán inmheánach laistigh den eagraíocht. Tuairiscíonn an tIniúchóir Inmheánach do Chathaoirleach an Choiste Iniúchta agus don Phríomhfheidhmeannach san am céanna.

- Coiste Iniúchta déanta suas de trí chomhalta Boird (duine acu mar Chathaoirleach), agus beirt a cheaptar go seachtrach a bhuaileann le chéile timpeall ceithre uair gach bliain chun athbhreithniú a dhéanamh ar thuairiscí an Iniúchóra Inmheánaigh.

Bunaíodh Coiste Iniúchta i Mí an Mhárta 2002 agus ceapadh Iniúchóir Inmheánach i Mí an Mhárta 2003.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialúcháin
Tá Foras na Gaeilge tiomanta do chóras rialúcháin inmheánaigh a fheidhmiú atá éifeachtúil, éifeachtach agus eacnamaíoch. Ní dhearnadh aon athbhreithniú foirmiúil ar éifeachtúlacht an chórais rialúcháin inmheánaigh airgeadais i rith na tréimhse. Sa bhliain 2004 rinneadh athbhreithniú ar struchtúir inmheánacha na heagraíochta agus ar éifeachtúlacht na rialúchán inmheánach airgeadais don bhliain 2002.

Déanfaidh an Bord monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais maidir le rialachán inmheánach, faoi réir obair an Iniúchóra Inmheánach agus an Choiste Iniúchta a dhéanann maoirseacht ar obair an Iniúchóra Inmheánaigh agus na mbainisteoirí corparáideacha laistigh d'Fhoras na Gaeilge a bhfuil dualgas orthu d'fhorbairt agus do dheimhniú na bpróiseas rialacháin airgeadais.

Ferdie Mac an Fhailigh 13 Nollaig 2006
[Príomhfheidhmeannach - Foras na Gaeilge]

STATEMENT OF INTERNAL FINANCIAL CONTROL

Ulster-Scots Agency

As Accountable Person, I acknowledge my responsibility for ensuring that an effective system of internal financial control is maintained and operated by the Ulster-Scots Agency. For the year 2002 such a system had not been developed.

The Ulster-Scots Agency did not have an internal audit unit. The Internal Audit function was outsourced in 2002. The absence of internal controls led to serious weaknesses in procedures. These weaknesses included absence of prior approval to expenditure, lack of separation of duties, absence of authorisation and approval procedures, and travel and hospitality guidelines. Action has subsequently been taken to address these weaknesses and appropriate procedures are in place.

George Patton
[Chief Executive - Ulster-Scots Agency] 13 December 2006

RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚCHÁN INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Tha Boord o Ulstèr-Scotch

Mar Dhuine Cuntasach, admhaím an fhreagracht atá orm deimhin a dhéanamh de go ndéanann Tha Boord o Ulstèr-Scotch córas éifeachtúil rialúcháin inmheánaigh airgeadais a choimeád agus a fheidhmiú. Ní raibh córas den sórt sin forbartha don bhliain 2002.

